








Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# An Coiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

Athchóiriú na hArdteistiméireachta: an Gá atá le Sraith Shinsearach Nua

Bealtaine 2022

# Joint Committee on Education, Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

Leaving Certificate Reform: the Need for a New Senior Cycle

May 2022

## NA COMHALTAÍ



Rose Conway-Walsh TD
Sinn Féin



Alan Farrell TD
Fine Gael



Paul Kehoe TD
Fine Gael (Cathaoirleach)



Carol Nolan TD
Neamhspleách



Jim O'Callaghan TD
Fianna Fáil.



Marc Ó Cathasaigh TD
An Comhaontas Glas



Donnchadh Ó Laoghaire
TD Sinn Féin



Aodhán Ó Ríordáin TD
Páirtí an Lucht Oibre



Pádraig O'Sullivan TD
Fianna Fáil

| | | |
|---|---|---|
|  An Seanadóir Aisling Dolan<br>Fine Gael |  An Seanadóir Eileen Flynn<br>Neamhspleách |  An Seanadóir Rónán Mullen<br>Neamhspleách |
|  An Seanadóir Fiona O’Loughlin<br>Fianna Fáil (Leas-Chathaoirleach) |  An Seanadóir Pauline O’Reilly<br>An Comhaontas Glas | |

# RÉAMHFHOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH



D'aithin an Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht go bhfuil an tSraith Shinsearach reatha in oideachas na hÉireann go mór as dáta. D'aithin sé *Athchóiriú na hArdteistiméireachta agus an Gá le Sraith Shinsearach Nua* mar phríomh-shaincheist tosaíochta.

Chomhaontaigh an Comhchoiste tuarascáil a chur ar fáil tar éis na príomh-Mhodúil seo a leanas a bheith sainaitheanta aige:

- Roghanna Measúnachta
- Réimsí Príomhábhar agus An Fhoghlaim Dhigiteach
- Rochtain, Comhionannas agus Tacaí d'Fholláine
- Riachtanais Ardoideachais agus Breisoideachais, Roghanna Gairme agus Cosáin Ghairme.
- An Ghaeilge agus an Gaeloideachas
- Fianaise agus Dea-Chleachtas Idirnáisiúnta

Chruthaigh paindéim Covid-19 athruithe ollmhóra sa chóras oideachais agus lean an Ardteistiméireacht ar aghaidh in ainneoin dúshláin thromchúiseacha. Tá an Coiste den tuairim láidir gurb é seo an t-am cuí anois chun athchóiriú ó bhonn a dhéanamh ar an tSraith Shinsearach ar mhaithe le scoláirí, múinteoirí agus, go deimhin, ar mhaithe leis an tsochaí i gcoitinne.

Lorg agus fuair an Coiste aighneachtaí i scríbhinn ó réimse leathan páirtithe leasmhara. Bhí caighdeán na fianaise a bhí bunaithe ar thorthaí taighde cuimsitheach, agus an t-eolas agus an léargas a cuireadh ar fáil, ina gcuidiú ollmhór agus an tuarascáil seo á hullmhú. Tá na haighneachtaí ar fáil in Aguisín 1 mar ábhar tagartha luachmhar.

Bhí cruinniú ag an gCoiste le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ceardchumainn ábhartha; comhlachtaí bainistíochta scoileanna; príomhchomhlachtaí reachtúla agus ionadaíocha; an tOmbudsman do Leanaí; eagraíochtaí a dhéileálann le tacaí folláine do dhaoine óga; agus, níos tábhachtaí ná aon rud eile, chualamar guthanna na ndaoine óga féin. Chabhraigh Emer Neville Uasal, Cathaoirleach, Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ADIBÉ); Clare Austick Uasal,

Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ); An tUasal Ryan Sharpe, dalta sa séú bliain sa Cork Life Centre; Amber Sheridan O'Callaghan Uasal, iar-dhalta de chuid an Cork Life Centre; agus an tUasal Hugh Ahern, dalta san Acadamh Phádraig, Mala, Contae Chorcaí, go mór leis an gCoiste trína ndearcthaí agus a dtaithí a roinnt.

Bhí cruinniú ag an gComhchoiste freisin le painéal saineolaithe acadúla Éireannacha agus idirnáisiúnta a thug treoir agus tacaíocht den scoth don Choiste. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin, Scoil an Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a chuir sainchomhairle ar fáil ag an tús agus a lean leis an gcomhpháirtíocht iontach idir an Comhchoiste agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le saincheisteanna tábhachtacha oideachais.

Tháinig an tUasal Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, os comhair an Choiste le príomhchomhlachtaí reachtúla atá faoi choimirce a Roinne.

Chuir Oifigigh Shinsearacha de chuid na Roinne Oideachais an Coiste ar an eolas freisin maidir le moltaí do thodhchaí Scrúdú na hArdteistiméireachta.

Ag eascairt as sin, scrúdaigh an Coiste an fhianaise a éisteadh agus na haighneachtaí a fuarthas agus dréachtaíodh an Tuarascáil seo ina bhfuil moltaí praiticiúla agus indéanta. Creideann an Coiste i ndáiríre gur féidir iad seo a chur i bhfeidhm gan mhoill agus go mbeidh tionchar bunathraitheach acu ar an tSraith Shinsearach.


Ní mór a rá go ndearnadh iarracht leis an Tuarascáil seo féachaint ar an tSraith Shinsearach ar bhealach iomlánaíoch seachas díriú isteach go cúng ar scrúdú na hArdteistiméireachta. Tá an Coiste den tuairim gur chóir do scoláirí an scoil a fhágáil le measúnú deiridh a léiríonn go hiomlán a gcuid iarrachtaí agus a gcumais. Ba chóir go dtabharfadh sé an mhuinín dóibh dul amach sa domhan mór agus iad bródúil as an méid atá bainte amach acu agus na scileanna saoil acu chun dul ar aghaidh chuig pé cosán sa saol a roghnaíonn siad.

Tá mé á rá anseo arís gurb iad na daoine óga ár dtodhchaí. Creidim gur gá é seo a rá arís anseo agus é a rá go neamhbhalbh. Tá an Coiste seo diongbháilte go mbeidh ról aige maidir leis an tSraith Shinsearach a athrú ó bhonn agus, leis sin, go gcuirfear bonn láidir faoin gcéad ghlúin eile mar shaoránaigh atá rannpháirteach i saol na tíre seo.

Tá an Coiste tiomanta do chinntiú go gcuirfear na moltaí seo i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir.

Ar an 10 Bealtaine 2022, aontaíodh go bhfoilseodh an Coiste an tuarascáil.

Iarrann an Comhchoiste freisin go mbeadh na saincheisteanna a ardaítear sa tuarascáil seo ina n-ábhar díospóireachta in dhá Theach an Oireachtais.



**Paul Kehoe T.D.,**

**Cathaoirleach,**

**An Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.**

**2022**

# Clár na nÁbhar


**NA COMHALTAÍ ..... 1**

**RÉAMHFHOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH ..... 3**

**ACHOIMRE FHEIDHMEACH ..... 8**

NA PRÍOMH-MHOLTAÍ ..... 11

**CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ ..... 14**

CÚLRA ..... 14
SAINCHEISTEANNA CÓRASACHA IN OIDEACHAS NA hÉIREANN A THÉANN I bhFEIDHM AR AN gCURACLAM ..... 16
MOLTAÍ ..... 20

**CAIBIDIL 2 ROGHANNA MEASÚNACHTA ..... 21**

MODHANNA MEASÚNACHTA ..... 26
MOLTAÍ ..... 36

**CAIBIDIL 3 NA RÉIMSÍ PRÍOMHÁBHAR AGUS AN FHOGHLAIM DHIGITEACH ..... 38**

RÉIMSÍ PRÍOMHÁBHAR ..... 38
AN FHOGHLAIM DHIGITEACH ..... 43
AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH (ATF) ..... 48
TEANGACHA IASACHTA ..... 51
EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT, INNEALTÓIREACHT AGUS MATAMAITIC (ETIM)
OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS) ..... 54
OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA (OCG) ..... 55
MOLTAÍ ..... 56

**CAIBIDIL 4 ROCHTAIN, COMHIONANNAS AGUS TACAÍOCHT D'FHOLLÁINE ..... 60**

ROCHTAIN AGUS ÉAGOTHROIME SAN OIDEACHAS ..... 60
SCOLÁIRÍ A bhFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU ..... 64
SCÉIMEANNA HEAR AGUS DARE ..... 66
COMHAIRLEOIRÍ GAIRMTHREORACH ..... 67
COMHAIRLEOIRÍ MOTHÚCHÁNACHA AGUS TEIRIPEACHA ..... 68
SOLÁTHAR LEABHARLANN SCOILE ..... 71
MOLTAÍ ..... 72

CAIBIDIL 5 AN GHAEILGE AGUS AN GAELOIDEACHAS ........ 74

LITRÍOCHT ........ 79
MEASÚNÚACHT ........ 81
TACAÍ TEAGAISC ........ 85
ROCHTAIN ........ 88
MOLTAÍ ........ 89

CAIBIDIL 6 RIACHTANAIS ARDOIDEACHAIS AGUS BREISOIDEACHAIS, ROGHANNA GAIRME AGUS COSÁIN GHAIRME ........ 91

MOLTAÍ ........ 99

CAIBIDIL 7 FIANAISE AGUS DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA ........ 101

AGUISÍN 1: LIOSTA AIGHNEACHTAÍ ........ 103

AGUISÍN 2: RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA ........ 106

## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Tá an tSraith Shinsearach reatha in oideachas na hÉireann i bhfad as dáta agus tá gá le Sraith Shinsearach atá athraithe go hiomlán seachas cóirithe a dhéanamh ar an scrúdú deiridh. Éileoidh sé seo athruithe suntasacha a thagann le domhan atá athraithe. Creideann an Coiste gur chóir ainm na hArdteistiméireachta a athrú go dtí an Teastas Sinsearach chun a léiriú gur Críoch-Theastas Gnóthachtála a bheidh ann agus scoláirí na Sraithe Sinsearaí ag bogadh ar aghaidh ar a dturas tríd an saol.

Tá tábhacht bhunúsach ag baint le siollabas gach Ábhair sa tSraith Shinsearach agus is é an bunús é ar ar féidir tacú le múinteoirí oideachas a chur ar a gcuid scoláirí. Is í an fhianaise ó phríomhpháirtithe leasmhara ná nach bhfuil an siollabas nua beartaithe sonraithe go soiléir le treoracha cuimsitheacha do mhúinteoirí. Ní mór don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú a dhéanamh ar na siollabais mar thosaíocht phráinneach chun a chinntiú go múintear scoláirí de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde.

Ba chóir rogha a bheith ag gach scoláire de chuid na Sraithe Sinsearaí Ábhair na hArdteistiméireachta Traidisiúnta agus Ábhair na hArdteistiméireachta Feidhmí a thógáil le chéile ionas gur féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar ábhair acadúla agus ábhair ghairmiúla araon. Tá géarghá leis an míchothromaíocht idir ábhair acadúla agus roghanna gairme a cheartú ionas go measfar go bhfuil an dá rud cothrom.

Tá comhaontú ann go gcaithfidh an tSraith Shinsearach bogadh ó scrúdú deiridh amháin go samhail hibrideach a chuimsíonn tascanna a dhéantar in imeacht na Sraithe Sinsearaí ina hiomláine. Moltar modúlú do gach ábhar, ina mbeadh 2 thasc scríofa in imeacht na Sraithe Sinsearaí. Lena chois sin, dhéanfadh na scoláirí cur i láthair ó bhéal ar an tasc agus thairgfí réimse leathan roghanna dóibh chun foghlaim fhéinstiúrtha a spreagadh. Bheadh scrúdú deiridh amháin ann ag deireadh na Sraithe Sinsearaí inar féidir le scoláirí a gcuid foghlama in imeacht na sraithe sinsearaí ina hiomláine a léiriú. Ba chóir Tascanna Idirbhliana a chur san áireamh i scéim mharcála na dtorthaí deiridh.

Is réimse é comhairleoireacht mhothúchánach, agus seirbhísí tacaíochta teiripeacha, bunaithe sa scoil, ina bhfuil Éire go mór ar gcúl le hais tíortha eile. D'fhéadfadh sé seo athrú ó bhonn a chruthú, go háirithe sa tSraith Shinsearach. Ba chóir go gcuirfí Comhairleoireacht Mhothúchánach agus Tacaí Teiripeacha ar fáil ar an láthair, de réir mar is gá, i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil

tríd an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) a bheadh athbhunaithe agus méadaithe.

Beidh scoláirí na Sraithe Sinsearaí ag baint úsáid shuntasach as seirbhísí leabharlainne scoile, mar gheall ar an líon níos mó Tascanna agus Oibre Tionscadail. Is áiteanna tearmainn iad leabharlanna a chuireann meabhairshláinte dhearfach chun cinn, agus a chuireann spás suaimhneach, sábháilte ar fáil. Ba chóir Leabharlann Scoile agus Leabharlannaí Scoile a bheith ag gach Bunscoil agus Iar-bhunscoil agus teacht iomlán acu ar an tSeirbhís Leabharlainne Digití Scoile.

Tá gá le hathbhreithniú cuimsitheach ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí, in éineacht le hathchóiriú ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sinsearaí**.** Ba cheart athbhreithniú breise a dhéanamh ar na Sonraíochtaí T1 agus T2 atá beartaithe sa Ghaeilge sa tSraith Shinsearach d'fhonn é a ailíniú le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Ba chóir don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *Tascfhórsa ar Áit a Bhaint Amach san Ardoideachas* a bhunú chun féachaint ar na riachtanais leibhéil iontrála chuig an oideachas tríú leibhéal amach anseo agus ba chóir go mbeadh an Lároifig Iontrála lárnach in athchóirithe struchtúracha ar bith.

Maidir le cosáin amach anseo, ba chóir don Churaclam scoláirí a ullmhú freisin do Phrintíseachtaí, do Bhreisoideachas agus do dhul isteach san Ionad Oibre, agus ról lárnach a bheith ag Comhairleoirí Gairmthreorach anseo.

I measc na moltaí eile tá:

- Tionól Náisiúnta Saoránach ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí
- Oiliúint éigeantach do mhúinteoirí ar Mhodúlú.
- Tuilleadh taighde chun bailíocht Measúnachtaí Féinstiúrtha Scoláirí a mheas.
- Measúnachtaí cainte agus éisteachta a dhíríonn ar líofacht cainte níos fearr.
- Sainghrúpaí Oibre ar *Nuatheangacha Iasachta* agus ar *Ábhair ETIM agus Rannpháirtíocht mhéadaithe na mBan.*
- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar Ábhar sa tSraith Shinsearach agus 2 rang in aghaidh na seachtaine d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).
- Iontráil dhíreach ag scoláirí Ardteistiméireachta Feidhmí chuig Institiúidí Ardoideachais.

- Tascanna agus scrúduithe deiridh a dhéanamh ar ríomhaire nó ar ghaireas cuí digiteach eile.
- Ranganna inniúlachta digití ón tSraith Shóisearach ar aghaidh.
- Tacaí folláine mar chuid lárnach den tSraith Shinsearach.
- *Tionscnamh Sruthaithe Ar Líne* ionas gur féidir le gach scoil ábhair a mhúineadh ag leibhéal Onóracha.
- Gaeilge Bonnleibhéil a choinneáil.
- Cainteoirí líofa Gaeilge a spreagadh chun áiteanna a ghlacadh i gcúrsaí teagaisc ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach.
- Cúrsaí fochéime a laghdú agus cinn iarchéime a mhéadú.
- Tabhairt isteach *Feachtas Cumarsáide do Phrintíseachtaí* agus *Laethanta Eolais faoi Phrintíseachtaí* a thabhairt isteach i ngach Iar-bhunscoil

## NA PRÍOMH-MHOLTAÍ

Seo thíos Deich bPríomh-Mholadh na Tuarascála, atá liostaithe de réir an oird ina bhfuil siad i gcorp na Tuarascála. Tá siad ar fad chomh tábhachtach céanna.

1. Ba chóir ainm na hArdteistiméireachta a athrú go dtí an *Teastas Sinsearach* mar a tharla leis an Teastas Sóisearach chun a léiriú go soiléir gur Sraith Shinsearach í atá athraithe ó bhonn.

2. Mar chuid d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí, ní mór go mbeadh sé ina phríomhthosaíocht ag an Roinn Oideachais go mbeadh an siollabas athbhreithnithe do gach ábhar i bhfad níos mionsonraithe agus treoracha cuimsitheacha ann do mhúinteoirí. Molann an Coiste go ndéanfadh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú ar leagan amach beartaithe na sonraíochtaí nua chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht cheart do mhúinteoirí agus go múinfear scoláirí de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde dá bhfuil ann.

3. Ba cheart modúlú a thabhairt isteach do gach ábhar, chun go gcuimseofar:
   - Tascanna scríofa a ullmhaítear sa rang faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, le raon leathan roghanna chun an tsaoirse is mó is féidir a thabhairt do scoláirí topaicí a roghnú mar bhealach chun foghlaim fhéinstiúrtha a spreagadh.
   - Cur i láthair ó bhéal ag úsáid sleamhnáin PowerPoint ar an topaic roghnaithe, taifeadta agus measúnaithe ag an múinteoir ranga le seiceálacha bailíochtaithe seachtracha déanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Moltar i gcás gach ábhair, go gcríochnófar 2 Mhodúl le himeacht na Sraithe Sinsearaí, ceann amháin sa $5^{ú}$ agus $6^{ú}$ Bliain. Ansin bheadh scrúdú scríofa i ngach ábhar ag deireadh an $6^{ú}$ bliain. Ba chóir don Roinn Oideachais an Scéim Mharcála a chinneadh i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ba chóir féachaint ar Thascanna na hIdirbhliana a chur san áireamh sa scéim mharcála deiridh.

4. Ba chóir rogha a bheith ag gach scoláire de chuid na Sraithe Sinsearaí Ábhair na hArdteistiméireachta traidisiúnta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí a thógáil le chéile. Chuige sin, ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, athbhreithniú a dhéanamh ar Shamhail na hArdteistiméireachta Feidhmí chun an bealach a bhféadfaí na codanna a bhfuil cruthaithe acu go n-éiríonn leo a fhí isteach sa tSraith Shinsearach.

5. Ba chóir don Roinn Oideachais *Clár Foghlama Náisiúnta ar Líne*, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i ngach bunscoil agus meánscoil, ar bhonn práinneach, chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Ardán láraithe Foghlama amháin.
- Tacaíocht agus oiliúint chuí do gach príomhoide agus múinteoir agus do gach tuismitheoir atá ag cur scolaíocht bhaile ar fáil.
- Cianghairis a cheannach chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoláirí faoi mhíbhuntáiste ar ghairis chun foghlaim ar líne.
- Leathanbhanda leordhóthanach don fhoghlaim ar líne.
- Soláthairtí don Fhoghlaim Chumaisc, agus
- Bearta Aistrithe do Scoileanna de réir mar a chuirtear an Plean i bhfeidhm go céimneach.

6. Ba chóir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a athbhunú agus a mhéadú go práinneach mar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta agus Comhairleoireachta Oideachais agus údarás a thabhairt di sainchomhairleoireacht mhothúchánach agus tacaí teiripeacha a chur ar fáil ar an láthair i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil. Ba chóir dóthain acmhainní agus maoinithe a chur ar fáil don tSeirbhís chun a chinntiú go bhféadfaidh sí a sainordú a chomhlíonadh. Chuige sin, ba chóir do na hAirí Oideachais agus Sláinte tionscnamh píolótach idir-rannach a bhunú ar dtús a aistreoidh Teiripeoirí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chuig an Roinn Oideachais, ar bhealach a bheadh cothrom ó thaobh tíreolaíochta de.

7. Beidh scoláirí na Sraithe Sinsearaí ag baint úsáid shuntasach as seirbhísí leabharlainne scoile nuair a rachaidh siad isteach sa tSraith Shinsearach, mar gheall ar an líon níos mó Tascanna agus Oibre Tionscadail a bheidh acu. Ba chóir don Roinn Oideachais *Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar Sholáthar Leabharlann Scoile* a bhunú faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2022, chun *Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Scoile* a fhorbairt agus é mar phríomhaidhm aici a chinntiú go bhfuil Leabharlann Scoile, Leabharlannaí Scoile agus rochtain iomlán ar an tSeirbhís Leabharlainne Digití i ngach Bunscoil agus Iar-bhunscoil faoi dheireadh 2024. Idir an dá linn, ba chóir go leathnófaí Tionscadal Taispeána Leabharlainne Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) agus Seirbhís Leabharlainne Digití an CSTS mar thosaíocht phráinneach náisiúnta.

8. Ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), athbhreithniú cuimsitheach a chur i gcrích ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí i dteannta leasú ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sinsearaí**.** Chuige sin, ba chóir athbhreithniú breise a dhéanamh ar na Sonraíochtaí T1 agus T2 atá beartaithe don Ghaeilge sa tSraith Shinsearach d'fhonn é a ailíniú le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

9. Ba chóir don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *Tascfhórsa ar Áit a Bhaint Amach san Ardoideachas* a bhunú chun féachaint ar na riachtanais leibhéil iontrála chuig oideachas tríú leibhéal amach anseo. Ba chóir an Lár-Oifig Iontrála a bheith mar chuid lárnach den Tascfhórsa agus ba chóir údarás a thabhairt di féachaint ar Chóras na Lár-Oifige Iontrála a athchóiriú chun freastal ar athruithe amach anseo. Ba chóir don Tascfhórsa breithniú a dhéanamh, mar thosaíocht phráinneach, ar a indéanta a bheadh sé Riachtanais Iontrála go hArdleibhéal a scaradh ón tSraith Shinsearach.

10. Ba chóir do Churaclam na Sraithe Sinsearaí scoláirí a ullmhú do Phrintíseachtaí, don Bhreisoideachas agus do dhul isteach san Ionad Oibre, mar phríomhthosaíocht náisiúnta, agus ról lárnach a bheith ag Comhairleoirí Gairmthreorach maidir leis na roghanna seo a chur in iúl do scoláirí.

# CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ

## CÚLRA

1. Ina haighneacht, dúirt an Dr Áine Hyland, Ollamh Emeritus le hOideachas, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, go raibh *'ardmheas go traidisiúnta ar an Ardteistiméireacht in Éirinn. Measann formhór daoine óga agus a dteaghlaigh gur cineál pas í dá dtodhchaí. Is deimhniú í go bhfuil an t-oideachas dara leibhéal críochnaithe go rathúil agus, dá bhrí sin, tá cuspóirí éagsúla léi. Ón gcéad lá riamh a raibh an Ardteist ann (beagnach 100 bliain ó shin) tá ardmheas uirthi ní hamháin mar éacht pearsanta, ach mar cháilíocht a bhfuil ardmheas ag fostóirí uirthi go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus í in úsáid mar mheicníocht roghnúcháin ag na hearnálacha breisoideachais agus ardoideachais*.'

2. Ina aighneacht, nótáil an Comhbhord Bainistíochta go bhfuil scála an athraithe dúshlánach ach gur tharla go leor athruithe suntasacha oideachais agus curaclaim le linn tréimhsí de shrianta eacnamaíocha. Dhá shampla thábhachtacha is ea oideachas meánscoile saor in aisce a tugadh isteach i 1967 agus forbairt chlár na hArdteistiméireachta reatha nuair nach raibh Stát nua-aimseartha na hÉireann ach ag teacht chun cinn é féin.

3. I bhfianaise ó bhéal, ar an 2 Samhain 2021, léirigh an tUasal Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tuairim nach n-ullmhaíonn córas na hArdteistiméireachta atá i bhfeidhm faoi láthair scoláirí ó thaobh mórán scileanna saoil. Dúirt sé *'Tá sé in am againn cinntí misniúla a ghlacadh maidir le measúnacht le haghaidh na foghlama, agus ar an bhfoghlaim, agus muinín a chur i ngairmiúlacht ár múinteoirí agus i gcothrom na Féinne atá go smior iontu. Is riachtanas de chuid na sochaí sibhialta, nach féidir beag a dhéanamh de, é an mhuinín as Teastas.'*

4. Dúirt an tAire freisin, *'teastaíonn córas cóir agus leanúnach measúnachta uainn in Éirinn, a thugann aiseolas do na scoláirí, chomh maith le tuiscint shoiléir ar a láidreachtaí agus a mbuanna, rud a chuirfeadh ar a gcumas cinntí iontaofa a dhéanamh.'*

5. I bhfianaise ó bhéal, ar an 9 Samhain 2021, chuir an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, in iúl don Choiste, *'in 2016, mhol Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta na Leanaí go raibh athchóiriú ar an Ardteistiméireacht ag teastáil, tar éis cruinnithe le daoine óga ó Éirinn sa Ghinéiv.'*

6. Ina aighneacht luaigh Drinkaware '*go bhféachtar ar an Ardteistiméireacht mar sprioc dheiridh na Sraithe Sinsearaí agus mar aschur intomhaiste chóras oideachais foirmiúil na hÉireann. Mar sin, ba chóir go léireodh sé cuspóirí luaite na Sraithe Sinsearaí, ó thaobh forbairt intleachtúil, phearsanta agus shóisialta de. Níor chóir tosaíocht a bheith ag aon ghné amháin ar an gceann eile. Ní ullmhaíonn cumas intleachtúil, d'uireasa forbairt phearsanta agus shóisialta, na scoláirí a ndóthain do na dúshláin a bheidh rompu tar éis na scoile. Scríobh Dewey gurb é "bunaidhm an oideachais go bunúsach ná daoine daonna a chruthú a bhaineann barr a gcumas amach*"[1].'

7. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Arlene Forster, Uasal, Príomhfheidhmeannach, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM): *'Rinne an Chomhairle maoirseacht ar athbhreithniú ar an tsraith shinsearach idir 2016 agus 2020. Bhí obair fhairsing le scoileanna, agus leibhéil arda comhoibrithe agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, i gceist leis an athbhreithniú. Mar thoradh air sin, cuireadh Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach faoi bhráid an Aire lena breithniú agus foilsíodh í tar éis fhógra an Aire ar an 29ú Márta.'*

8. Dúirt Forster freisin *'go n-aithnítear sa tuarascáil trí phríomhréimse le haghaidh tuilleadh taighde agus gníomhaíochta. Áirítear orthu seo cosáin níos solúbtha a sholáthar tríd an tSraith Shinsearach; meascán níos mó ábhar agus modúl a bheith ann, lena n-áirítear roghanna teicniúla, cruthaitheacha agus gairme; agus socruithe measúnachta agus tuairiscithe a leathnú'.*

9. Thagair Evelyn O'Connor, Uasal, Stiúrthóir Gníomhach, CNCM, do thoradh tábhachtach san athbhreithniú *'ceann de na rudaí ba dhearfaí faoin bpróiseas iomlán d'athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ba ea chomh stuama agus a bhí daoine agus iad ag caint faoinar*

[1] Dewey 1930/1984, lch. 289

*theastaigh uathu ón tsraith shinsearach. Tá sé éasca beag a dhéanamh de, ach bhí daoine an-soiléir. Ní mó ná sásta a bhí na múinteoirí, na scoláirí agus na tuismitheoirí leis an tonnadóir seo, leis an gcúngú agus an dearcadh ar leith seo. Nuair a bhíomar ag obair leo, ag éisteacht lena nglórtha agus ag obair le raon scoileanna, bhí siad ag rá gur daoine iad seo agus ba mhaith linn an duine iomlán a fhorbairt; ba mhaith linn cabhrú leo a bheith níos saibhrithe ag a gcuid foghlama agus a bheith gafa lena gcuid foghlama; ba mhaith linn go mbeidís in ann teacht ar pé todhchaí a fheiceann siad dóibh féin; agus ba mhaith linn tacú leo go leor roghanna a fheiceáil, ní díreach cosán amháin chun cinn; agus go bhfreastalaíonn an t-oideachas ar chuspóirí comhchoiteanna agus ní ar chuspóirí aonair amháin. B'iontach é sin a fheiceáil toisc go bhfuil daoine inár gcóras oideachais ciallmhar faoi na rudaí ar mhaith leo feabhas a fheiceáil orthu. Is túsphointe iontach é cuspóir agus fís chomhaontaithe a bheith againn maidir lenár dtriall as seo'.*

## SAINCHEISTEANNA CÓRASACHA IN OIDEACHAS NA hÉIREANN A THÉANN I BHFEIDHM AR AN gCURACLAM

10. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, thagair an Dr. Áine Hyland do *'saincheist an-tromchúiseach atá ag bagairt ar athchóiriú na Sraithe Sinsearaí agus na hArdteistiméireachta faoi láthair is ea cur chuige atá á ghlacadh ag an CNCM maidir le dearadh curaclaim agus siollabais. San am atá caite, bhí sonraí faoi ábhar, fairsinge agus doimhneacht láimhseáil ábhair san áireamh i siollabais ábhair nua a chuir an CNCM le chéile agus a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna, chomh maith le mioneolas faoin gcaoi a ndéanfaí measúnú ar an ábhar. Ag tarlú ag an am céanna leis an athbhreithniú agus leis an athchóiriú ar an tsraith shinsearach atá ar bun faoi láthair, tá an CNCM ag cruthú siollabais ábhair nua (a dtagraíonn siad dóibh mar shonraíochtaí) ar achoimrí doiléire iad gan aon eolas faoi mhionsonraí ná measúnacht. Rinne múinteoir cur síos ar an gcur chuige seo i ngné-alt tuairimíochta san Irish Times tamall ó shin mar "like an IKEA flatpack without no instruction leaflet."*

*Ní dearadh cuí é an dearadh nó an teimpléad atá á úsáid ag an CNCM do shiollabas a ndéanfar measúnú air go náisiúnta. Teastaíonn níos mó sonraí ó mhúinteoirí faoi gach ábhar ionas gur féidir leo a chinntiú go bhfuil a gcuid scoláirí ag foghlaim ag leibhéal atá ar aon dul le scoláirí eile ar fud na tíre. Cuirfidh an dearadh míbhuntáiste breise ar na scoláirí sin atá faoi mhíbhuntáiste cheana féin. Níl*

*ciall ar bith leis agus ní tharlaíonn sé in aon dlínse eile. Tá anailís déanta agam ar cháipéisí curaclaim agus siollabais i níos mó ná deich dtír eile agus, bunaithe ar an anailís sin, táim in ann a thuar gur teip atá i ndán do "thurgnamh" reatha an CNCM. Cén fáth a mbeadh scoláirí Ardteiste na hÉireann ina muca guine do thurgnamh curaclaim agus siollabais nach ndearnadh in aon áit eile ar domhan?'*

11. Luaigh Cumann Múinteoirí Eolaíochta Talmhaíochta na hÉireann freisin an gá atá le sonraíochtaí níos praiticiúla. Ina aighneacht, dúirt sé gur *'doiciméad an-doiléir a bhí sa dréachtsonraíocht. Tá sé scríofa ag baint úsáid as an teimpléad céanna a úsáideadh chun sonraíocht Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí a scríobh, i.e. ní raibh ann ach liosta de thorthaí foghlama gan aon léiriú domhain curtha ar fáil do mhúinteoirí chun a chur ar a gcumas na torthaí foghlama seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.'*

12. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt an tUasal Barry Slattery, Leas-Phríomhfheidhmeannach, CNCM, '*tá dearcthaí difriúla ann. Is fíor a rá go dtuigeann daoine éagsúla an curaclam ar bhealaí éagsúla. Feiceann cuid acu é mar théacs oifigiúil a gheofar agus a chuirfear i bhfeidhm go dílis i scoileanna agus is fearr leo curaclam an-saintreorach, ach feiceann daoine eile é mar rud atá níos dinimiciúla agus is fearr leo curaclam atá, abraimis, níos scaoilte agus a bhfuil níos lú béime aige ar gach píosa ábhair a shonrú agus níos mó airde ar fhorbairt scileanna, mar shampla. Ní thaobhóidh mise le ceachtar den dá dhearcadh, ach is é an rud is íorónta faoi ná go bhfuil an dá dhearcadh bunaithe ar an tuairim chéanna, is é sin, go gcuirfear an curaclam náisiúnta, bíodh sé ina churaclam scaoilte nó ina churaclam saintreorach, i bhfeidhm i scoileanna díreach mar a bhí beartaithe. Mar sin féin, is í fírinne an scéil nach cainéil ghéilliúla iad múinteoirí a chuireann curaclam duine éigin eile ar fáil. Beidh siad ag aistriú agus ag stiúradh an churaclaim laistigh dá gcomhthéacs féin chun freastal ar riachtanais agus leasanna a gcuid scoláirí. Déanann an dá dhearcadh beag is fiú de na castachtaí a bhaineann leis an réaltacht seo maidir le cleachtas sóisialta an churaclaim agus déanamh-curaclaim a tharlaíonn i scoileanna.*

*Tiocfaidh mé chomh fada leis an bhfreagra anois le dhá phointe. Is é láidreacht an chur chuige scoile líonra-bhunaithe maidir le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí ná go dtabharfaidh sé an deis dúinn oibriú le múinteoirí ar bhealach a chuirfidh ar ár gcumas breathnú ar chineál agus ar fhoirm an churaclaim, ar na hacmhainní, ar na tacaí, ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an am gairmiúil a theastaíonn ó mhúinteoirí chun oibriú leis an gcuraclam ar an mbealach is fearr is féidir chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach dá gcuid scoláirí. Cinnte, tá sé i gceist againn taighde breise a dhéanamh agus dul i gcomhairle le múinteoirí maidir leis na fadhbanna sin fiú sula dtéimid i dteagmháil le scoileanna. Faraor nach bhfuil sé chomh simplí agus taighde a dhéanamh a thabharfadh le fios gurb é seo go díreach an bealach ba chóir dó a bheith agus go mbeadh sé ina réiteach ar na fadhbanna ar fad. Tá an fhadhb seo feicthe againn i ndlínsí eile. Níl ann ach inné ó tháinig an fhadhb sin aníos, ach tá mé ag cloisteáil faoi na fadhbanna céanna i ndlínsí eile le níos mó ná deich mbliana.'*

13. I bhfianaise ó bhéal, ar an 2 Samhain 2021, léirigh Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tuairim go gcaithfeadh aon athchóiriú ar an Ardteistiméireacht athchóiriú na sraithe sinsearaí ar fad a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, dúirt sé '*caithfidh an clár, na hábhair, na scileanna agus na cuspóirí teacht isteach sa chomhrá in éineacht leis an scrúdú deiridh.'*

14. Ina haighneacht, luaigh an tOllamh Sylvia Draper, Déan na hEolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, go bhfuil an Ardteistiméireacht ina *'gné amháin d'éiceachóras oideachais an-mhór agus go bhfuil sé tábhachtach tuiscint a bheith againn ar an mbealach a dtéann athruithe inti i bhfeidhm ar an mórphictiúr. Tá teagasc na matamaitice fadhb-bhunaithe tar éis fadhbanna a chruthú do scoláirí atá ag dul isteach i gcúrsaí matamaitice tríú leibhéal.*[2] *Is féidir le hathrú ar an Ardteistiméireacht, nuair a tharlaíonn sé, tarlú as cuimse, ach níor chóir go dtarlódh sé riamh faoi dheireadh is faoi dheoidh. Ba chóir próiseas athbhreithnithe, mionleasaithe agus feabhsaithe a chur i bhfeidhm air.'*

[2] The Irish Journal of Education, 2020, lgh 74-108, Gerry Shiel, David Millar agus Rachel Cunningham.

15. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, dúirt an tOllamh Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, '*Tá an Ardteistiméireacht ina foirm reatha, ní toisc go léiríonn sí an cleachtas is fearr ó thaobh measúnachta de, ná ár léargais taighde is déanaí maidir le conas tacú le foghlaim agus foghlaimeoirí, ach toisc go bhfuil sí daingnithe ó thaobh cultúir de. Leanann sí ar aghaidh, in ainneoin an liotúirge bhliantúil de dhaoine ag cur gothaí orthu féin agus ag croitheadh cinn mar gheall ar éagothroime ó thaobh aicme agus inscne de, imní maidir le folláine na scoláirí, agus tionchar díobhálach ar an gcineál foghlama agus saoil atá uainn do dhaoine óga, toisc go bhfuil sí anois mar chuid de shaol sóisialta agus cultúrtha na hÉireann - i bhfad ón gcóras scoile.'*

16. Ag féachaint i dtreo na todhchaí, léirigh an tOllamh Looney an tuairim '*I bhfianaise na háite ina bhfuilimid, sula mbogfaimid ar aghaidh go dtí an chéad leagan eile den Ardteistiméireacht a dhéanfaidh an tsamhail oideachais atá againn faoi láthair a dhaingniú tuilleadh, ar chóir dúinn roinnt ama a thógáil chun machnamh a dhéanamh an í seo an tsamhail atá uainn agus an tsamhail a mbeidh gá léi chun muid a thabhairt slán trí na blianta is dúshlánaí i stair an chine daonna? Tá práinn anois, níos mó ná riamh, le haghaidh a thabhairt ar an gceist seo agus ár samhail reatha oideachais a chur trí scrúdú de chineál éigin ar a laghad, bíodh sin tríd an Tionól Saoránach um Oideachas mar atá molta ag an rialtas reatha, nó trí phróiseas breithniúcháin eile'.*

17. Ina aighneacht, dúirt an Tionól Saoránach um Oideachas *go 'gcabhróidh an Tionól Saoránach um Oideachas chun an pobal a chur ar an eolas agus tacaíocht a fháil i dtreo athchóiriú an chórais oideachais ag gach leibhéal, an Ardteistiméireacht san áireamh. Chun a chinntiú go n-éireoidh leis an Tionól, iarrann an Coiste seo ar an Rialtas:*
    - *dáta an Tionóil a fhógairt*
    - *a chinntiú go dtugtar dóthain ama chun breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna móra maidir le cuspóir agus cultúr ag gach leibhéal oideachais ón luath-óige go foghlaim aosach lena n-áirítear athchóiriú na hArdteistiméireachta*
    - *dóthain acmhainní a chur ar fáil do leagan amach an tionóil chun a chinntiú go mbeidh guth na ndaoine óga lárnach, chun infhaighteacht saineolaithe a chinntiú agus chun suirbhéanna nó tionscadail taighde a choimisiúnú a mheasfar a bheith riachtanach d'obair an Tionóil*

- *gealltanas a thabhairt coiste feidhmiúcháin a chur ar bun chun moltaí an Tionóil a chur i ngníomh a luaithe is féidir agus tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a fhoilsiú.'*

18. Ina aighneacht, dúirt Barnardos '*tugann an t-oideachas tuar an-mhaith dúinn maidir le deiseanna saoil daoine aonair in Éirinn agus tá cáilíocht Ardteistiméireachta ar an 'íosmhéid' a theastaíonn anois chun rochtain a fháil ar bhreisoideachas/bhreisoiliúna agus ar fhostaíocht ardchaighdeáin, i measc torthaí eile. Is cinntitheach tábhachtach iad cáilíochtaí oideachais de rath ceirde duine aonair, a mbíonn tionchar acu ar a leibhéal ioncaim, ar an mbaol dífhostaíochta, ar thithíocht agus ar chúinsí ábhartha níos leithne.'*

## MOLTAÍ:

1. Ba chóir ainm na hArdteistiméireachta a athrú go dtí an Teastas Sinsearach mar a tharla leis an Teastas Sóisearach chun a léiriú go soiléir gur Sraith Shinsearach í atá athraithe ó bhonn.

Mar chuid d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí, ní mór go mbeadh sé ina príomhthosaíocht ag an Roinn Oideachais go mbeadh an siollabas athbhreithnithe do gach ábhar i bhfad níos mionsonraithe agus treoracha cuimsitheacha ann do mhúinteoirí. Molann an Coiste go ndéanfadh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú ar dhearadh beartaithe na sonraíochtaí nua chun a chinntiú go dtabharfar tacaíocht cheart do mhúinteoirí agus go múinfear scoláirí de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde dá bhfuil ann.

2. Ba chóir *Tionól Saoránach Náisiúnta ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí,* le hionadaíocht láidir ó scoláirí, a bhunú faoi Ráithe 3 de 2022, agus sainordú aige tuairisciú ar ais chuig an Rialtas laistigh de shé mhí.

# CAIBIDIL 2 ROGHANNA MEASÚNACHTA

19. I bhfianaise ó bhéal, ar an 28 Meán Fómhair 2021, nótáil an tUasal John Irwin, Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha, '*Caithfimid dul i mbun measúnachta, cibé acu an measúnacht fhoirmitheach nó shuimitheach í sin. Tá an mheasúnacht fhoirmitheach ansin chun tacú le foghlaim. De réir mar a théimid tríd an gclár, caithfimid tabhairt faoi mheasúnacht. Sin mar go gcaithfimid iarracht a dhéanamh an fhoghlaim a chur chun cinn. Chun iarracht a dhéanamh an fhoghlaim a chur chun cinn agus chun tacú léi, teastaíonn an mheasúnacht fhoirmitheach. Úsáidtear an dara ceann chun inniúlachtaí agus scileanna a mheas, an méid atá foghlamtha ag scoláire go pointe áirithe agus an chaoi a bhfuilimid chun tacú leis an bhfoghlaim sin sa todhchaí. Mar thoradh air sin, má tá aon rud gur gá dúinn a leasú inár stíleanna oideachais, is féidir linn cabhrú sa réimse áirithe sin. Má fhéachaimid fiú ar na gráid chreidiúnaithe nó ríofa a bhí againn le dhá bhliain anuas faoin dá chóras, is cineálacha measúnachta iad seo ar fad le bheith in ann creidiúnú a chur ar fáil agus aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí atá déanta ag scoláirí sa dá bhliain deiridh den tsraith shinsearach ar scoil. Tá sé sin tábhachtach.*'

20. Ina aighneacht, luaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gurb é is cuspóir leis an réimse comhpháirteanna atá i bhfeidhm cheana ná deis a thabhairt do scoláirí oibriú go neamhspleách, taighde a dhéanamh ar réimsí a bhfuil suim acu iontu agus a gcuid eolais, tuisceana agus scileanna a léiriú, i réimsí nach féidir a mheas i gcónaí i scrúdú scríofa.

21. Ina aighneacht, tugann an CNCM breac-chuntas ar chleachtas idirnáisiúnta i measúnú na sraithe sinsearaí. Nótáil sé sa chás go gcuireann dlínsí níos mó cosán éagsúil ar fáil agus go gcuireann timpeallachtaí lasmuigh den scoil go mór le foghlaim ó thaithí, go bhfuil pleanáil ag éirí níos tábhachtaí ag leibhéal an scoláire agus ag an leibhéal áitiúil araon. Tá acmhainní chun tacú le cinnteoireacht agus pleanáil na scoláirí do bhealach nó do chosán ar leith ríthábhachtach. Is é an sprioc ná solúbthacht agus comhleanúnachas a bhaint amach, éagsúlú gan scoilteadh, do scoláirí agus do scoileanna.

22. Luaitear san aighneacht freisin, de réir mar atá sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe á dtabhairt isteach sa tSraith Shinsearach, tá gluaiseacht ann chun comhpháirteanna eile seachas scrúduithe scríofa a thabhairt san áireamh, sa líon beag cásanna atá fágtha nach ann dóibh cheana féin, agus sa chás go meastar é a bheith cuí.

23. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Arlene Forster, Uasal, Príomhfheidhmeannach, CNCM, '*tá an mheasúnacht, ar ndóigh, ar cheann de na trí phríomhréimse a aithníodh san athbhreithniú. Tá admháil sa tuarascáil chomhairleach - agus phioc an tAire suas air seo - den ghá agus den tábhacht a bhaineann le taighde breise agus le bheith ag obair go dlúth le scoileanna agus leis na comhpháirtithe oideachais ó thaobh scrúdú a dhéanamh ar na mionsonraí maidir leis an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar shocruithe measúnachta nuashonraithe.*

*Maidir le measúnú múinteoirí agus an bhféadfadh cineálacha eile measúnachta an ról sin a chomhlíonadh, ceann de thorthaí an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach – tá sé leagtha amach go soiléir sa tuarascáil chomhairleach - ba ea an tábhacht a bhaineann le féachaint ar raon na gcur chuige agus na modhanna measúnachta a leathnú amach. Ceann de na príomhchúiseanna chun é seo a dhéanamh is ea measúnú a dhéanamh ar raon i bhfad níos leithne den eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a mheasaimid a bheith tábhachtach dár ndaoine óga agus, é sin á dhéanamh againn, an bhéim ar an scrúdú scríofa a laghdú. Go hidirnáisiúnta, cuireann córais éagsúla socruithe difriúla measúnachta i bhfeidhm, ach tá tréithe coitianta ar fud go leor dlínsí. Ar cheann díobh sin tá bogadh i dtreo measúnú múinteoir-bhunaithe. Ceann de na réasúnaíochtaí a úsáidtear i go leor dlínsí inar tugadh isteach measúnú múinteoirí ba ea an bhéim ar bhailíocht níos mó, nó i bhfocail eile, socruithe measúnachta a chur i bhfeidhm ar féidir leo an réimse foghlama agus taithí a mheasaimid a bheith tábhachtach dár ndaoine óga a ghabháil ar bhealach níos fearr agus, sa chaoi sin, deiseanna a thabhairt do dhaoine óga a gcuid foghlama a léiriú ar bhealaí éagsúla.*

*Pointe a dhéanann údaráis sa réimse measúnachta go minic – bhuail an coiste le cuid acu le linn a chur agus cúiteamh le míonna beaga anuas - is ea go bhfuil sé tábhachtach, nuair a bhíonn na socruithe measúnachta á leathnú, nach gá go gcuirfeadh na comhpháirteanna measúnachta breise a thugtar isteach béim ar an bhformáid pháipéir agus phinn luaidhe. Ní mór dóibh féachaint ar mhodheolaíochtaí*

*eile. Chuir an Teachta ceist faoi scrúdú praiticiúil chun go bhféadfadh duine óg scileanna nó teicnící áirithe a léiriú i ndisciplín. Sin ceann de na cúiseanna go n-úsáidtear measúnacht múinteoirí uaireanta i ndlínsí eile, sa mhéid is go n-osclaíonn sé modhanna agus cineálacha measúnachta éagsúla. Mar a chuir an Teachta in iúl i gceart, áfach, ní mór na sonraí faoi seo ar fad a oibriú amach. Ní mór dúinn leas a bhaint as taighde agus oibriú le scoileanna chun a fháil amach céard is féidir a bhainistiú agus céard atá indéanta agus céard iad na tacaí is gá a chur ar fáil chun an cur chuige seo a chumasú inár gcóras scoile.*'

24. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Andrea Feeney, Uasal, Príomhfheidhmeannach, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, '*beimid ag tabhairt faoi chlár taighde agus forbartha ar roinnt gnéithe lena n-áirítear an tionchar atá ag ualú agus uainiú comhpháirteanna breise ar fiú 40% ar a laghad de na hábhair go léir iad. Cuirfimid bearta eatramhacha i bhfeidhm freisin chun ualach na measúnachta a scaipeadh amach go dtí go ndéanfar athfhorbairt iomlán ar ábhair.'*

25. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, nótáil Elaine Sheridan, Uasal, Ceann na Rannóige Scrúduithe agus Measúnachta, CSS, gur '*bhréagnaigh torthaí an taighde intuarthachta*[3] *an tuairim go raibh foghlaim de ghlanmheabhair forleathan le linn na scrúduithe. Bhí sé sin fíor go háirithe i gcás aon cheann de na sonraíochtaí is lú ábharbhunaithe a tugadh isteach i lár na mblianta 2000. Mar thoradh ar na sonraíochtaí sin, tá sé mar aidhm ag na scrúduithe anailís agus measúnú a dhéanamh ar an smaointeoireacht chriticiúil agus í a chúiteamh. Fiú amháin i leithéidí an Bhéarla, ábhar a luaigh an Teachta, mhaígh an tuarascáil intuarthachta, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na páipéir, na scripteanna agus an scéim mharcála, go raibh iarrthóirí á gcúiteamh as smaointeoireacht den chéad scoth agus ní as freagraí réamhcheaptha a thabhairt. Go pointe áirithe, tá tuiscint ann gurb é seo an cás. Tá ár scéimeanna marcála leagtha amach ar bhealach ina mbronntar marcanna as úrnuacht. Cinntíonn an cur chuige i leith marcáil in ábhair éagsúla go gcuirtear marcanna i leataobh do fhreagraí cruthaitheacha agus úrnua. Táthar tar éis aghaidh a thabhairt air sin trí shonraíochtaí nua, agus tá obair go dlúth leis an CNCM ar*

[3] Taighde a rinne Ollscoil Oxford don CSS in 2018.

*dhearadh agus ar fhorbairt sonraíochtaí nua tar éis a chinntiú nach fadhb níos mó i ndáiríre é an cur chuige d'fhoghlaim de ghlanmheabhair.'*

26. Thagair aighneacht an CSS do mheasúnacht atá cumasaithe ag teicneolaíocht agus nótáladh go bhféadfadh leathnú na marcála ar líne, nuair a bheidh sé daingnithe, deiseanna a chur ar fáil chun raon níos mó comhpháirteanna a chur ar fáil agus a mharcáil ná mar is amhlaidh faoi láthair agus go bhféadfadh sé tacú freisin le feabhsuithe seirbhíse eile.

27. Ina aighneacht, dúirt Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire, *'nach rud ar leith í an mheasúnacht ón gcuraclam: ach gur gné bhunúsach í, a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici dul chun cinn san fhoghlaim a bhunú.'* Nótálann sé *'go dtugann múinteoirí faoi mheasúnacht gach lá agus iad ag coinneáil súil ar a gcuid scoláirí, ag tabhairt aiseolais ar a gcuid foghlama, agus ag leagann amach agus ag marcáil obair bhaile.'* Luadh freisin *'go ndéantar measúnacht níos foirmiúla chun deireadh a chur le cláir staidéir, is iad sin an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach.'*

28. Tugadh tuairim in aighneacht Chumann na Meánmhúinteoirí freisin *'go gcuimsíonn an taobh dearfach den struchtúr measúnachta reatha ardleibhéal muiníne ón bpobal; a chumas fónamh mar ráiteas bailí agus oibiachtúil ar ghnóthachtáil acadúil na scoláirí; a chothroime, a neamhchlaontacht agus a thrédhearcacht.'* Deirtear ann chomh maith *'gurb é an rud is achrannaí faoin tsamhail reatha ná gurb é an scrúdú deiridh an t-aon chosán chun cinn atá ag fágálaithe scoile i dtreo an ardoideachais.'*

29. Rinne Comhdháil na gCeardchumann an tuairim seo, go mbaineann cothroime bhunúsach agus leibhéal ard muiníne pobail leis an tsamhail reatha, a roinnt ina haighneacht. Dúradh, *'nár cheart nach mbeadh i gceist le haon athruithe molta ar na struchtúir mheasúnachta ach brú agus strus breise ar scoláirí agus ar bhaill foirne araon.'*

30. Luaigh Cumann na Meánmhúinteoirí an aighneacht a chuir an Dr. Áine Hyland faoi bhráid Chomhairliúchán Athbhreithnithe na Sraithe Sinsearaí de chuid an CNCM in 2011. Moladh san aighneacht sin roghanna amhail

iontráil chuig ardoideachas a scaradh ón Ardteistiméireacht, athruithe ar an scrúdú nó malairtí den chóras reatha pointí.

31. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, nótáil Andrea Feeney, Uasal, Príomhfheidhmeannach, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, '*Maidir leis an scaradh, bhí máithreánach ann tráth dá raibh. Labhraímid faoin strus agus faoin mbrú atá ar scoláirí faoi láthair agus mar sin n'fheadar, sa spás díchúplála, cad atá i gceist a chur ina háit? Dá mbeadh cineál eile scrúdaithe nó measúnachta ann a chaithfeadh scoláirí a dhéanamh chun dul ar aghaidh, ba mheasa fós a bheadh an strus agus an brú ar na scoláirí sin. Dá bhrí sin, ní mór dúinn a bheith cúramach faoi cad a chuirfimid ina ionad. Tá dlínsí ann a bhfuil córais acu atá beagán cosúil lenár gcóras féin. Tá Seirbhís Iontrála na nOllscoileanna agus na gColáistí, ag féachaint ar athbhreithniú a dhéanamh ar a córas agus iarracht a dhéanamh cuid de na héagothromais a réiteach. Nílim cinnte an bhfuil córas foirfe ann. Ní mór dúinn a bheith an-chúramach sa réimse áirithe seo.'*

32. Ina aighneacht, nótáil an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go bhfuil ról ceannasach i gcónaí ag measúnacht atá bunaithe ar scrúduithe ar fud chlár seanbhunaithe na hArdteistiméireachta, agus d'áitigh sí gur modh measúnachta ard-riosca í an mheasúnacht scrúdú-bhunaithe. Lena chois sin, dúirt an ESRI go léiríonn a thaighde gur foinse dhiúltach í an mheasúnacht bunaithe ar scrúduithe do theagasc agus d'fhoghlaim ábhair na hArdteistiméireachta, agus go bhfuil tionchar diúltach aici ar na scileanna a shealbhaíonn na scoláirí agus ar a bhfolláine araon.

33. Ina aighneacht, thagair an ESRI freisin don ullmhúchán do mheasúnacht bunaithe ar scrúduithe. Nótáil sé gur minic gur saintréith de ranganna sa chúigiú agus sa séú bliain an teagasc faoi stiúir an mhúinteora a chuireann béim láidir ar obair bhaile rialta agus ar pháipéir scrúdaithe a dhéanamh. D'áitigh an ESRI '*go bhfeiceann scoláirí, tuismitheoirí, agus múinteoirí nach dtacaíonn an cur chuige scrúdú-bhunaithe seo i leith na hoideolaíochta ach le foghlaim de ghlanmheabhair, ina gcuirtear eolas de ghlanmheabhair ar an ábhar seachas tuiscint cheart a fháil ar an ábhar sin, agus cailltear amach freisin ar fhorbairt agus ar mheasúnacht ar scileanna níos leithne.'*

34. Ina aighneacht, luaigh an Cork Life Centre '*gur gné thábhachtach d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí is ea an t-aitheantas, mar atá i ndlínsí eile, gur féidir le scoláirí meánoideachais tar éis na sraithe sóisearaí sruth a roghnú le haghaidh breisoideachais ag brath ar a nglao nó ar a gcosán gairme beartaithe. I gcleachtas, ba chóir go gciallódh sé seo go praiticiúil go bhféadfadh siad siúd ar mian leo dul isteach i gceird dul ar aghaidh chuig coláiste teicneolaíochta tar éis an Teastais Shóisearaigh. D'fhanfaidís siúd a dteastódh uathu leanúint lena gcuid staidéir acadúil, le rún dul ar aghaidh chuig an ollscoil ina dhiaidh sin b'fhéidir, sa mheánscoil ar feadh dhá bhliain eile. Tá an cineál seo córais oideachais seanbhunaithe i dtíortha ar nós na Danmhairge inar féidir le scoláirí ó aois 16 bliana ar aghaidh freastal ar mheánscoil uachtarach chun scrúdú ard-ullmhúcháin dhá bhliain a dhéanamh nó ar mheánscoil theicniúil uachtarach nó ar choláiste teicniúil.'*

35. Ina aighneacht dúirt Foróige gur *'gá athchóiriú na hArdteistiméireachta a chuimsiú i bhforbairt Sraithe Sinsearaí trí bliana'.* Mhaígh sé *'go bhfágfaidh Sraith Shinsearach trí bliana go mbeadh solúbthacht sa churaclam agus an cumas freagairt do riachtanais aonair an duine óig. Is féidir cosáin foghlama aonair a chruthú mar aon leis an gcumas raon feidhme na measúnachta a leathnú chun bailiú 'creidiúintí' a chur san áireamh i rith na dtrí bliana.'*

## MODHANNA MEASÚNACHTA

36. Ina haighneacht, dúirt an Dr. Áine Hyland *'agus an Ardteistiméireacht á hathchóiriú (i.e. an chaoi a ndéantar na hábhair a mheas), tá mé go láidir i bhfabhar foirmeacha breise measúnachta do gach ábhar a d'fhéadfaí a dhéanamh le linn na sraithe sinsearaí dhá bhliain agus NÍ ag deireadh na sraithe sin, ionas go mbeadh 50% ar a laghad de mheasúnacht na hArdteistiméireachta déanta ag na scoláirí faoi Bhealtaine/Mheitheamh na bliana deiridh*.
*D'fhéadfaí measúnachtaí a bheadh déanta le linn na scoilbhliana a dhéanamh faoi mhaoirseacht múinteoirí agus iad a sheoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh measúnachta. D'fhéadfadh aistí Béarla agus Gaeilge, chomh maith le roinnt de na ceisteanna ar ghnéithe nach bhfacthas den chúrsa Ardteistiméireachta in ábhair eile, a bheith san áireamh. D'fhéadfaí siollabais na n-ábhar a mhodúlú (mar a dhéantar i bhformhór na gcúrsaí ardoideachais anois) agus measúnacht a dhéanamh ag deireadh gach modúil.*

*D'fhéadfaí roinnt measúnachtaí a dhéanamh ag deireadh an Cúigiú Bliain agus d'fhéadfaí roinnt eile a dhéanamh thart ar am na scrúduithe Nollag sa Séú Bliain nó ag amanna eile le linn na bliana deiridh. Laghdódh sé seo an brú ar na scrúduithe ag críoch na bliana deiridh. Dá mbronnfaí 50% ar a laghad de na marcanna ar scrúduithe praiticiúla, ar scrúduithe cainte, ar mheasúnachtaí bunaithe sa ranga, ar phunanna agus ar chineálacha eile measúnachta leanúnaí, ní bheadh ach páipéar amháin le haghaidh gach ábhair i Meitheamh na bliana deiridh - arbh fhiú 50% ar a mhéad de na marcanna iomlána a bheadh ar fáil iad. Agus ba chóir go mbeadh neart roghanna ar na páipéir dheiridh – ní an fócas cúng (agus an buille faoi thuairim) atá ann faoi láthair le haghaidh go leor ábhar. I mo thuairimse, ba chóir go mbeadh scrúduithe ina ndeis do scoláirí chun an méid atá ar eolas acu agus an méid is féidir leo a dhéanamh a léiriú, ní mar bhac atá leagtha amach chun tuisle a bhaint astu.*

*Ba chóir gurbh í an mheasúnacht sheachtrach an gnáthrud, i.e. níor chóir go n-iarrfaí de ghnáth ar mhúinteoir a scoláire féin a mheas chun críocha deimhnithe. Go traidisiúnta, chonaic múinteoirí na hÉireann a ról mar sheaimpíní agus mar thacadóirí dá gcuid scoláirí – ní mar bhreithiúna - agus, mar sin, ní raibh iontas ar bith orm in 2020 agus in 2021, nuair a iarradh ar mhúinteoirí gráid a gcuid scoláirí a thuar, go raibh na torthaí a thuar siad 20% níos airde ná mar a bheifí ag súil leo dá mbeadh an Ardteist déanta ag na scoláirí. Agus murab ionann agus i roinnt tíortha eile, níor mheas múinteoirí in Éirinn feidhmíocht scoláirí, ó chúlraí nach bhfuil chomh maith as, faoina gcumas – más rud ar bith é, mheas siad os cionn a gcumas iad.’*

37. Ina aighneacht, mhol an Cork Life Centre ‘*gur chóir measúnú a dhéanamh ar gach ábhar ag an Ardteistiméireacht trí mheasúnacht leanúnach rialta (le linn dhá bhliain an chúrsa). Ba chóir go mbainfeadh an mheasúnacht le tascanna nó tionscadail sheachtracha a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit nó a chomhionann i gcomhair marcála. Chomh maith leis sin, ba chóir scrúdaitheoirí seachtracha a sheoladh chuig scoileanna nó ionaid oideachais chun obair thionscadail a mheas.*

*Ba chóir gach ábhar a roinnt i modúil ar leith. Tagann an cur chuige modúlach sin níos dlúithe leis an gcóras 3ú leibhéal. Ba chóir go mbeadh measúnú leanúnach ar*

*mhodúil éagsúla ionann le suas le 60% den mheasúnacht in aon ábhar ar leith. D'fhéadfaí na modúil eile a scrúdú trí scrúdú deiridh nó críochnaitheach nár cheart a bheith níos faide ná 90 go 120 nóiméad ar fad.*

*Ba chóir go mbainfeadh réimse formáidí leis na measúnachtaí, lena n-áirítear aistí, tionscadail taighde, tionscadail phraiticiúla, taispeántais scileanna praiticiúla agus cur i láthair eile. Níor chóir go gcuimseodh scrúduithe deiridh níos mó ná 40% de mharc deiridh na scoláirí in aon ábhar ar leith agus ba chóir na scoláirí a chur ar an eolas maidir lena gcuid marcanna agus lena bhfeidhmíocht de réir mar a tharlaíonn na measúnachtaí. Tá sé seo ríthábhachtach má tá scoláirí lena ndíocas agus lena bhfuinneamh a choinneáil le linn an chúrsa dhá bhliain ar fad. Tagann sé freisin leis an gcóras oideachais* $3^{ú}$ *leibhéal.*

*Leis na socruithe leanúnacha measúnachta, ba chóir go mbeifí in ann marcanna in ábhair a charnadh ag deireadh an* $5^{ú}$ *bliain. Ba chóir feidhmíocht sna measúnachtaí a dhéantar sa* $5^{ú}$ *bliain a ualú i ndáil leis an marc críochnaitheach ag deireadh na sraithe dhá bhliain. Arís, tagann sé seo leis an gcóras* $3^{ú}$ *leibhéal agus tugann sé aghaidh ar an bhfadhb maidir le scoláirí atá ag streachailt le díocas a choinneáil dá gcuid staidéir ar chúrsa dhá bhliain gan aon mheasúnacht fhollasach sa chéad bhliain staidéir. Moltar go ndéanfaí an* $6^{ú}$ *bliain nó an bhliain deiridh staidéir a ualú níos mó i dtéarmaí an ghráid deiridh a bhaintear amach*.'

38. Ina aighneacht, d'aontaigh Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann go leathnófaí an mheasúnacht le *'scrúdú ar bhonn níos leanúnaí, i gcaitheamh an chúigiú agus an séú bliain.'*

39. Ina aighneacht, mhol Scoláirí an Cork Life Centre modh modúlaithe agus sruthaithe chuig deiseanna gairme acadúla nó deiseanna slí beatha níos gairmiúla. Rinne sé pointe tábhachtach freisin gur '*tháinig solúbthacht rogha chun cinn mar phríomhfhachtóir do scoláirí maidir lena measúnacht. Thabharfadh sé deis dóibh a mhothú go raibh smacht agus rogha acu ar feadh tréimhse shuntasach ina gcuid oideachais. Le bliain anuas, tá foghlaim chumaisc tar éis go leor modhanna foghlama agus tástála a bhí thar a bheith éifeachtach a léiriú don tír seo. Thug sé le fios freisin go bhfuil measúnachtaí cruinne agus éifeachtacha ann seachas an scrúdú scríofa.'*

40. Ina aighneacht, nótáil Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ADIBÉ) *'go bhfuil éileamh láidir ann go mbeidh deis ag scoláirí a gcuid eolais agus scileanna a mheas trí Mheasúnachtaí Dara Comhpháirte trí mheán tionscadal, cur i láthair, obair ó bhéal agus obair phraiticiúil.'* Luaigh sé *'go n-aontaíonn tromlach soiléir scoláirí le méadú ar Mheasúnachtaí Dara Comhpháirte, agus go bhfuil 63.9% de scoláirí ag aontú nó ag aontú go láidir gur cheart an rogha seo a chur ar fáil.'*

41. Mhol ADIBÉ freisin samhail de Mheasúnachtaí Dara Comhpháirte a chur i bhfeidhm sa 5ú agus 6ú bliain a bheadh mar bhonn le gráid deiridh na scoláirí san Ardteistiméireacht de réir an *Chreata um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim.*

42. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, mhol an tOllamh Michael O'Leary, Cathaoirleach Prometric sa Mheasúnú, an Lárionad um Thaighde agus Cleachtas Rialála san Oideachas (CARPE), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ceithre réiteach maidir le tabhairt faoin mheasúnú na hArdteistiméireachta:

- Laghdú ar ábhar an cúigiú agus an séú bliain. Scaipeadh amach na scrúduithe laistigh de na blianta seo, a bhogfadh de réir a chéile ó scrúduithe páipéarbhunaithe go scrúduithe ríomhaire-bhunaithe.

- Measúnacht Leanúnach a mbeadh meascán de thascanna i gceist léi agus a d'fhéadfadh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a leagan síos go seachtrach agus a mharcáil. Tharlódh sé sin taobh le tascanna a bheadh leagtha síos agus measúnaithe ag múinteoirí na scoláirí.

- Marcáil chomhchoiteann déanta ag Foirne múinteoirí laistigh den scoil thar phríomhchreat scileanna na sraithe sinsearaí.

- Féinmheasúnú na scoláirí a chuirfeadh le torthaí maidir le grádú roinnt tionscadal agus inniúlachtaí laistigh den phríomhchreat scileanna.

43. Dúirt an tOllamh O'Leary *'go dtacódh sonraí ó na ceithre mhodh measúnachta le córas níos tomhaiste chun gnóthachtáil a dheimhniú ag deireadh an oideachais iar-bhunscoile in Éirinn.'*

44. Roinneadh an pointe i roinnt aighneachtaí agus fianaise ó bhéal go samhlaíonn roinnt scoláirí gur rud diúltach an Mheasúnacht Leanúnach agus go gcuireann sé sin imní agus buairt orthu. D'fhéadfaí féachaint ar mhodúlú mar théarma níos neodraí a léiríonn aibíocht sna scoláirí agus a ullmhaíonn iad le haghaidh breisoideachais agus ardoideachais.

45. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, phléigh an Dr. Jim Gleeson, Ollamh Taca i Scoil an Bheartais agus an Chleachtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, modúlú i dtéarmaí na hArdteistiméireachta Feidhmí (ATF). Léirigh an Dr. Gleeson an tuairim '*go bhfuil próiseas modúlaithe na hArdteistiméireachta Feidhmí 25 bliain chun cinn ar an am. Is córas seimeastaraithe é, le carnadh céimneach creidiúintí a dhíríonn ar scileanna seachas ábhar.'* Mhol sé freisin *'gur chóir don Ardteistiméireacht thraidisiúnta aithris a dhéanamh ar Shamhail na hArdteistiméireachta Feidhmí in Athchóirithe amach anseo.'*

46. Mhol roinnt aighneachtaí agus finnéithe freisin gur chóir go mbeadh scoláirí in ann ábhair ón Ardteistiméireacht thraidisiúnta agus ón Ardteistiméireacht Fheidhmeach a thógáil le chéile. Chabhródh sé seo le scoláirí scileanna níos praiticiúla a shealbhú chun a roghanna gairme amach anseo a fheabhsú.

47. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, thagair an tOllamh Anne Looney do Mheasúnacht Leanúnach, agus an imní *'go ndéanfadh daoine coilíniú uirthi chun margadh a dhíol le scoláirí chun marc níos fearr a fháil dóibh sa mheasúnacht leanúnach má fhreastalaíonn siad ar chúrsa dhá lá ar €100.'*

48. Tagraíodh in aighneacht an ESRI do chomhairliúcháin a bhí aige le scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí a thug orthu a chreidiúint go bhfuil gá le measúnacht a scaipeadh amach le linn na sraithe sinsearaí, agus glacadh le héagsúlacht níos leithne cur chuige maidir le measúnacht, amhail obair thionscadail, punanna agus cur i láthair.

49. Moladh in aighneacht an ESRI freisin cineál Measúnachta Leanúnaí, ag tosú sa chúigiú bliain. Chuimseodh sé measúnacht ó thascanna Scileanna Boga na hIdirbhliana. Tugadh an tuairim gur príomhscileanna saoil iad Scileanna Boga freisin ar cheart meas chomh mór a bheith orthu is atá ar chumais acadúla. Moladh freisin gur chóir scrúduithe a bheith san áireamh i measúnacht, chomh maith le tionscadail/punanna agus scrúduithe béil de réir mar is cuí don ábhar.

50. Ina aighneacht, luaigh Clár na Brataí Buí go léiríonn an modh measúnachta reatha *'luach níos mó ar ábhar a chur de ghlanmheabhair thar scileanna eile, ar nós cumarsáide agus cuir i láthair… go léiríonn sé cur chuige aonchultúrtha i leith an oideachais agus an mheasúnaithe, nach bhfreastalaíonn ar an éagsúlacht scileanna atá i láthair i seomra ranga idirchultúrtha – i scoileanna Brataí Buí, tá an éagsúlacht seo léirithe le níos mó ná 83 eitneacht agus náisiúntacht ó 2009 i leith.'*

51. Tagraítear i roinnt aighneachtaí don ghá atá le hathchóiriú ar an Idirbhliain agus do thascanna Idirbhliana a bheith san áireamh sa toradh deiridh.

52. Ina aighneacht, luaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann '*go dtugann formhór scoláirí (thart ar 70%) faoi chlár roghnach idirbhliana idir iar-bhunoideachas sóisearach agus sinsearach, ar mhaithe le sampla a fháil d'ábhair éagsúla agus tabhairt faoi thaithí oibre chun eolas a fháil i gcomhair roghanna oideachais agus gairme amach anseo. Faoi láthair, ní dheimhnítear go leor éachtaí luachmhara foghlama le linn na hIdirbhliana, rud a chuireann isteach ar a n-iniomparthacht agus ar a n-aitheantas ina dhiaidh sin. Ba chóir féachaint ar dheimhniú aitheanta, lena n-áirítear micreacháilíochtaí, mar uirlisí chun feabhas a chur ar thrédhearcacht, iniomparthacht agus aitheantas ar éachtaí foghlama na hIdirbhliana.'*

53. I bhfianaise ó bhéal ar an 16 Samhain 2021, thug an tOllamh Tom Collins, Uachtarán Emeritus Ollscoil Mhá Nuad, breac-chuntas ar an gcaoi gur deiseanna thar a bheith múnlaitheach do scoláirí iad gníomhaíochtaí seach-churaclaim a dhéantar san Idirbhliain, mar shampla spórt agus gníomhaíochtaí ealaíne cosúil le drámaíocht, ceol agus cinn eile amhail gníomhaíochas sóisialta.

54. Mhaígh an tOllamh Collins *'toisc nach dtagann na gníomhaíochtaí a luadh roimhe seo faoi raon feidhme na measúnachta Ardteistiméireachta, tá an poitéinseal spriocanna níos leithne an oideachais Iar-bhunscoile a bhaint amach laghdaithe go mór.'*

55. Chuir an tOllamh Tom Collins imní in iúl go bhféadfaí 'aeistéitic iomlán Chlár na hIdirbhliana a íobairt i gcomhthéacs na bprótacal measúnachta.' Léirigh an Dr. Jim Gleeson an imní seo freisin agus mheas sé 'gur cheart aon chur isteach ar chultúr na hidirbhliana agus aon athruithe a dhéanfaí, a dhéanamh ar bhealach an-chúramach.'

56. I bhfianaise ó bhéal, ar an 16 Samhain 2021, d'athdhearbhaigh an Dr. Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, an smaoineamh gur cheart measúnacht san Idirbhliain a mheas ó thaobh na sraithe sinsearaí a fheabhsú. Thagair sé d'fhianaise ó bhéal an Chomhbhoird Bainistíochta, inar leagadh béim ar raon na roghanna féideartha measúnachta atá i bhfeidhm cheana féin tríd an idirbhliain, lena n-áirítear tionscadail, measúnuithe punann-bhunaithe, agallaimh deireadh bliana agus measúnacht mhodúlach creidiúint-bhunaithe.

57. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an tUasal Tony Donohoe, Cathaoirleach, An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí, *'tá deis chinnte ann an Idirbhliain a chur san áireamh, ar bhealach éigin, i measúnacht na hArdteistiméireachta.'* Dúirt an tUasal Donohoe freisin, *'ní gá go mbeadh scrúduithe i gceist leis an measúnacht, ach gur gá é a chur san áireamh sa phróiseas meastóireachta agus measúnachta.'*

58. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an tUasal Neil McDonnell, Príomhfheidhmeannach, Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann, *'Ón nóiméad a fhágann duine óg an scoil agus go dtéann siad chuig an gcoláiste, beidh siad faoi réir mheasúnachta leanúnaí. San ionad oibre, déanfar measúnú leanúnach orthu. Tá sé deacair agus uaireanta dian go dtarlódh sé sin agus dá thúisce a théann siad i dtaithí air, is amhlaidh is fearr. Déanfaidh mé achoimre ar an bpointe trína lua nach é an bealach inar cuireadh an mheasúnacht leanúnach i bhfeidhm*

*sna blianta ardteistiméireachta 2020 agus 2021 an bealach lena cur i bhfeidhm amach anseo.'*

59. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Ryan Sharpe, scoláire, Cork Life Centre, *'is uirlis iad measúnachtaí leanúnacha nach n-úsáidtear leath a ndóthain sa chóras… Is geata iad chun foghlaim conas scileanna saoil a fháil i dtaighde a dhéanamh ar smaoineamh agus ar smaoineamh a fhorbairt, agus í a chur i bhformáid, chomh maith le foghlaim conas an méid atá agat a thaispeáint don domhan*.'

60. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, luaigh Meadhbh Costello, Uasal, Feidhmeannach Polasaí Sóisialta, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, *'tá go leor rudaí dearfacha ag baint leis an ardteistiméireacht nach mór dúinn a choinneáil in aon athchóiriú, lena n-áirítear dearcadh an phobail go bhfuil ard-leibhéal cothroime sna scrúduithe deiridh. Mar sin féin, ní ullmhaíonn an Ardteistiméireacht scoláirí go hiomlán chun dul isteach sa bhreisoideachas nó i saol na hoibre. Teastaíonn samhail mheasúnachta uainn i ndáiríre a sheasann leis an rud a bhfuil luach againn air in eispéireas an scoláire agus a aithníonn agus a chúitíonn gach cineál foghlaimeora. Ní mór dó seo scileanna inaistrithe a leabú, chomh maith le scileanna infhostaitheachta. Ní mór na scileanna ardoird seo a aithint i ndáiríre mar chuid luachmhar d'fhoghlaim an duine aonair. Mar gheall go ndíríonn sí ar scrúdú deiridh, cúngaíonn an tsamhail mheasúnachta reatha eispéireas foghlama an scoláire síos go foghlaim de ghlanmheabhair agus a bheith in ann, ag aon phointe amháin ama, gach ar foghlaimíodh le linn dhá bhliain a thabhairt chun cuimhne. An rud ba mhaith linn a fheiceáil ná measúnacht leanúnach i bhformáidí éagsúla a bheadh níos fearr in ann turas foghlama an fhoghlaimeora a ghabháil thar an dá bhliain sin. Ba chóir é seo a dhéanamh thar roinnt modhanna measúnachta éagsúla inar féidir scileanna a áireamh i réimsí cosúil le smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, obair foirne, cumarsáid, anailís sonraí agus sainaithint sonraí a ligfidh do na scoláirí forbairt a dhéanamh ar chumas chun dul i ngleic leis na dúshláin mhóra atá le sárú ag an tsochaí.'*

61. I bhfianaise ó bhéal, ar an 25 Eanáir 2022, luaigh an tUasal Dalton Tattan, Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais, maidir le scaipeadh measúnachtaí thar dhá bhliain agus carnadh na cáilíochta trí ghráid chreidiúnaithe agus scrúduithe '*Is cinnte go mbainfeadh an fhéidearthacht leis an gcineál cáis atá péinteáilte ag an Teachta*

*go gcabhródh sé le scoláirí ó thaobh cuid den strus a mhaolú. Mar sin féin, seasann cúpla rud amach dom a chiallaíonn nach mór dúinn smaoineamh go cúramach air. Fadhb amháin ná go mb'fhéidir nach mbeadh eispéireas an-mhodúlach ina rud dearfach do scoláirí. Mar shampla, d'fhéadfaimis cinneadh a dhéanamh go dtarlódh na scrúduithe cainte ag deireadh an cúigiú bliain. Ní cheapfadh duine ar bith gur smaoineamh maith é sin toisc go bhféadfadh cuid mhór den eispéireas a bhaineann le teanga a fhoghlaim titim i leataobh go han-luath. Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil roinnt gnéithe ann a d'fhéadfaimis a dhéanamh níos luaithe sa tsraith dhá bhliain agus d'fhéadfadh siad sin tarlú sa chúigiú bliain dá gceapfaimis go raibh sé sin oiriúnach. Is minic a dhéantar argóint, agus an ceart ar fad léi, gur chóir go laghdódh scaipeadh amach na measúnachtaí seo na leibhéil struis, ach tá an baol ann má tá go leor acu ann, nó má thosaímid ag tabhairt isteach go leor comhpháirteanna measúnachta éagsúla thar réimse na n-ábhar, go bhféadfadh na scoláirí a bheith ag tabhairt faoi mheasúnachtaí ar bhonn rialta. D'fhéadfadh sé sin cur as don méid atá ag tarlú sa seomra ranga mar nach mbeidís in ann díriú ar rud ar bith ach an chéad scrúdú praiticiúil eile, an chéad tionscadal eile nó pé rud a bheadh ann. Caithfimid a bheith cúramach agus rudaí a struchtúrú sa chaoi is nach mbeidh iarmhairtí neamhbheartaithe acu.'*

62. Ina haighneacht, dúirt Institiúid na dTreoirchomhairleoirí gur *'chóir sláine reatha scrúdaithe atá anaithnid, oibiachtúil agus mar an gcéanna do gach duine a chaomhnú. Ba chóir cuid shuntasach den ghrád deiridh a chur i leith scrúdaithe den sórt sin. Cén fáth? Toisc gur scil thábhachtach saoil é ullmhú le haghaidh scrúdaithe a mhacasamhlaíonn agus a ullmhaíonn scoláirí le haghaidh tascanna ardriosca a bheidh orthu tabhairt fúthu faoi bhrú ina ngairmeacha agus, má theipeann orthu, cuirfear piaraí atá in ann ag an tasc ina n-ionad, e.g. ionadaí díolacháin, píolóta, máinlia. Éilíonn formhór post orainn feidhmiú de réir caighdeáin shocraithe agus freagra a thabhairt ar imeachtaí nach bhféadfaimis a bheith ag súil leo nó a bheith ullmhaithe go hiomlán chucu, e.g. eachtra chriticiúil i scoil. Is scil riachtanach saoil é, nach mór do gach scoláire a fhoghlaim, gur comórtas atá sa saol, gur féidir linn foghlaim ó theip agus nach buille tubaisteach é. Le hathruithe ar ghrádú le déanaí, táimid ag cosaint scoláirí ó theip. Níl sé seo sláintiúil ná ciallmhar mar, nuair a fhágann siad an scoil, ní bheidh siad in ann déileáil le teip i saol na hoibre murar éirigh leo iad féin a chur ar a gcosa arís*

*tar éis eachtra díomách nó iad féin a athchruthú tar éis teip agus iad ag teacht in inmhe.'*

63. Nótáil Institiúid na dTreoirchomhairleoirí freisin, '*toisc go n-oibríonn déagóirí den chuid is mó san aimsir láithreach agus nach bhfuil an caidreamh céanna acu le himeachtaí amach anseo agus a bhíonn ag daoine fásta, caithfidh tionscadail nó tascanna atá grádaithe mar chuid den mheasúnacht leanúnach tarlú laistigh de roinnt seachtainí, 8 seachtaine ar a mhéad.'*

64. Ina aighneacht, dúirt Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann nach mór d'aon leasú ar an Ardteistiméireacht '*leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas de mheasúnacht sheachtrach agus dhall chun fadhbanna a bhaineann le ciníochas agus le claontacht gan aithne a shárú.'*

65. Ina aighneacht, luaigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit *'ó 2018 i leith, tá roinnt ábhar Ardteistiméireachta nua tugtha isteach, a bhfuil comhpháirt mheasúnachta amháin nó níos mó acu ar fad, chomh maith leis an scrúdú scríofa, a dearadh ionas go gcuireann siad deiseanna ar fáil do scoláirí réimse chomh leathan eolais, tuisceana agus scileanna agus is féidir a léiriú. Cuirtear na comhpháirteanna seo faoi bhráid an Choimisiúin i bhformáid dhigiteach lena marcáil agus áirítear orthu Polaitíocht agus Sochaí, Corpoideachas, Ríomheolaíocht, Eacnamaíocht agus Eolaíocht Talmhaíochta.'*

66. Ina aighneacht, dúirt an CNCM go moltar sa Tuarascáil Chomhairleach gur chóir do scoláirí taithí a fháil ar mheasúnachtaí éagsúla atá spásáilte go cuí ar fud na sraithe sinsearaí ar feadh dhá bhliain nó trí bliana. D'fhéadfaí modhanna measúnaithe, míreanna, ualuithe agus amchláir chomhpháirteacha a fhorbairt chun ailíniú níos fearr a bhaint amach leis na cosáin foghlama sholúbtha atá beartaithe laistigh den chéim athfhorbartha seo d'oideachas an duine óig.

67. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Arlene Foster Uasal '*i gcaitheamh na gceithre bliana d'athbhreithniú na sraithe sinsearaí, téama feiceálach amháin, ina dteannta siúd a luaigh mé cheana, ba ea an rud atá an - mhaith a chaomhnú, chomh maith leis na rudaí a oibríonn go maith agus na láidreachtaí, in éineacht le héabhlóid leanúnach. Sainaithníodh go leor láidreachtaí*

*tríd an athbhreithniú, lena n-áirítear an raon ábhar agus modúl atá ann cheana féin agus na deiseanna a thugann siad do dhaoine óga, chomh maith leis an raon cur chuige measúnachta agus modhanna measúnachta, go háirithe le linn na hidirbhliana, chlár na hardteistiméireachta feidhmí, agus gairmchlár na hArdteistiméireachta. Tá cleachtas saibhir sna cláir sin.*

*I measc na láidreachtaí eile a ndearnadh tagairt dóibh bhí na comhpháirteanna breise measúnachta a tugadh isteach le blianta beaga anuas agus na deiseanna a thugann siad sin do dhaoine óga chun réimse foghlama níos mó a léiriú.*

*Fuair an idirbhliain dearfacht agus tacaíocht ollmhór le linn an athbhreithnithe. Rud ar cuireadh béim ar leith air ba ea na deiseanna uathúla a chuireann an idirbhliain ar fáil d'fhoghlaim daoine óga gan brú ó scrúdú Stáit. Tarraingíodh aird arís agus arís eile ar an ngné scoilbhunaithe den idirbhliain.'*

## MOLTAÍ:

3. Ba chóir modúlú a thabhairt isteach do gach ábhar, chun go gcuimseofar:

- Tascanna scríofa a ullmhaítear sa rang faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga, marcáilte ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, le raon leathan roghanna chun an tsaoirse is mó is féidir a thabhairt do scoláirí topaicí a roghnú mar bhealach chun foghlaim fhéinstiúrtha a spreagadh.

- Cur i láthair ó bhéal ag úsáid sleamhnáin PowerPoint ar thopaic roghnaithe, taifeadta agus measúnaithe ag an múinteoir ranga le seiceálacha bailíochtaithe seachtracha déanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Moltar i gcás gach ábhair, go gcríochnófar 2 Mhodúl le himeacht na Sraithe Sinsearaí, ceann amháin sa 5ú agus 6ú Bliain. Ansin bheadh scrúdú scríofa ar siúl i ngach ábhar ag deireadh an 6ú bliain. Ba chóir don Roinn Oideachais an Scéim Mharcála a chinneadh i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

Ba chóir féachaint ar Thascanna na hIdirbhliana a chur san áireamh sa scéim mharcála deiridh.

4. Ba chóir oiliúint éigeantach ar Mhodúlú a chur ar fáil i ngach cúrsa Oiliúna Tosaigh Múinteoirí agus do gach múinteoir meánscoile mar chuid dá bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach.

5. Ba chóir don Roinn Oideachais dul i dteagmháil leis an Lárionad um Thaighde Measúnaithe, Beartas agus Cleachtas san Oideachas (CARPE), Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, ar mhaithe le tuilleadh taighde a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar bhailíocht Fhéinmheasúnachtaí Daltaí.

6. Ba chóir don Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnachtaí cainte agus éisteachta i dteangacha iasachta i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun feabhas a chur ar líofacht cainte na scoláirí seachas ar fhoghlaim na bhfreagraí. Bheadh an t-athchóiriú seo i gcomhar le Moladh 8 (féach Caibidil 3), agus torthaí an *tSainghrúpa Oibre ar Nuatheangacha Iasachta* atá beartaithe.

# CAIBIDIL 3 RÉIMSÍ PRÍOMHÁBHAR AGUS AN FHOGHLAIM DHIGITEACH

## RÉIMSÍ PRÍOMHÁBHAR

68. Ina haighneacht, maíonn an Dr Áine Hyland *'nach bhfuil sé oiriúnach go leanfadh céatadán chomh hard sin de scoláirí na sraithe sinsearaí clár sraithe sinsearaí acadúla mar is amhlaidh faoi láthair.'* Nótáil sí *'go leanann níos lú ná 10% de scoláirí na Sraithe Sinsearaí Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí faoi láthair.'* Dúirt sí gur *'gá athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar an tsraith shinsearach iomlán ionas go dtógfaidh céatadán níos airde scoláirí rogha nach bhfuil chomh hacadúil tar éis na Sraithe Sóisearaí.'*

69. Ina aighneacht, dúirt Foróige '*creidimid gur gá luach a bheith ar an oideachas neamhfhoirmiúil laistigh den chóras foirmiúil ar mhaithe le fíorathrú, a mbeidh tionchar aige, a dhéanamh laistigh den Ardteistiméireacht agus den tSraith Shinsearach. Tarlaíonn an tSraith Shinsearach ag am ríthábhachtach i saol daoine óga, am ina bhfuil siad ag fágáil a ndéaga le bheith ina ndaoine fásta. Ach is am é seo freisin ina mbíonn go leor dúshlán le sárú ag daoine óga agus ina dteastaíonn córas oideachais a dhéanfaidh freastal ar a gcuid riachtanas. Tá bearna mhór idir an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimíonn scoláirí ar scoil agus an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn uathu chun barr feabhais a bhaint amach i bpobail an 21ú haois. Tá gluaiseacht fhorásach ann, agus atá le feiceáil san athbhreithniú seo, chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna seo agus leagan níos slánaithe de rath an scoláire a fhorbairt. Tugann oideachas neamhfhoirmiúil an deis do dhaoine óga scileanna amhail éirim mhothúchánach, smaointeoireacht chriticiúil, ionbhá, cumarsáid, obair foirne, pleanáil, acmhainneacht agus cruthaitheacht a fhoghlaim, a chleachtadh agus a bheith ina máistrí orthu. Is iad sin na scileanna a mhaíonn fostóirí a bheith tábhachtach d'infhostaitheacht agus d'fhorbairt eacnamaíoch. Trí na scileanna seo a fhorbairt, is féidir le daoine óga tionchar dearfach a bheith acu ní hamháin ar a bhforbairt féin ach ar fhorbairt thodhchaí eacnamaíoch na hÉireann chomh maith.'*

70. Ina aighneacht, dúirt an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, gur chóir machnamh a dhéanamh ar *'líon na n-ábhar scrúdaithe is gá do scoláirí a dhéanamh a laghdú ó 7 go 5 agus ar an gcaoi sin lá amháin sa tseachtain a bheith saor acu le haghaidh*

*díriú ar na ceisteanna/smaointe/caithimh aimsire a thaitníonn leo. D'fhéadfadh taithí oibre nó caitheamh aimsire a bheith i gceist leis seo, nó forbairt togra a bhfuil suim acu ann. Ba chóir an lá sin a thaifeadadh, trí iris nó blag físe, agus ba chóir é a thairiscint mar thaca d'eispéireas níos slánaithe, níos dearfaí agus níos pearsantaithe don tsraith shinsearach agus, i ndeireadh na dála, don Ardteistiméireacht. D'éascódh agus spreagfadh sé seo na scoláirí sin ar fad a bhfuil scileanna acu atá lasmuigh de raon na sraithe sinsearaí atá dírithe ar acadúlacht faoi láthair, chun tógáil ar na scileanna sin agus a bheith bródúil astu. Thabharfaí deis do scoláirí a bhíonn i mbun feirmeoireachta, ag obair ar innill, ag déanamh gruagaireachta, ag garraíodóireacht, i mbun spóirt, obair charthanachta agus go leor gníomhaíochtaí éagsúla eile tógáil ar a ngrá do ghníomhaíocht agus a fhoghlaim go bhfuil meas ag an tsochaí orthu as na gníomhaíochtaí sin freisin.'*

71. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, luaigh an tUasal Hugh Ahern ina anailís ar phríomhábhair na hArdteistiméireachta *'Is iad Béarla, Mata agus Gaeilge na príomhábhair don Ardteist faoi láthair. Faoi láthair, tá siollabais ar fáil i 36 ábhar. Ach ní thairgeann gach scoil an 36 ábhar ar fad… Ar an drochuair, feicim go leor scoileanna do chailíní nach bhfuil ag spreagadh na nEolaíochtaí Feidhmeacha (adhmadóireacht, innealtóireacht agus miotalóireacht) agus feicim go leor scoileanna do bhuachaillí nach bhfuil ag spreagadh eacnamaíocht bhaile. Airím go bhfuil sé seo as dáta mar go bhfuil suim ag go leor cailíní sa ghairm seo (i.e. Gwynne Shotwell, Príomhoifigeach Oibriúcháin SpaceX) agus bíonn go leor buachaillí ina gcócairí den scoth (i.e. Gordon Ramsay). Chomh maith leis sin, is dóigh liom go spreagann an Ardteist scoláirí chun dul chuig an gcoláiste agus ní bhíonn gach scoláire ag iarraidh dul chuig an gcoláiste.'*

72. Léirigh Jigsaw an tuairim chéanna seo ina aighneacht *'go bhfuil gné inscneach ag baint leis na hábhair a chlúdaítear i roinnt scoileanna, i.e. nach gclúdaítear eolaíocht talmhaíochta i ngach scoil cailíní agus nach gclúdaítear eacnamaíocht bhaile i ngach scoil buachaillí.'*

73. Ina aighneacht dúirt an Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn, cé go bhfuil *'acmhainn ag cúrsaí gnó agus cuntasaíochta tríú leibhéal reatha do scoláirí breise, tá ag teip ar Chuntasaíocht na hArdteistiméireachta scoláirí a mhealladh agus a spreagadh sách maith ná a ndóthain misnigh a thabhairt dóibh chun cláir chuntasaíochta a roghnú ag an tríú leibhéal. Cé go bhfuil an t-éileamh ar chuntasóirí i ngach earnáil de* gheilleagar na hÉireann ag fás i gcónaí, ní leor an phíblíne chomhfhreagrach de thallann nua atá ag iarraidh dul isteach sa ghairm chun na deiseanna atá ar fáil a líonadh. Mura nglactar céimeanna chun aghaidh a thabhairt air seo, is cinnte go dtiocfaidh méadú ar an nganntanas scileanna ríthábhachtacha a d'fhéadfadh bac mór a chur ar théarnamh eacnamaíoch na hÉireann agus ar ionchais fáis amach anseo.'

74. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an Dr. Ruth Freeman, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, *'nach mór do [scoláirí] a bheith feistithe leis an gcumas fadhbanna casta a réiteach trí smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálaíocht a chothú. Rachaidh scileanna maithe cumarsáide agus idirphearsanta agus an cumas oibriú mar chuid d'fhoireann éagsúil chun tairbhe do scoláirí a théann isteach san fhórsa saothair agus beidh siad éifeachtach go pearsanta. I ndeireadh na dála, ní mór dúinn scoláirí a chruthú a bheidh ina bhfoghlaimeoirí ar feadh a saoil.'*

75. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an tUasal Neil McDonnell, *'i dtaca le réimsí príomhábhar, tá béim anois ag ranguithe an Chláir um Measúnú Idirnáisiúnta ar Dhaltaí, PISA, ar inniúlacht dhigiteach. Mar sin féin, tá teipeanna bunúsacha nótáilte ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann agus ag ár mbaill i measc na n-earcach ag leibhéal céimithe maidir le tascanna réasúnta simplí a chur i gcrích, mar shampla alt ciallmhar de théacs a chur i dtoll a chéile ar ábhar a bhaineann le gnó gan aon earráidí litrithe nó gramadaí.'*

76. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, nótáil an Dr Emer Smyth, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) *'Chomh maith le tagairt a dhéanamh do bhearnaí san ullmhúchán do shaol na hoibre agus do shaol an duine fásta, tá sé ráite arís agus arís eile ag daoine óga a ndearna muid suirbhé orthu nach mbraitheann siad go bhfuil a n-oideachas dara leibhéal ag cothú an ghrá sin don fhoghlaim iontu. Baineann sé seo le léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr, le sásamh a bhaint as ealaín agus ceol agus fiú le dul i mbun spóirt agus aclaíocht coirp.'*

77. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, thug Amber Sheridan O'Callaghan, Uasal, iar-scoláire, Cork Life Centre an tuairim, *'dá mbeimis ag foghlaim rudaí a bhí úsáideach dúinn sa saol, bheadh sé níos tairbhí. Tá an-strus ag baint le gach rud ar an gcuraclam a fhoghlaim, go háirithe nuair a bhíonn a fhios againn nach n-úsáidfimid go deo é… Dá bhfoghlaimeoimis rudaí a rachadh chun tairbhe dúinn i ndáiríre sa saol, bheadh i bhfad níos lú struis ag baint leis.'*

78. Ina aighneacht, d'éiligh Citywise Education *'go dtabharfaí aitheantas agus creidiúnú do na gnéithe 'neamhacadúla' sin den oideachas a dhéantar i scoileanna mura bhfuil múinteoirí aonair nó scoileanna chun leanúint orthu ag déanamh neamhshuim de na gnéithe sin den oideachas ar mhaithe le torthaí a bhaint amach dá gcuid scoláirí. Dá bhrí sin, ba chóir an rannpháirtíocht agus an fhoghlaim a bhaintear amach i gcláir nach cláir scrúdaithe iad (saoránaíocht, reiligiún, forbairt phearsanta, spórt, taithí oibre) a mheasúnú agus a chreidiúnú mar chuid de mheasúnacht na hArdteistiméireachta. Chuige sin bheadh gá le measúnacht scoilbhunaithe le bailíochtú ón taobh amuigh ar na modhanna measúnachta a úsáidtear. Ba chóir bailíochtú den sórt sin a bheith faoi réir caighdeáin náisiúnta arna leagan síos ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.'*

79. Ina aighneacht, leag Gaisce béim freisin ar an ngá atá le "scileanna boga" agus nótáil sé '*mar ar éirigh le Gaisce san Idirbhliain mar gheall gurb é cuspóir Gaisce, agus cuspóir na hIdirbhliana, forbairt phearsanta agus shóisialta a spreagadh. Agus creat struchtúrtha agus forásach á chur ar fáil trína bhfoghlaimíonn agus trína bhforbraíonn daoine óga go fisiciúil, go cognaíoch agus go sóisialta. Spreagann Gaisce daoine óga agus cúitíonn sé iad as a gcuid paisean a aimsiú agus dúshlán a thabhairt dóibh féin, chun tionchar dearfach a imirt orthu féin agus ar an domhan mórthimpeall orthu.'*

80. Ina aighneacht, d'iarr An Taisce ar scoileanna díriú ar mhúineadh do pháistí faoin timpeallacht agus nótáil sé an dea-obair a rinneadh sa bhliain acadúil 2019-2020, do scoileanna a bhí rannpháirteach i gclár na Scoileanna Glasa. Nótáil sé ina aighneacht '*agus déine phaindéim COVID-19 ag tosú ag dul i laghad, tiocfaidh na saincheisteanna maidir le hAthrú Aeráide agus Caillteanas Bithéagsúlachta chun cinn arís mar mhórcheisteanna a mbreathnóidh formhór daoine óga orthu mar bhagairt an-dáiríre agus an-eiseach. Is cinnte go bhfágfaidh sé sin go mbeidh gá don tSraith Shinsearach soláthar a dhéanamh don réaltacht seo*.'

81. Ina aighneacht, nótáil an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, *'go bhfuil an claochlú digiteach ar ghnó ag athrú an chaoi a n-oibríonn daoine, go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha nua agus samhlacha gnó ag athrú próifílí scileanna do róil atá ann cheana féin agus ag cruthú róil nua. Le uathoibriú níos mó a dhéanamh ar ghnáth-thascanna, de réir a chéile beidh obair amach anseo ag bogadh i dtreo tascanna neamhghnáthaimh, tascanna réiteach fadhbanna, tascanna cruthaitheacha agus tascanna idirphearsanta. Is iad scileanna trasnaí amhail smaointeoireacht chriticiúil; réasúnaíocht agus réiteach fadhbanna casta; cruthaitheacht agus nuálaíocht; comhoibriú; cumarsáid; foghlaim ghníomhach; féintionscnamh agus féinbhainistiú, na scileanna a chuirfidh ar chumas duine oiriúnú agus uas-sciliú chun freastal ar éilimh thírdhreach na fiontraíochta atá ag athrú go leanúnach. Tá tionscal dírithe níos mó agus níos mó ar an bhfostaí T-chruthach, a bhfuil eolas fairsing teicniúil agus ualach scileanna trasnaí acu a chuireann ar a gcumas oibriú ar fud feidhmeanna gnó agus a bheith solúbtha agus freagrúil d'athruithe.'*

82. Ina aighneacht, nótáil Rethink Ireland go bhfuil *'cruthaitheacht agus na hEalaíona leagtha amach i mórán tuarascálacha mar phrionsabal lárnach atá mar bhonn agus mar thaca ag an bpróiseas athchóirithe curaclaim in Éirinn. Chomh maith leis sin, tá fianaise ann do thorthaí tairbheacha do scoláirí a théann i mbun cleachtais chruthaitheacha amhail pobail a thógáil, forbairt phearsanta a fheabhsú agus mothú folláine a chothú.'*

83. Ina aighneacht, nótáil Localise Youth Volunteering an tábhacht a bhaineann le hobair dheonach a chur san áireamh i gclár na Sraithe Sinsearaí agus luaigh sé *'go bhfuil sé faighte amach go ndéanann an Ardteistiméireacht dochar d'fholláine scoláirí agus do theagasc agus d'fhoghlaim, rud a fhágann lorg ar mhórán den eispéireas oideachasúil. Má chothaítear clár pleanáilte saorálaíochta déantar mórán chun na héifeachtaí díobhálacha seo a chur ina gceart agus daoine óga ag déanamh nasc lena bpobal, ag tuilleamh meas an phobail agus ag cur lena bpobal.*

*Má chreidimid go fírinneach go gcuidíonn obair dheonach le daoine óga saol rathúil a bheith acu, agus go gcuidíonn obair dheonach le ceannairí cathartha, sóisialta agus pobail na todhchaí a chruthú, tá cur chuige struchtúrtha chun creat saorálaíochta óige a thógáil riachtanach mar sin agus ní mór meas a léiriú ar obair dheonach ar an mbealach a léirímid é d'éachtaí acadúla.'*

84. Ina aighneacht, dúirt an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Iar-bhunoideachais, *'Díríonn an treocht oideachais fhoriomlán go príomha go fóill ar chumas acadúil an duine óig, nuair nach dtugtar an aird chéanna ná an tosaíocht chéanna do na buanna fisiciúla/praiticiúla, na cumais chruthaitheacha ná na héachtaí neamh-acadúla i gcoitinne. Léirigh torthaí na héifeachtaí dearfacha a bhíonn ag oideachas ealaíon i roinnt réimsí lena n-áirítear sásamh intreach an scoláire, eolas agus scileanna i bhfoirm ealaíne, eolas sóisialta agus cultúrtha, scileanna cruthaitheachta agus smaointeoireachta, scileanna cumarsáide agus léiritheacha, forbairt phearsanta agus shóisialta, éifeachtaí a aistríonn go comhthéacsanna eile.'*

## AN FHOGHLAIM DHIGITEACH

85. Ina haighneacht, nótáil an Dr Hyland *'tá scoláirí agus múinteoirí oilte anois ar fhoghlaim ar líne mar gheall ar phaindéim Covid 19.'* Mhol sí gur *'chóir tógáil ar an taithí seo agus gur chóir go leanfadh roinnt teagaisc agus foghlama ar líne. D'fhéadfaí roinnt measúnachtaí a dhéanamh ar líne freisin – más féidir laistigh d'fhoirgneamh na scoile agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora.'* Dúirt sí, áfach, *'chun go n-éireodh leis seo caithfear aghaidh a thabhairt ar cheist na rochtana ar theicneolaíocht agus acmhainní airgeadais nó acmhainní eile á gcur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh comhdheiseanna ag gach scoláire.'*

86. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Andrea Feeney Uasal, Príomhfheidhmeannach, CSS '*fáiltímid san fhógra an t-iniúchadh ar úsáidí féideartha TFC i scrúduithe agus i measúnacht agus freisin gur aithníodh go gcaithfear é seo a cheangal leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna.'*

87. Tagraíonn Aighneacht an CSS don bhfíric go gcuirtear leaganacha digiteacha de leabhráin do chomhlánú obair cúrsa i réimse ábhar ar fáil do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta faoin scéim Socrú Réasúnta. Táthar ag breathnú ar aistriú chuig comhlánú agus cur isteach digiteach na dtuairiscí ar obair chúrsa sa Stair, sa Tíreolaíocht agus san Oideachas Reiligiúnach do gach iarrthóir Ardteistiméireachta.

88. Lena chois sin nótáiltear san aighneacht go gcuirtear comhpháirteanna d'obair chúrsa i gCorpoideachas, Ríomheolaíocht agus Grafaicí Cumarsáide agus Dearaidh na hArdteistiméireachta isteach go digiteach chun iad a mharcáil. San fhadtéarma, a luaithe a bheidh marcáil na ríomh-oibre cúrsa triailte agus curtha i bhfeidhm, tá sé beartaithe marcáil na gcomhpháirteanna seo a aistriú chuig an gcóras ar líne. Idir an dá linn, táthar ag fiosrú beart eatramhach a d'fhéadfadh a bheith ina chóras marcála tairseachbhunaithe.

89. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt Maedhbh Costello Uasal leis an gCoiste gur *'Príomhréimse is ea scileanna digiteacha. Is mol í Éire do go leor mórghnólachtaí domhanda TFC, agus ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil píblíne láidir ann de chéimithe TFC, rud a leanfaidh le próifíl na hÉireann ina leith seo a ardú. Is fíric é go bhfuil scileanna digiteacha agus inniúlacht dhigiteach tar éis dul i bhfeidhm ar beagnach gach earnáil den tsochaí agus go mbeidh ar gach duine rochtain a fháil ar na scileanna sin. Ní mór don inniúlacht dhigiteach a bheith neadaithe ar fud an chórais oideachais agus ní mór bunús a thabhairt don méid sin ní hamháin ag an dara leibhéal ach freisin i mbunscoileanna chun a chinntiú go mbeidh an t-ullmhúchán ceart ag na scoláirí chun iad a sheoladh isteach i scileanna digiteacha níos forbartha ar nós na ríomheolaíochta, an chódaithe, na hanailíse sonraí agus fiú scileanna na hintleachta saorga.'*

90. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7ú Nollaig 2021, nótáil oifigigh na Roinne Oideachais gur fhógair an tAire Foley, *'próiseas comhairliúcháin fairsing chun cabhrú le forbairt na straitéise nua digití do scoileanna a threorú. Tá sé beartaithe go mbeidh sé seo mar chomharba ar an straitéis dhigiteach roimhe seo inar infheistíodh níos mó ná* €200 milliún i neadú teicneolaíochtaí digiteacha ar fud an teagaisc, na foghlama agus na measúnachta.' Dúirt an Roinn, 'i gcomhairle leis an CNCM, cinnteoidh sí go mbeidh ráitis shoiléire i ngach sonraíocht nua agus athbhreithnithe curaclaim a dhíreoidh ar fhorbairt scileanna foghlama digiteacha agus ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha mar acmhainn chun torthaí sonracha a bhaint amach ar fud an churaclaim.'

91. Ina aighneacht, mhol an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí *'Caithfidh an Roinn Oideachais aon ardán digiteach amháin a fhorbairt, nó a roghnú, a dtacóidh siad leis ar fud na scoileanna uile ionas go mbeidh rochtain ag gach scoil ar an rogha ar líne céanna amach anseo. Ní mór dóibh oiliúint a chur ar fáil freisin do mhúinteoirí maidir le conas ardán den sórt sin a úsáid agus a uasmhéadú ionas nach gcinntear taithí na scoláirí ar fhoghlaim ar líne trí cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil duine éigin ag a scoil a bhfuil a fhios acu conas ardán ar leith a úsáid. Tabharfaidh caighdeánú comhsheasmhacht agus cinnteacht do gach uile scoláire.'*

92. Dúradh in aighneacht ADIBÉ a eisíodh go mbaineann *'98.6% de na scoláirí a ndearna suirbhé*[4] *orthu taitneamh as teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cabhrú lena gcuid foghlama. Dúirt 59.6% gur theastaigh rochtain go minic uathu ar ghaireas chun cabhrú leo staidéar agus tascanna obair bhaile a dhéanamh agus luaigh 80.5% eile gur mhaith leo teicneolaíocht dhigiteach a úsáid níos mó ar scoil chun cabhrú leo lena gcuid foghlama.'*

93. I bhfianaise ó bhéal, ar an 5 Deireadh Fómhair 2021, thagair an tUasal Eamon Dennehy, Uachtarán, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire, don aistriú chuig cianteagasc le linn phaindéim Covid-19. Thug sé an tuairim *'gur léirigh an t-athrú seo chuig cianteagasc féidearthacht na foghlama digití chomh maith leis na teorainneacha a bhaineann léi.'* Chuir Dennehy in iúl nach ionann inniúlacht dhigiteach agus díreach cur ar chumas daoine teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun foghlama. Lena chois sin, baineann tairbhí léi ó thaobh scileanna sóisialta agus cultúrtha, smaointeoireacht chriticiúil agus '*claonadh a thuiscint chun cur ar chumas daoine óga páirt iomlán agus eiticiúil a ghlacadh i ndomhan sóisialta digitithe*.'

94. Dúradh in aighneacht Chumann na Meánmhúinteoirí freisin gur *'príomhscil thar gach réimse ábhair í an Inniúlacht Dhigiteach. Cuimsíonn sí scileanna teicniúla praiticiúla, scileanna comhoibrithe, scileanna sóisialta agus cultúrtha, smaointeoireacht chriticiúil, agus tuiscint ar chlaontacht chun cur ar chumas daoine óga páirt iomlán agus eiticiúil a ghlacadh i ndomhan sóisialta digitithe.'*

[4] Tuarascáil ADIBÉ ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí 2021

95. Nótáladh in aighneacht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, *'Tá go leor scoileanna ag iarraidh leas a bhaint anois as na hiarrachtaí a rinne a múinteoirí le linn na paindéime agus as an eolas nua atá faighte acu chun tacú le cleachtais dhifriúla. Tacaímid freisin le forbairt scileanna digiteacha agus teicneolaíochtaí digiteacha ar féidir leo cur le* hacmhainneacht amach anseo agus a chinntiú go mbeidh na forbairtí sin uilechuimsitheach agus go mbeidh siad dírithe i gcónaí ar an deighilt dhigiteach a dhúnadh.'

96. Nótáladh in aighneacht Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann *'nach mór d'ardteistiméireacht leasaithe tacú le foghlaimeoirí a inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus níos mó deiseanna a sholáthar chun tabhairt faoi ETIM agus faoi fhoghlaim dhigiteach. Léirigh ár dtaithí le Covid an luach agus an tábhacht a bhaineann le foghlaim atá feabhsaithe go digiteach sa bhaile agus sa seomra ranga araon. Mar sin féin, tá sé tar éis an deighilt dhigiteach atá idir scoileanna ar fud na hÉireann a thabhairt go mór chun solais. Teastaíonn deis ó gach scoláire forbairt a dhéanamh ar an meascán de scileanna digiteacha agus na scileanna boga comhlántacha atá riachtanach chun páirt iomlán a ghlacadh i sochaí atá ag éirí níos digitithe agus i dtodhchaí na hoibre. Chuige sin, ní mór an bhearna idir scoileanna maidir le rochtain ar theicneolaíocht, nascacht leathanbhanda agus cúnamh teicniúil a dhúnadh.'*

97. Ina aighneacht, dúirt an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí *'tá raon réimsí scileanna criticiúla ann d'eacnamaíocht na hÉireann nach mór a léiriú sa phróiseas athchóirithe seo. Réimse amháin is ea forbairt scileanna digiteacha mar chroí-inniúlacht san fhórsa saothair, chomh maith le scileanna TFC ardleibhéil chun claochlú digiteach a éascú agus a threisiú ar fud gheilleagar na hÉireann.'*

98. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Hugh Ahern leis an gCoiste gur *'chóir go mbeadh rochtain ag gach scoláire ar ghairis dhigiteacha le haghaidh obair scoile. Tá Covid-19 tar éis a léiriú dúinn go bhfuil gá go mbeadh rochtain ag gach scoláire ar ghaireas digiteach. Faoi láthair, níl rochtain ach ag 81% de scoláirí DEIS ar ghaireas digiteach don obair scoile agus tá rochtain ar ghaireas ag 88% de scoláirí nach scoláirí DEIS iad.'*

99. Ina aighneacht, leag Cumann Disléicse na hÉireann béim ar an ngá atá le *'úsáid fheabhsaithe na teicneolaíochta cumasúcháin i ngnáthshuíomhanna teagaisc agus foghlama.'* Mhínigh sé *'go gcuireann sé seo go mór ar chumas scoláirí disléicseacha, agus daoine eile, rochtain a fháil ar an gcuraclam.'* Rinneadh an pointe go *'gcabhródh sé go mór le scoláirí disléicseacha rochtain a bheith acu ar théacsleabhair i bhformáidí eile (e.g. ríomhleabhair, pdf, formáid daisy etc.) sa rang agus sa bhaile araon.* Ina theannta sin, d'iarr sé go mbeadh na formáidí seo ar fáil le haghaidh aon ghníomhaíochtaí measúnachta lena n-áirítear obair thionscadail, measúnachtaí sa seomra ranga, agus scrúduithe foirmiúla. Ar deireadh, dúradh *'gur chóir go mbeadh scoláirí in ann gairis chuí dhigiteacha a úsáid ar scoil agus gur chóir go dtacódh an t-infreastruchtúr i scoileanna leis seo.'*

100. D'éiligh Cumann Discléicse na hÉireann soiléireacht freisin maidir leis na gairis dhigiteacha atá ceadaithe lena n-úsáid i gcásanna measúnachta ar nós scrúduithe. Dúradh go bhfuil *'lagmhisneach ar scoláirí ó thaobh an teicneolaíocht a úsáid i ngnáthobair ranga ar eagla nach dtabharfar cead dóibh úsáid a bhaint as an teicneolaíocht i scrúduithe foirmiúla.'* Nótáladh *'nach bhfaigheann scoláirí amach go ginearálta cad é a cheadaítear dóibh a úsáid go dtí cúpla mí nó fiú cúpla seachtain roimh a gcuid scrúduithe má ligtear dóibh an teicneolaíocht seo a úsáid le linn a gcuid scrúduithe.'*

101. I bhfianaise ó bhéal, ar an 5 Deireadh Fómhair 2021, léirigh Clare Austick, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn, na hábhair imní seo chomh maith agus í ag rá, '*ní mór an deighilt dhigiteach a dhúnadh chun a chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach scoláire ar ábhair foghlama amhail ríomhaire glúine, nasc láidir Wi-Fi nó an teicneolaíocht agus na bogearraí atá ag teastáil chun samhail hibrideach ar líne a úsáid."* Léirigh Austick an tuairim '*go mbeidh maoiniú Stáit ag teastáil chun cabhrú le scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ó theaghlaigh ar ioncam íseal ina thaobh seo.'*

102. Ina aighneacht, dúirt Foróige gur chóir don oideachas digiteach '*díriú ar fhorbairt scileanna digiteacha, inniúlacht dhigiteach, saoránacht dhigiteach agus sábháilteacht dhigiteach agus go mbeadh sé á mhúineadh agus á éascú ag bunleibhéil, ardleibhéil agus ag leibhéil chruthaitheacha.'*

103. Mhol Foróige freisin *'an gá atá le cur ar chumas daoine óga a bheith ina gcruthaitheoirí, seachas ina dtomhaltóirí teicneolaíochta amháin, agus tacú leo a spéis bhunúsach sa teicneolaíocht agus a bhfiosracht nádúrtha inti a úsáid chun a gcumas mar cheannairí, mar chruthaitheoirí digiteacha agus mar athraitheoirí a fhiosrú.'*

104. Ina aighneacht, nótáil COGG go raibh deacrachtaí ann do scoileanna gan clúdach leathanbhanda, le linn phaindéim Covid-19, agus chreid sé go bhfuil sé riachtanach a chinntiú go mbeidh clúdach leathanbhanda iontaofa ardluais ag gach scoil sa tír, beag beann ar an suíomh tíreolaíoch.

105. Luaigh COGG freisin gur *gá 'Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a bheith mar chroí-ábhar sa chóras iar-bhunoideachais.'*

106. Lena chois sin, nótáil COGG go raibh an-rath ar thionscadal Molscoil na Roinne Oideachais agus an Aonaid um Oideachas Gaeltachta inar cuireadh cúrsa fisice na hArdteiste ar fáil ar líne do scoláirí i scoileanna Gaeltachta. Mhol sé go leathnófaí é chun breis scoileanna a bheith páirteach agus breis ábhar a bheith ar fáil. Dúradh gurb é *'earcú múinteoirí cáilithe le hardchaighdeán Gaeilge an dúshlán is mó atá ag na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus dá mbeadh córas molscoile ar fáil, d'fhéadfaí an fhadhb seo a mhaolú.'*

107. Aithníodh i roinnt aighneachtaí príomhdhúshláin a thagann leis an bhfoghlaim dhigiteach amhail rochtain chothrom ar leathanbhanda ardluais a chinntiú, rochtain ar ghairis chuí dhigiteacha, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí, polasaithe soiléire laistigh de scoileanna agus poist thiomnaithe cheannaireachta.

108. Ina aighneacht, luaigh Cumann na gColáistí Ardoideachais '*go gcuireann uirlisí agus teicneolaíocht foghlama digiteacha, mar aon le croíscileanna ríomhshábháilteachta, ar chumas an scoláire scileanna éifeachtacha foghlama féinstiúrtha a fhorbairt, scileanna smaointeoireachta criticiúla a ghéarú, freastal ar stíleanna éagsúla foghlama agus sábháilteacht agus eitic ar líne a chur chun cinn, ar ullmhú ríthábhachtach iad chun foghlaimeoirí a fhorbairt atá sábháilte, neamhspleách agus inniúlach go digiteach. I ndáiríre, chun scoláirí a ullmhú don saol nua-aimseartha, ba chóir an inniúlacht dhigiteach a mheas mar an ceathrú colún den oideachas in éineacht le léitheoireacht, scríbhneoireacht agus matamaitic.*'

## AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH (ATF)

109. Ina aighneacht, dúirt an Dr. Jim Gleeson go n-áiríonn *'príomh-chomhpháirteanna den Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) fócas ar rannpháirtíocht na scoláirí i bhfoghlaim ghníomhach, eispéireasach, chomhtháite, phobalbhunaithe.'* Thagair sé don fhíric go bhfuil sé modúlach agus seimeastaraithe ó thaobh struchtúir de, rud a éascaíonn carnadh creidiúintí le himeacht ama. Thug sé an tuairim *'gur féidir féachaint ar an ATF mar rud atá i bhfad chun cinn ar a am anois béim na hArdteistiméireachta traidisiúnta ag bogadh ó mhúineadh an ábhair go foghlaim scileanna.'*

110. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an Dr. Jim Gleeson go bhféadfadh *'an ATF cabhrú le hathshamhlú a dhéanamh ar an Ardteistiméireacht thraidisiúnta."* Dúirt sé freisin *"go bhféadfadh an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, in éineacht leis an idirbhliain, a bheith ina spreagadh agus ina bunús d'athchóiriú na hArdteistiméireachta traidisiúnta.'*

111. Mhol an Dr. Jim Gleeson an méid seo a leanas *'úsáid mhéadaithe de mheasúnacht leanúnach, cosúil leis an ATF. D'fhéadfadh sé seo cabhrú le hintinní a athdhíriú ar thábhacht oideachais na ngrád i gcomparáid leis an gclaonadh atá ann faoi láthair iad a fheiceáil i dtéarmaí scór pointí amháin agus an staid reatha den 'ollphléasc' nuair nach bhfaigheann scoláirí aon torthaí oifigiúla go dtí ocht seachtaine tar éis dóibh na scrúduithe a chríochnú.'*

112. Nótáil ADIBÉ *'nach bhfuil rochtain ach ag roinnt scoláirí ar an ATF agus nach bhfuil rochtain ag scoláirí i scoileanna eile uirthi, toisc gur minic a shainmhínítear na roghanna seo ar aon dul le tosca inscne agus socheacnamaíocha.'*

[5] Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016

113. Ina aighneacht, dúirt an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha, *'faoi láthair sa tSraith Shinsearach tá 4 chlár ar leith ann, an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Bhunaithe, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá an Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha ar son clár Sraithe Sinsearaí comhtháite a nascann na cláir Sraithe Sinsearaí seo ar bhealach comhleanúnach atá dírithe ar an scoláire i gcomhréir le Ag Breathnú ar an Scoil Againne[5], fís 2016 don Teagasc, don Fhoghlaim agus don Mheasúnacht fhíoréifeachtach.'*

114. I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, nótáil an tUasal Barry Slattery, Leas-Phríomhfheidhmeannach, CNCM, *'Chomh maith le foghlaim ó dhlínsí eile, tá go leor le foghlaim freisin ón gclár Ardteistiméireachta Feidhmí atá ann faoi láthair. Is clár bunaithe ar chreidiúintí é ina leithdháiltear na creidiúintí ar bhonn modúil éagsúla, mar sin déantar é a sheimeastarú de réir mar a bhíonn sé briste i gceithre sheisiún. Luaigh Arlene Forster Uasal an obair le scoileanna. Tá sé nótáilte roinnt uaireanta gurb é ceann de na príomhbhealaí forbartha chun cinn i sraith shinsearach athfhorbartha ná éagsúlú na gcosán. Iarradh orainn féachaint ar conas is féidir linn aon imfhálú a bhriseadh síos. Lena chois sin tá comhdhearcadh an-ghlórach ann ó na hathbhreithnithe nach mór dúinn aghaidh a thabhairt ar an imfhálú, a bhaineann le go leor de na saincheisteanna eile a phléamar níos luaithe toisc go bhfuil tionchar ollmhór aige ar chothroime measa agus tá tionchar aige sin ar roghnú chlár na hardteistiméireachta feidhmí é féin. Tá go leor sa chlár sin agus de réir mar a oibrímid chun na bacainní idir na cláir éagsúla a bhriseadh síos, tá go leor deiseanna ann. Is iontach an rud é i ndáiríre.'*

I bhfianaise ó bhéal, ar an 26 Aibreán 2022, dúirt Andrea Feeney Uasal, Príomhfheidhmeannach, CSS, freisin '*Labhraíomar go hachomair faoi na cosáin maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Ceann de na dúshláin laistigh den chóras ná nach bhfuil aon luach ar an ardteistiméireacht fheidhmeach. Níl aon mheas air. Is clár iontach é an clár ardteistiméireachta feidhmí. Labhraíomar faoin ráta an-ard coinneála atá againn. Is mar gheall ar an ardteistiméireacht fheidhmeach atá cuid mhaith de sin. Rachaidh scoláirí, a bheadh tar éis an scoil a fhágáil fadó tar éis na sraithe sóisearaí, ar aghaidh chun an ardteistiméireacht fheidhmeach a chríochnú agus beidh an meas céanna ar a gcáilíocht is atá ar an ardteistiméireacht. Faraor, níl luach ar an ardteistiméireacht fheidhmeach i gcomhthéacs dul chun cinn agus bíonn níos lú deiseanna ar fáil do scoláirí. Is féidir leo í a úsáid le haghaidh breisoideachais ach ní féidir leo í a úsáid chun dul chuig an ardoideachas go díreach. Is féidir leo tabhairt faoi chúrsaí iar-ardteistiméireachta, ach ní féidir leo dul go díreach chuig an ardoideachas. Tá dúshlán ag baint le luach a bheith air sin. Bhí an díospóireacht agus an dioscúrsa ar an tsraith shinsearach thar a bheith cabhrach chun aird a tharraingt ar an gclár ardteistiméireachta feidhmí agus an méid atá á dhéanamh aici do chohórt daoine óga ar dóchúla go mbeadh an scoil fágtha acu gan an cháilíocht dheireanach seo, mura mbeadh an clár sin ann. Ba bhreá linn dá dtabharfaí níos mó aitheantais don chlár sin, don obair iontach a dhéanann comhordaitheoirí ardteistiméireachta feidhmí i scoileanna agus don rannpháirtíocht iontach a bhíonn ag scoláirí sa chlár sin, a thugann siad leo le linn an dá bhliain a chaitheann siad i gclár na sraithe sinsearaí'.*

## TEANGACHA IASACHTA

115. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Tony Donohoe leis an gCoiste go bhfuil '*tacair scileanna i dteangacha iasachta de dhíth orainn, chun tacú le hiomaíochas agus éagsúlú thrádáil na hÉireann le margaí nach margaí na Ríochta Aontaithe iad tar éis an Bhreatimeachta agus chun ligean d'Éirinn a leasanna a oibriú agus a chur chun cinn i ngeilleagar atá ag éirí níos domhandaithe. Rud atá tábhachtach, beidh gá scileanna trasnaí nó scileanna níos boige, amhail smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, cumarsáid, cruthaitheacht agus ceannaireacht a neadú freisin chun tacú le hacmhainn agus le hacmhainneacht scoláirí, agus an gheilleagair i gcoitinne, chun déileáil le hathrú, amhail an t-aistriú chuig geilleagar digiteach agus níos glaise agus an tionchar a bheidh aige sin ar róil post agus ar ghairmeacha.'*

116. Ina theannta sin, dúirt sé *'Ceapaim gurb iad teangacha is achrannaí ar fad, maidir leis an gcaoi a dtugtar aghaidh orthu i ndáiríre. Is míbhuntáiste é a bheith i do thír ina labhraítear Béarla. Ní dóigh liom go bhfuil aon mhaith déanta ag teagasc agus foghlaim na Gaeilge, mar gheall ar an mbealach ina múintear an Ghaeilge seachas gur cheart í a mhúineadh. B'fhéidir gur chuir sé lagmhisneach ar roinnt tabhairt faoi theangacha. Go bunúsach, caithfimid deiseanna a thabhairt do dhaoine óga teangacha a úsáid, bíodh sin sa spórt nó pé áit eile agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Creid uaimse é, tá géarghá le scileanna teanga sa saol iar-Bhreatimeachta seo. Beidh orthu siúd in earnáil dhúchasach na hÉireann, ach go háirithe, a gcuid margaí a éagsúlú. Tá seanráiteas ann a deir go gceannaíonn tú i do theanga féin, ach go ndíolann tú i dteanga do chustaiméara. Má tá duine ag iarraidh go n-éireodh leo sna margaí easpórtála, ní mór go mbeadh baill foirne acu a bhfuil cumas teangacha acu.'*

117. Ina aighneacht, dúirt Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, *'tá níos mó ná 200 náisiúntacht éagsúil againn in Éirinn. Ní mór dúinn féachaint ar an tionchar atá ag ceisteanna ar nós an Bhreatimeachta agus an domhandaithe, atá ag cruthú an éilimh d'fhoghlaim teangacha éagsúla. Ní mór dúinn féachaint ar na dúshláin a bhaineann le ceannas an Bhéarla sa réimse domhanda, an easpa feasachta a bhaineann le deiseanna a d'fhéadfadh teangacha iasachta a thabhairt don duine aonair agus an deacracht a mheastar a bheith ann maidir le teangacha a fhoghlaim, chomh maith leis an nganntanas múinteoirí atá cáilithe chun nuatheangacha a mhúineadh.'*

118. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Eamonn Moran, Príomhoifigeach, an Roinn Oideachais, leis an gCoiste *'luaigh mé níos luaithe go raibh ceithre shonraíocht teanga iasachta nua i measc na sonraíochtaí ábhair nua Ardteistiméireachta a tugadh isteach le blianta beaga anuas: Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis agus Mandairínis. D'eascair siad seo go bunúsach ó straitéis teangacha iasachta na Roinne, Languages Connect*[6]*,a foilsíodh cúpla bliain ó shin. Straitéis is ea í chun a chinntiú go dtógfaidh níos mó scoláirí teangacha agus chun iarracht a dhéanamh freisin feabhas a chur ar mhúineadh agus ar fhoghlaim teangacha iasachta… San Ardteistiméireacht tá áis ann do scoláirí chun roinnt teangacha nach teangacha curaclaim iad a thógáil. Teangacha AE iad seo nach múintear i scoileanna faoi láthair. Tá ár straitéis teangacha iasachta ag druidim i dtreo leath bealaigh.'*

---

[6] [gov.ie - Languages Connect, Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017-2026 (www.gov.ie)]

## EOLAÍOCHT, TEICNEOLAÍOCHT, INNEALTÓIREACHT AGUS MATAMAITIC (ETIM)

119. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, nótáil an Dr Ruth Freeman, Fondúireacht Eolaíochta Éireann go bhfuil *'scoileanna á dtomhas i dtaca le scoláirí a fhaigheann 97% de thiontú go hollscoil agus leibhéil i bhfad níos ísle á bhfáil ag scoileanna eile. Tá argóint ann go bhfuil scoileanna le tiontú 97% ag teipeadh ar líon ollmhór a gcuid scoláirí. Is dócha go bhfuil go leor scoláirí sa chohórt sin atá b'fhéidir an-teicniúil agus a dhéanfadh go han-mhaith trí bhealaí ETIM, i bprintíseachtaí agus i gcineálacha eile ról de chineál ETIM. B'fhéidir go bhféadfaimis é sin a dhéanamh trí bhealaí eile a bheith againn chomh maith, trí ETIM san Ardteistiméireacht, agus ní rás pointí amháin leis na trí ábhar seo atá roinnte go soiléir, a mheallann, mar gheall ar steiréitíopaí, cohóirt an-difriúil scoláirí chun staidéar a dhéanamh orthu. Níl sé sin ionadaíoch i ndáiríre ar an eolaíocht sa domhan mar atá.'*

120. Dúirt an Dr Freeman freisin *'cuirimid fáilte mhór roimh na roghanna nua ar fhoirm an CAO. Tá ETIM bainteach go seasta le gnóthachtáil ard acadúil sa mhatamaitic ach tá a fhios againn go bhfuil raon i gceist. Teastaíonn bealaí i bhfad níos éagsúla smaointeoireachta uainn in ETIM ná díreach daoine a fhaigheann na marcanna is airde i matamaitic ardleibhéil. Tacaím go hiomlán le réimse leathan cosán a bheith againn isteach go ETIM. Caithfidh ETIM a bheith leathan agus éagsúil má táimid chun na fadhbanna a réiteach.'*

121. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt Oifigigh na Roinne Oideachais leis an gCoiste go bhfuil grúpa curtha ar bun acu chun scrúdú a dhéanamh ar conas cothromaíocht inscne in ETIM a fheabhsú. Tá ionadaíocht ag an ngrúpa seo ón tionscal, ón ardoideachas, ó thuismitheoirí agus ó scoláirí d'fhonn féachaint cad iad na hidirghabhálacha a baineadh triail astu agus a ndearnadh tástáil orthu, na cinn a d'oibrigh agus nár oibrigh. Dúradh *'i mbeagán focal, príomhthoradh a bhí ann ná nach mbainfidh aon idirghabháil amháin cothromas inscne amach. Ina ionad sin, tá gá tacú le hiliomad idirghabhálacha lena dtabharfar aghaidh ar chodanna éagsúla den éiceachóras chun an t-athrú a bhí ag teastáil a chur i gcrích.'*

122. Ina aighneacht, nótáil Eol Oidí na hÉireann, *'in 2000, bhí tabhairt isteach topaicí Eolaíocht sa tSochaí sna siollabais Fisice, Ceimice agus Bitheolaíochta atá á dteagasc faoi láthair ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta in oideachas eolaíochta agus rinneadh é ar iarratas sonrach ó chigireacht eolaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ar an drochuair, sna dréacht-sonraíochtaí (siollabais) reatha tá raon leathan topaicí a léiríonn an gaol idir an eolaíocht agus an tsochaí scriosta. Mar shampla, i siollabas reatha ceimice na hArdteistiméireachta, aibhsítear ionchur Marie Curie agus Dorothy Hodgkins sa cholún Eolaíocht agus an tSochaí. Tá an bheirt eolaithe seo bainte amach go hiomlán as an tsonraíocht cheimice nua atá beartaithe. Go deimhin, níl oiread is eolaí mná amháin luaite in áit ar bith sa tsonraíocht cheimice nua. Tá seo amhlaidh freisin sna sonraíochtaí fisice agus bitheolaíochta. Ag tráth a bhfuil tuiscint an phobail ar an eolaíocht fíorthábhachtach, níl ciall ar bith leis go mbainfí an colún Eolaíocht sa tSochaí amach agus tagann sé salach ar na treochtaí idirnáisiúnta uile i ndearadh curaclam eolaíochta. Lena chois sin, déanann sé beag is fiú de na hiarrachtaí chun níos mó ban a spreagadh chun tabhairt faoi na hábhair ETIM.'*

123. Ina aighneacht, dúirt Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann, *'tá na gníomhaíochtaí a dtugann [ár gcliaint] fúthu in Éirinn fairsing, ag síorathrú agus ag brath go mór ar fhórsa saothair a bhfuil réimse leathan scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice acu. Tá sé ríthábhachtach go leanann ár gcóras oideachais ar aghaidh ag táirgeadh céimithe le scileanna ETIM atá ailínithe leis na hearnálacha seo, chomh maith le freagairt do riachtanais scileanna de réir mar a fhorbraíonn na hearnálacha seo agus de réir mar a thagann réimsí nua deiseanna chun cinn, mar shampla Intleacht Shaorga; Uathoibriú Tionsclaíoch; Ard-Déantúsaíocht; Táirgí Íocshláinte Ardteiripe; Fuinneamh In-athnuaite; Néalríomhaireacht, agus 5G.*

*Chun freastal ar an éileamh ar scileanna ETIM atá ag dul i méid, ní mór dúinn rannpháirtíocht in ábhair ETIM a mhéadú ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar líon na scoláirí a dhéanann Fisic, Ceimic agus Matamaitic ardleibhéil. Ní mór an móiminteam seo a choinneáil trí leasuithe a mhéadóidh mealltacht na n-ábhar ETIM agus gairmeacha ETIM do scoláirí Ardteistiméireachta.*

*Teastaíonn modhanna foghlama nua a fhorbairt agus cur i bhfeidhm ETIM sa saol mar atá a léiriú chun spéis níos mó sna hábhair seo a chothú. Go háirithe, caithfimid díriú ar rátaí rannpháirtíochta a mhéadú i measc cailíní i ngach ábhar ETIM agus a chinntiú go bhfuil an réimse iomlán ábhar ETIM ar fáil i ngach iar-bhunscoil.'*

## OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

124. Ina aighneacht, mhol an tUasal Hugh Ahern gur chóir Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) a bheith ina Ábhar Ardteistiméireachta. Dúirt sé '*Creidim freisin gur chóir go mbeadh OSPS mar chuid de churaclam na sraithe sinsearaí mar nach bhfuil Rang OSPS ag go leor scoileanna.'*

125. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Hugh Ahern *'gur chóir eacnamaíocht bhaile a thairiscint i ngach scoil freisin, beag beann ar phróifíl inscne na scoile. Is scil saoil thar a bheith tábhachtach é a bheith in ann teaghlach a bhainistiú i gceart agus fios a bheith agat conas cócaireacht. Ar an drochuair, ní thairgeann go leor scoileanna buachaillí é seo. Ba chóir go mbeadh ábhar nua ann in oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus scileanna saoil. Maidir le scoláirí nach roghnaíonn eacnamaíocht bhaile agus maidir le scoileanna nach bhfuil ar a gcumas í a thairiscint mar ábhar, ba chóir cúrsa scileanna saoil a thairiscint chun cabhrú le scoláirí déileáil le cúrsaí an tsaoil.*'

126. Ina aighneacht, dúirt Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann go gcaithfear *'scileanna saoil agus folláine'* a chuimsiú *'mar chroí-chomhpháirteanna de churaclam na sraithe sinsearaí/na hardteistiméireachta.'*

127. Ina aighneacht, dúirt *Gambling with Lives* go *'measann Coimisiún Cearrbhachais na Ríochta Aontaithe go mbíonn 450,000 duine idir 11-16 bliain d'aois i mbun cearrbhachais sa Ríocht Aontaithe, agus 55,000 páiste gafa leis cheana féin. Maíonn taighde YouGov go bhfuil 5 mhilliún duine ann faoi láthair a bhfuil tionchar diúltach ag cearrbhachas ar a saol. Dúradh san aighneacht freisin go ndéanann cearrbhachas díreach dochar, lena n-áirítear damáiste do mheabhairshláinte, d'airgeadas, do dheiseanna saoil, agus do chaidrimh agus go bhfuil baol mór ann go bhfulaingeoidh duine as gach ceathrar cearrbhach díobháil. Nótáil sé freisin go meastar go dtarlaíonn 250-650 féinmharú sa Ríocht Aontaithe gach bliain a bhaineann le cearrbhachas, agus gurb iad daoine óga is mó atá i mbaol.'*

128. Éilíodh in aighneacht *Gambling with Lives* freisin *'cur chuige sláinte poiblí i leith an chearrbhachais, lena n-áirítear cuspóir rialála gur cheart an daonra iomlán a chosaint ó dhochar agus ó dhúshaothrú.'* Thagair sé do mhodh agus do mhinicíocht an chearrbhachais atá athraithe go mór.

129. Tagraíodh san aighneacht freisin do chlár a sheol sé in 2021. Chruthaigh lucht acadúil, speisialtóirí oideachais, cliniceoirí, déantóir scannán a bhfuil duaiseanna buaite acu, agus daoine a bhfuil taithí saoil acu ar dhíobháil an chearrbhachais, an clár do dhaoine óga 14 bliana d'aois agus níos sine. Moladh san aighneacht go nglacfadh Rialtas na hÉireann le cur chuige den chineál céanna anseo in Éirinn.

## OIDEACHAS CAIDRIMH AGUS GNÉASACHTA (OCG)

130. I bhfianaise ó bhéal, ar an 2 Samhain 2021, thagair an tUasal Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, do sholáthar OCG i scoileanna agus i gcás an chórais reatha *'gur ait an scéal é nach múineann sé do scoláirí i gceart faoi oideachas agus toiliú gnéis. Táimidne ansin sa chóras ardoideachais fágtha chun an bhearna a dhúnadh. Tuigimid go léir na deacrachtaí ollmhóra a bhaineann le ciapadh gnéasach, foréigean gnéasach agus toiliú. Cén fáth a ndúnaimid ár súile ar na fadhbanna seo nuair a bhíonn scoláirí i bhfad níos óige?'*

131. Ina aighneacht, thagair ADIBÉ do shuirbhé[7] a rinneadh i gcomhar leis an ESRI a fuair amach nach bhfuair 1 as 3 scoláire aon chineál Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Ina theannta sin, ní bhfuair 60.4% de scoláirí, a raibh OCG ar fáil dóibh, ach leibhéal fíorbheag OCG.

132. Ina aighneacht, dúirt Aontas na Mac Léinn in Éirinn go raibh sé ar aon intinn le *'héilimh ADIBÉ ar reachtaíocht chun a chinntiú go soláthraítear ranganna OCG i bhformáid thuata, 'denominal' nach bhfuil tionchar ag saintréithe aon scoile orthu agus go mbeadh an t-ábhar ceadaithe ag aontas ábhartha laistigh d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.'*

133. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt an Dr Emer Smyth *'Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM, ag athbhreithniú oideachas caidrimh agus gnéasachta faoi láthair. Léirigh sonraí ó Ag Fás Aníos in Éirinn go bhfuil bearnaí fós ann do dhaoine óga. Glacaimid leis go bhfuil daoine óga ag caint lena dtuismitheoirí faoi ghnéas agus faoi chaidrimh, nuair nach gá go mbeidís, agus d'fhéadfadh fir óga go háirithe a bheith ag cailleadh amach ar na comhráite sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh dearcadh caolchúiseach againn ar oideachas gnéis inár scoileanna i gcomhthéacs folláine níos leithne.'*

## MOLTAÍ:

7. Ba chóir don Roinn Oideachais *Sainghrúpa Oibre um Nuatheangacha Iasachta* a bhunú mar thosaíocht phráinneach, de réir na ngealltanas a tugadh i gClár an Rialtais chun inniúlacht scoláirí i nuatheangacha iasachta a spreagadh. Ba chóir don Ghrúpa a bheith faoi chathaoirleacht saineolaí sheachtraigh agus ba chóir múinteoirí; an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM); saineolaithe teanga; eagraíochtaí cultúir; ionadaithe tionscail; agus oifigigh shinsearacha ón Roinn Oideachais a bheith ina mbaill den ghrúpa. Ba chóir don Roinn Oideachais a fháil amach an bhfuil Maoiniú ar fáil ón AE chun tacú le Foghlaim Teangacha Iasachta mar atá i mBreisoideachas agus Ardoideachas.

[7] Tuarascáil ADIBÉ ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí 2021


Leathanach 56

8. Ba chóir an deis a thabhairt do scoláirí na Sraithe Sinsearaí atá ag déanamh staidéar ar theanga iasachta iad féin a thumadh i dteanga agus i gcultúr na tíre sin. Bheadh cláir mhalartaithe agus tionscnaimh chomhchosúla i gceist leis sin. D'fhéadfaí scoláirí a mheas ar a n-eispéireas tumtha trí Thuairisc a chur i gcrích sa teanga a bhfuil staidéar á dhéanamh uirthi. Ba chóir maoiniú a chur ar fáil chun a chinntiú gur féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh i malartuithe.

9. Ba chóir don Roinn Oideachais *Sainghrúpa Oibre ar Ábhair ETIM agus Rannpháirtíocht Mhéadaithe Ban* a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí reatha agus ar theagasc reatha na n-ábhar seo ó Bhunscoil go dtí an tSraith Shinsearach. Ba chóir an Grúpa a bheith faoi chathaoirleacht saineolaí sheachtraigh agus a bhallraíocht a bheith cuimsithe de mhúinteoirí, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), Saineolaithe Ábhair, ionadaithe tionscail agus oifigigh shinsearacha ón Roinn Oideachais.

10. Ba chóir Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) a bheith ina Ábhar Ardteistiméireachta. Ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), siollabas a fhorbairt chun é a thabhairt isteach do scoláirí na Sraithe Sinsearaí ó Mheán Fómhair 2023. Ba chóir go n-áireofaí leis an ábhar nua, *inter alia*, modúil ar Pholaitíocht Intíre agus Idirnáisiúnta; Bainistiú Airgeadais Phearsanta, Andúil in Alcól agus i nDrugaí; Andúil i gCearrbhachas (An Clár *Gambling with Lives*); Iompar Comhthoiliúil; Sábháilteacht ar Líne; Meabhairshláinte Dhearfach (lena n-áirítear Bearta Frithbhulaíochta agus Acmhainneacht) agus Eacnamaíocht Bhaile.

11. Ba chóir don Roinn Oideachais sainordú a thabhairt do gach Meánscoil 2 rang ar a laghad a chur ar fáil in aghaidh na seachtaine d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Ina theannta sin, ba chóir reachtaíocht a thabhairt isteach chun a chinntiú go bhfuil ranganna OCG, agus ábhair a mhúintear sna ranganna seo mar chuid de churaclam náisiúnta nua agus nach bhfuil tionchar ag éiteas, sainchreideamh nó aon saintréithe eile de chuid scoileanna aonair orthu. Chuige sin, ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), forbairt a dhéanamh ar

shiollabas cuí i gcomhair cur i bhfeidhm céimneach agus soláthar éigeantach, le cigireachtaí rialta, i ngach bunscoil agus meánscoil.

12. Ba chóir rogha a bheith ag gach scoláire de chuid na Sraithe Sinsearaí ábhair thraidisiúnta na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí a thógáil le chéile. Chuige sin, ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), athbhreithniú a dhéanamh ar Shamhail an ATF chun an bealach a bhféadfaí na codanna a bhfuil cruthaithe acu go n-éiríonn leo a fhí isteach sa tSraith Shinsearach thraidisiúnta.

13. Ba chóir do scoláirí na Sraithe Sinsearaí a chríochnaíonn an Ardteistiméireacht Fheidhmeach iontráil dhíreach a fháil trí chóras na Lár-Oifige Iontrála chuig Institiúidí Ardoideachais.

14. Ba chóir don Roinn Oideachais *Clár Foghlama Náisiúnta ar Líne***,** a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i ngach bunscoil agus meánscoil, mar ábhar tosaíochta práinní, chun na nithe seo a leanas a áireamh:

- Ardán láraithe Foghlama amháin.
- Tacaíocht agus oiliúint chuí do gach príomhoide agus múinteoir agus do gach tuismitheoir atá ag cur scolaíocht bhaile ar fáil.
- Cianghairis a cheannach chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag scoláirí faoi mhíbhuntáiste ar ghairis chun foghlaim ar líne.
- Leathanbhanda leordhóthanach don fhoghlaim ar líne.
- Soláthairtí don Fhoghlaim Chumaisc.
- Bearta Aistrithe do Scoileanna de réir mar a chuirtear an Plean i bhfeidhm go céimneach.

15. Ba chóir cead a bheith ag scoláirí na Sraithe Sinsearaí scrúduithe agus tascanna na Sraithe Sinsearaí a dhéanamh ar ríomhaire nó ar ghaireas digiteach iomchuí eile ó 2023 ar aghaidh.

16. Ba chóir ranganna inniúlachta digití a thabhairt isteach ón tSraith Shóisearach ar aghaidh ó Mheán Fómhair 2022 chun a chinntiú go bhfuil inniúlacht dhigiteach ag gach scoláire. Ba chóir oiliúint sa réimse seo a chur ar mhúinteoirí mar chuid dá bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach le liúntais airgeadais as Scileanna Digiteacha a mhúineadh.

# CAIBIDIL 4 ROCHTAIN, COMHIONANNAS AGUS TACAÍOCHT D'FHOLLÁINE

## ROCHTAIN AGUS ÉAGOTHROIME SAN OIDEACHAS

134. Thagair roinnt aighneachtaí don ngá atá le caighdeán rochtana ar ábhair beag beann ar í a bheith ina scoil aonghnéis nó ina scoil chomhoideachais.

135. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Hugh Ahern '*Maidir leis na heolaíochtaí feidhmeacha i scoileanna cailíní, nuair a thagann na scoláirí ó scoil na gcailíní i Mala chuig mo scoilse, tairgeann na múinteoirí a mhúineann na heolaíochtaí feidhmeacha na heolaíochtaí feidhmeacha a mhúineadh le linn an tráthnóna. Ní chuirimid miotalóireacht nó innealtóireacht ar fáil; ní chuirimid ach adhmadóireacht agus grafaicí teicniúla ar fáil. Tá a fhios agam go roghnaíonn go leor cailíní iad sin. Ba chóir eacnamaíocht bhaile a thairiscint i scoileanna buachaillí. Sílim go roghnódh go leor scoláirí é. Is fear duine de na cócairí is mó le rá ar domhan, Gordon Ramsay. Níor cheart breathnú air díreach mar ábhar do mhná. Ba chóir é a thairiscint.*'

136. Nótáil an Teachta Ó Ríordáin ag cruinniú ar an 9 Samhain 2021 *'nach sroicheann thart ar 15% de scoláirí a théann chuig scoileanna dara leibhéal DEIS an Ardteistiméireacht. Is ionann coinneáil iomlán scoláirí go leibhéal na hArdteistiméireachta agus thart ar 91%, figiúr réasúnta maith i gcomthéacs idirnáisiúnta, ach is é 85% an figiúr i scoileanna DEIS. Is é 31 líon na scoileanna DEIS nach ndéanann oiread agus scoláire amháin staidéar ar Bhéarla ardleibhéil ag leibhéal na hArdteistiméireachta iontu.*'

137. Ina aighneacht, dúirt an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, '*Creidim go bhféadfadh an córas céanna sruthaithe agus taifeadta cabhrú le go leor de na scoileanna DEIS ábhair éagsúla a thairiscint nó roghanna ardleibhéil a thairiscint i gcás nach dteastaíonn a leithéid ach ó bheagán scoláirí. Dá bhféadfadh scoileanna a thairgeann mata ardleibhéil a gcuid ranganna a shruthú chuig scoil eile do 5-10 scoláire, ansin d'fhéadfadh inrochtaineacht agus uaillmhian teacht le chéile do go leor daoine óga i gceantair nach bhfuil chomh maith as. D'fhéadfadh sé cabhrú freisin in ábhair ina bhfuil ganntanas múinteoirí ar nós teangacha nó stair.'*


Leathanach 60

138. Ina aighneacht, thug Cumann Múinteoirí Éireann aitheantas don tacaíocht a chuireann an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) ar fáil chun na Tacaí Folláine, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais, a fhorbairt. Mar sin féin, nótáladh san aighneacht, *'tá sé tábhachtach freisin go mbeadh scoláirí in ann rochtain a fháil ar thacaíocht theiripeach, shochmhothúchánach agus chomhairleoireachta i suíomh na scoile.'* Mheas sé go bhfuil *'na tacaí seo ag teastáil ó na luathbhlianta suas go dtí an tsraith shinsearach.'* Dúradh san aighneacht chomh maith *'go gcreideann sé gur chóir go mbeadh gach scoláire, iad siúd ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu san áireamh, i dteideal rochtain a fháil ar dheimhniú náisiúnta ar a n-éachtaí oideachais.'*

139. Nótáladh in aighneacht ADIBÉ, '*i suirbhé a rinneadh i gcomhar leis an ESRI, nuair a iarradh ar scoláirí freagra a thabhairt ar an ráiteas: 'Is léiriú cruinn ar mo chuid oibre le linn an 5ú agus 6ú bliain é Scrúdú na hArdteistiméireachta', d'easaontaigh níos mó ná leath (51.6%) de na scoláirí, nó d'easaontaigh siad go láidir.'*

Nótáladh freisin gur aontaigh scoláirí a d'fhreastail ar scoileanna táille, nó gur aontaigh siad go láidir, leis an ráiteas 29.9% níos mó ná scoláirí ó scoileanna DEIS. Dúirt ADIBÉ go '*léiríonn na figiúirí seo míshástacht agus díomá leis an Ardteistiméireacht i measc scoláirí agus go léiríonn siad an éagothroime bhunúsach in oideachas na hÉireann.'*

140. I bhfianaise ó bhéal, ar an 9 Samhain 2021, dúirt Tanya Ward Uasal, an Comhghuaillíocht um Chearta Leanaí, *'léiríonn staidéir mheitireacaireachta gur féidir le cumas leanaí ag trí bliana d'aois a thuar cé acu an sroichfidh siad an tríú leibhéal nó nach sroichfidh, go háirithe i gcás buachaillí. Deir sé seo linn go bhfuil an éagothroime leabaithe ó luath i saol an linbh. Conas a rachaimid i ngleic leis sin? Tosaíonn sé le soláthar luathbhlianta agus idirghabháil ard agus timsoláthar a bheith ann trí na cineálacha clár a chuireann Barnardos ar fáil. Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil na cláir sin ar fáil agus go bhfuil rochtain saor in aisce ag leanaí ar fud na tíre orthu.'*

141. Ina aighneacht, nótáil Barnardos '*gur príomhbhealach amach as míbhuntáiste agus drochshláinte é an t-oideachas. Ar an drochuair, níl roinnt*

*grúpaí leanaí in ann a lánacmhainneacht oideachais a bhaint amach faoin Ardteistiméireacht reatha*



*Struchtúr an teastais, toisc go dteipeann air a ndúshláin agus gcruachás a thabhairt san áireamh ná iad sin a mheas, rud a fhágann deiseanna teoranta dóibh sa todhchaí ar fud roinnt gnéithe dá saol. Léiríonn staitisticí go mbaineann leanaí ó chúlraí níos boichte agus níos mó faoi mhíbhuntáiste torthaí níos measa amach ná iad siúd ó ghrúpaí atá níos saibhre. Ba chóir go bhféachfadh athchóirithe chun aghaidh a thabhairt ar éagothroime agus go bhféachfaidís le torthaí a fheabhsú dóibh siúd is mó atá faoi mhíbhuntáiste faoi láthair.'*

142. Ina aighneacht, dúirt Cumann na gColáistí Ardoideachais, '*ní mór dúinn measúnachtaí a chur i bhfeidhm a ghabhann cumais éagsúla foghlama na scoláirí agus a chúitíonn iad seachas an Ardteistiméireacht reatha a chúitíonn foghlaimeoirí a dhéanann éacht leis an bhfoghlaim de ghlanmheabhair. Chun go mbeidh sé ionchuimsitheach, ní mór d'athchóiriú na hArdteistiméireachta freastal ar stíleanna foghlama éagsúla agus cabhrú le scoláirí a roghanna a thuiscint. Dá bhrí sin, ba chóir go gceadódh roghanna curaclaim agus measúnachta sa tsraith shinsearach dóthain idirdhealaithe idir scoláirí a bhfuil cumais éagsúla acu agus chun tacú leis an gcuspóir sin, tá gá le béim ar phrionsabail an Dearaidh Uilíoch sa seomra ranga agus ar an timpeallacht foghlama digití.'*

143. Ina aighneacht, luaigh Líonra Oideachas Baile na hÉireann, go gcuimsíonn na cúiseanna atá acu leis an tsraith shinsearach a sheachaint ar fad:

- Dolúbthacht an chórais scoile, le heaspa soiléir solúbthachta i gcláir nó i modhanna measúnachta le gach scoláire i ndáiríre a chuimsiú, go háirithe iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise agus foghlama acu;
- easpa rogha ábhair sna scoileanna/Ógtheagmháil áitiúla nó in ionaid na mBord Oideachais agus Oiliúna;
- neamh-inrochtaineacht ábhar nuair is gá do mhúinteoir ainm a chur le hobair thionscadail i rith na scoilbhliana, e.g. Ealaín, Foirgníocht, Innealtóireacht etc.;

- An riachtanas dhá bhliain a chaitheamh ag ullmhú do scrúduithe deiridh i suas le seacht n-ábhar throma, lena n-áirítear na trí ábhar éigeantacha; agus

- An dearcadh go bhfuil tréimhsí móra dá gcuid ama á gcur amú nuair is mian leo a bheith ag gabháil do chaitheamh aimsire níos taitneamhaí agus níos fiúntaí.

## Athchóiriú na hArdteistiméireachta: an Gá atá le Sraith Shinsearach Nua

144. Ina aighneacht, dúirt an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh *'go gcaithfear níos mó a dhéanamh i scoileanna, lena n-áirítear foghlaim scileanna saoil amhail líonadh foirmeacha agus matamaitic phraiticiúil, agus gur chóir go mbeadh níos mó iarrachta ann chun a chinntiú nach bhfágann scoláirí an bhunscoil agus an mheánscoil le riachtanais litearthachta agus uimhearthachta nár sásaíodh.'*

145. Nótáil an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh freisin go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaidh aon athchóiriú ar an tSraith Shinsearach *'teagmháil le daoine fásta a d'fhág an scoil go luath agus a spéis a mhúscailt an athuair trí fhor-rochtain spriocdhírithe, treoir agus raon roghanna rannpháirtíochta.'*

146. Ina aighneacht, dúirt Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) go gcuireann siad *'scéim um Shocruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teastais (RACE) ar fáil chun tacú le hiarrthóirí a bhféadfadh deacracht a bheith acu na scrúduithe a rochtain mar gheall ar a riachtanais oideachais speisialta. Cuirtear socruithe ar fáil faoin scéim do thart ar 20,000 iarrthóir gach bliain a bhfuil riachtanais chasta éagsúla acu, lena n-áirítear deacrachtaí foghlama, chomh maith le riochtaí fisiciúla, amhairc, éisteachta, leighis, céadfacha, mothúchánacha, iompraíochta nó eile atá buan nó sealadach.*

*Is é cuspóir na scéime deis a thabhairt d'iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chuireann isteach ar a gcumas dul i ngleic leis na socruithe caighdeánacha scrúdaithe chun an méid atá ar eolas acu agus is féidir leo a dhéanamh a léiriú, gan cur isteach ar shláine na measúnachta. Is é atá i gceist leis seo ná go mbítear ag súil leis an gcaighdeán céanna ó scoláirí den sórt seo is a bhíonn ó iarrthóirí eile maidir lena bhfuil sé i gceist go ndéanfadh an scrúdú tomhas air. Mar an gcéanna le scéimeanna den chineál céanna a fheidhmíonn i ndlínsí eile, dírítear sa scéim ar an ngá atá le bacainní ar rochtain ar na scrúduithe a bhaint, agus an gá atá le measúnú a dhéanamh ar*

*na bunscileanna agus na hinniúlachtaí céanna a mheasúnaítear do gach iarrthóir eile a choinneáil, agus na caighdeáin chéanna ghnóthachtála a chur i bhfeidhm a bhaineann le gach iarrthóir eile.'*

147. I bhfianaise ó bhéal, ar an 9 Samhain 2021, maidir le scoláirí a fhaigheann rochtain ar ranganna breise, dúirt Mai Fanning, Uasal, Uachtarán na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí Iar-Bhunscoile





*'is í an argóint a bheadh agamsa ná go gcaitheann scoláirí a ndóthain ama ar scoil. Tá teagmháil dhíreach acu lena múinteoir, mar sin níor chóir a bheith ag brath chomh mór sin ar ranganna breise. I go leor scoileanna, go háirithe iad siúd atá dírithe ar an ábhar acadúil, agus go háirithe in ábhair eolaíochta, lena n-áirítear ceimic, fisic agus matamaitic ag an ardleibhéal, tá an t-ionchas ann nach féidir grád maith a bhaint amach sa pháipéar ardleibhéil gan dul i muinín ranganna breise. Mura bhfuil na múinteoirí in ann an curaclam a chlúdach, nó má tá siad ag streachailt é a chlúdach laistigh den am atá acu, is locht mór é sin ar an gcaoi a ndéantar an curaclam a chur ar fáil agus a chur i láthair dóibh. Más gá rang breise a fháil, cuireann sé sin go leor tuismitheoirí, nach féidir leo iad a chur ar fáil dá leanaí, as an áireamh. Is fadhb í agus tá sí ar cheann de na cúiseanna gur mhaith breathnú ar an bhféidearthacht maidir le foghlaim modúil seachas go mbeadh an scrúdú deiridh ina thús agus deireadh an scéil.'*

148. Nótáladh in aighneacht ADIBÉ costas ard na leabhar scoile gach bliain agus an méadú atá ag teacht ar líon na dteaghlach atá ag lorg cúnaimh ó charthanais tacaíochta airgeadais ar nós an Naomh Uinseann de Pól.

149. Ina aighneacht, deir Cumann Tuismitheoirí na Meánscoileanna Caitliceacha go bhfuil sé fíor-thábhachtach go *'gcinntíonn an Roinn Oideachais comhionannas maoinithe do scoileanna dara leibhéal agus ar an gcaoi sin go laghdaítear na héilimh airgeadais ar thuismitheoirí maidir le ranníocaíochtaí deonacha suntasacha a chur ar fáil.'*

## SCOLÁIRÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS ACU (RSO)

150. Ina aighneacht, mhol an INTO go dtabharfaí isteach curaclaim atá oiriúnach

ó thaobh aoise agus cláir foghlama ag Leibhéal na Sraithe Sinsearaí ionas gur féidir le scoláirí atá ag leibhéal CFL2 agus CFL1 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí, dul ar aghaidh agus rochtain a fháil ar theastas chun aitheantas a thabhairt dá ngnóthachtáil oideachais. Admhaítear san aighneacht *'go n-éileoidh sé seo réimse níos leithne modheolaíochtaí measúnachta, níos comhoiriúnaí do riachtanais agus do chumais an chohóirt scoláirí seo ná an scrúdú deiridh reatha.'*





151. Ina aighneacht, dúirt ADIBÉ *'go bhfuil éagothromaíochtaí socheacnamaíocha ann maidir le rochtain ar shocruithe RSO idir scoileanna mar gheall ar easpa acmhainní i measc cúiseanna eile.'*

152. Ina aighneacht, dúirt AsIAm nach mór dúinn *'a chinntiú go ndéanfar athchóirithe ar an tSraith Shinsearach sa todhchaí a dhearadh de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus ar Phrionsabail an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim, ionas go mbeidh gach gné den Ardteistiméireacht inrochtana do gach scoláire Uathach.'*

153. D'iarr AsIAm freisin go bhforbrófaí '*cláir scileanna boga, cláir tacaíochta fostaíochta agus rochtain a mhéadú ar chomhairle gairmthreorach agus ar sheirbhísí comhairleoireachta chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine Uathach, ar fud riachtanais tacaíochta éagsúla, ar fhostaíocht agus ar dheiseanna ardoideachais agus breisoideachais.'*

154. Ina aighneacht, dúirt Ionchuimsiú Éireann '*gur do dhaoine a bhfuil riachtanais fhisiciúla agus chéadfacha acu go príomha atá socruithe réasúnta ann don Ardteist, ach nach bhfuil mórán socruithe ann chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas intleachta, nó cumhacht a thabhairt dóibh, scrúduithe stáit a dhéanamh ar bhealach eile. Ní mór níos mó solúbthachta ó thaobh socruithe a bheith ar fáil le fócas ar an raon leathan riachtanas tacaíochta a*

*d'fhéadfadh a bheith ag duine.'*

155. Ina theannta sin, dúirt Ionchuimsiú Éireann *'go mbíonn easpa pleanála do roghanna iar-scoile mar thoradh ar easpa gairmthreorach i scoileanna. Teastaíonn gairmthreoir i ngach scoil speisialta. Dá gcuirfí gairmthreoir ar fáil i scoileanna speisialta, sheolfaí teachtaireacht an-soiléir chuig scoláirí aonair faoina luach, faoina gcumas agus faoina n-ábaltacht saol a chaitheamh ina nglacann siad páirt iomlán sa tsochaí.'*

156. Chomh maith leis sin, nótáil Ionchuimsiú Éireann *'le blianta beaga anuas tugadh leibhéil 1 agus 2 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí isteach mar thoradh ar athchóiriú an Teastais Shóisearaigh. Tá níos lú béime ar scrúduithe traidisiúnta agus níos mó béime ar rannpháirtíocht agus ar mheasúnacht leanúnach trí*





*Chuspóirí Sonracha Foghlama seachas creat scrúdaithe amháin. Ciallaíonn an cur chuige seo gur féidir le scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta aitheantas a bhaint amach as a gcuid oibre agus a ngnóthachtáil ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí díreach cosúil lena gcomhscoláirí. Is féidir leis seo tarlú anois i scoil speisialta nó i suíomh oideachais phríomhshrutha. Tá ag éirí go maith leis an tsamhail seo agus ba chóir í a leathnú agus a fhorbairt do Churaclam na hArdteistiméireachta.*

*Tá sé intuigthe go dtógfaidh an t-athchóiriú sin ar an gcuraclam ar fad am agus, mar sin, idir an dá linn más rogha é an scrúdú a dhéanamh, caithfear socruithe níos réasúnta a thairiscint do scoláirí faoi mhíchumas intleachta go háirithe chun níos mó ama agus tacaíochta a bheith acu chun dul i mbun scrúdaithe más mian leo é.*

*Is é bun agus barr ábhar na measúnachta ná go gcaithfidh sraith roghanna solúbtha inrochtana a bheith ar fáil ionas gur féidir le gach scoláire tabhairt faoin gcuraclam agus cáilíocht a bhaint amach.'*

157. Ina aighneacht, luaigh an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí,

*‘rachadh taifeadtaí nó sruthú ranganna chun tairbhe go mór do roinnt scoláirí a bhfuil fadhbanna sláinte, meabhairshláinte nó iompraíochta acu toisc gur féidir leo teacht orthu sa bhaile ag an am céanna lena gcomhscoláirí, nó ag am atá níos oiriúnaí dá gcumas foghlama. Ní mór dianmhachnamh a dhéanamh air seo, ar dtús do scoláirí na sraithe sinsearaí, ach is dócha go rachaidh sé chun tairbhe do gach scoláire.’*

## SCÉIMEANNA HEAR AGUS DARE

158. Ina aighneacht, dúirt ADIBÉ *‘go bhfuil neamh-inrochtaineacht agus deacracht leis na próisis iarratais a bhaineann le HEAR agus DARE. Mar thoradh air sin, ní féidir le líon ard scoláirí cáiliú do DARE agus HEAR, go minic mar gheall ar na srianta diana ama a bhaineann leis na spriocdhátaí chun iarratas a dhéanamh*.’

159. I bhfianaise ó bhéal, ar an 2 Samhain 2021, dúirt an tUasal Tim Conlon, Ceann Polasaí agus Pleanála Straitéisí, Cláir Idirnáisiúnta agus Comhionannais Inscne,


Leathanach 66

an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) go bhfuil *'cothromas rochtana ar ardoideachas ar cheann de na príomhthosaíochtaí don Údarás um Ard-Oideachas. Tá sé tábhachtach go nglacann aon athchóiriú ar an ardteistiméireacht riachtanais na scoláirí leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste san áireamh agus iad ag rochtain ardoideachas. Is meicníocht thábhachtach ina thaobh seo iad na scéimeanna HEAR (bealach rochtana ar an ardoideachas) agus DARE (bealach rochtana faoi mhí-chumas ar an oideachas) a thairgeann iontráil chuig cúrsaí ar bhonn pointí laghdaithe do scoláirí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus do scoláirí faoi mhíchumas.*

*Ar an iomlán, ba chóir go gcinnteodh an Ardteistiméireacht, agus aon athchóiriú uirthi amach anseo, go mbeadh seans cothrom ag gach scoláire ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó a bhfuil bacainní rompu maidir le dul ar aghaidh chuig an ardoideachas, rochtain a fháil ar ardoideachas agus torthaí inchomparáide a bhaint amach leo siúd ó chúlraí níos saibhre. Clúdaíonn na torthaí seo rochtain ar an ardoideachas agus dul chun cinn tríd an ardoideachas, chomh maith le críochnú agus forbairt gairme amach anseo.'*

## COMHAIRLEOIRÍ GAIRMTHREORACH

160. Ina aighneacht, dúirt an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail gur *'tá claochlú an tionscail tar éis cosáin ghairme éagsúla lasmuigh den rogha tríú leibhéal traidisiúnta a chruthú. Tá ról suntasach ag an gcomhairleoir gairmthreorach maidir le scoláirí a threorú i dtreo na rogha is fearr, agus dá bhrí sin ba chóir é a chur san áireamh sa cheist níos leithne a bhaineann le hathchóiriú na hardteistiméireachta.'*

161. Ina aighneacht, luaigh Institiúid na dTreoirchomhairleoirí *'gur chóir obair an 5ú bliain agus na hIdirbhliana a chur san áireamh agus grád iomlán na Sraithe Sinsearaí á ríomh. Sa ról atá againn mar chomhairleoirí gairmthreorach, bíonn aiféala ar beagnach gach scoláire a mbuailimid leo ag tús an 6ú bliain, ag rá: "Faraor nár oibrigh mé níos crua sa 5ú bliain, ach ní raibh mé in ann mé féin a spreagadh i ndiaidh na hIdirbhliana." Dá ndéanfaí gnéithe d'obair an 5ú bliain agus d'obair na hIdirbhliana a chuimsiú i ngrád na Sraithe Sinsearaí ar an iomlán, bheadh ár scoláirí níos dírithe ar a bheith ag obair go seasta tríd an Idirbhliain agus an 5ú bliain agus bheidís níos ullmhaithe d'ualach oibre agus do strus an 6ú bliain.'*

162. Ina aighneacht, dúirt Rethink Ireland go bhfuil *'roghanna curaclaim na scoláirí á dtreorú ag cé chomh hintuartha is atá an scrúdú, seachas céard is mian leo a dhéanamh i ndáiríre. Tá gá le gairmthreoir leanúnach ón mbunscoil uachtarach ar aghaidh. Is minic i scoileanna go gcuirtear tús le gairmthreoir le linn na sraithe sinsearaí, nuair atá roghanna tábhachtacha déanta cheana féin maidir le hábhair. Tá sé seo ábhartha go háirithe do dhaoine óga nach bhfuil ag teacht ó theaghlaigh/chultúir phobail ina bhfuil luach ar an smaoineamh maidir le cúrsaí breisoideachais/ardoideachais.'*

163. Ina aighneacht dúirt Cumann Tuismitheoirí na Meánscoileanna Caitliceacha *'gur cheart múinteoirí gairmthreorach a bheith mar chuid de chruinnithe na dtuismitheoirí don 4ú, 5ú agus 6ú bliain agus polasaí acu bualadh le tuismitheoirí sa 1ú, 2ú agus 3ú bliain trí choinne i rith na bliana. Sholáthródh sé seo cosáin shoiléire chuig plean gairme do scoláirí aonair.'*

## COMHAIRLEOIRÍ MOTHÚCHÁNACHA AGUS TEIRIPEACHA

164. Ina aighneacht, dúirt an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí, '*Maidir leis an bhfolláine, d'fhéadfadh impleachtaí ar leith a bheith ag an easpa teiripeoirí inscoile do leanaí a bhfuil deacrachtaí síceasóisialta acu nó a bhfuil meabhairghalar orthu nuair a cheanglaítear iad sin leis an strus mór a chruthaíonn an Ardteistiméireacht i go leor scoláirí. Tá an Oifig seo seasta ag labhairt amach ar son teiripeoirí scoile neamhspleácha ionas gur féidir le scoláirí muinín a bheith acu go ndéanfar freastal ar a bhfolláine ar fud a ngairmréime oideachais. Ba é an beart coiscthe ab fhearr é chun strus míchuí a sheachaint in imeacht na sraithe sinsearaí. Tá an smaoineamh seo mar chuid de na moltaí ón gCoiste seo maidir le Tionchar Mheabhairshláinte na Bulaíochta Scoile[8].'*

165. Dúradh in aighneacht an Cork Life Centre, '*Ó thaobh tacaí folláine, príomh-mholadh is ea go mbeadh rochtain ag scoláirí i meánscoileanna príomhshrutha ar sheirbhísí comhairleoireachta agus síciteiripe ar an láthair, seachas díreach gairmthreoir. In ár suíomh lasmuigh den phríomhshruth,*

[8] 2021-08-23_report-on-school-bullying-and-the-impact-on-mental-health_en.pdf (oireachtas.ie)


Leathanach 68

*tá an cumas freagra a thabhairt ar an gcrá nó an tráma síceolaíoch ríthábhachtach don bhealach a thitfidh rudaí amach dár ndaoine óga.'*

166. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt Anne Tansey Uasal, Stiúrthóir Náisiúnta, an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), *'ag cruinnithe roimhe seo den choiste, labhraíomar faoin gcaoi a bhfuil an Roinn Sláinte freagrach as seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar in Éirinn. Cuirtear ar fáil iad trí sheirbhísí síceolaíochta cúraim phríomhúil an FSS agus CAMHS. Cuirtear na seirbhísí ar fáil sa phobal agus ní i suíomh scoilbhunaithe iad. Is féidir le leanaí agus daoine óga rochtain a fháil orthu trí na cosáin atreoraithe chuig seirbhísí FSS.*

*Tá an soláthar seirbhísí leictreonacha meabhairshláinte méadaithe ag an FSS. Tá tacaí téacs agus teileafóin ar fáil trí raon soláthraithe seirbhíse atá maoinithe ag an Roinn Sláinte, lena n-áirítear Jigsaw, SpunOut agus Bodywhys. Tá cumas na seirbhísí seo méadaithe ag an Roinn chun tacú le leanaí agus le daoine óga.*

*Tá ceardlanna á gcur i bhfeidhm ag NEPS maidir le folláine agus acmhainneacht a chur chun cinn. Tosóidh siad ag tús 2022. Tá súil againn go mbeidh ceardlanna againn a bheidh bunaithe ar an eolas atá againn ar dhroch-eispéiris óige agus ar chur chuige bunaithe ar thráma. Beidh na ceardlanna seo inrochtana agus ar fáil do gach múinteoir ar fud na tíre trí ardán ar líne. Tosóidh siad go luath an téarma seo chugainn. Ina theannta sin, tá oiliúint agus tacaíocht curtha ar fáil do chomhairleoirí gairmthreorach, d'fhoirne tacaíochta do scoláirí, do shíceolaithe NEPS agus do chinnirí bliana i scoileanna chun daoine a chur ar an eolas faoi na seirbhísí atá ar fáil tríd an FSS chun tacú le folláine mhothúchánach leanaí agus daoine óga.'*

167. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Ryan Sharpe, '*is é an méid seo a leanas mo thaithí ar an tsraith shinsearach ardteistiméireachta go dtí seo. Is é an córas oideachais an rud is measa riamh a chuir brú orm i mo shaol.*
*Ní rud é oideachas a fháil a raibh mé ag tnúth lena dhéanamh. Ina áit sin,*

*mhothaigh mé gur dhúshlán a bhí ann. Ní dúshlán a chuireann ag obair níos tréine thú, ach sprioc nach bhféadfaí a bhaint amach agus a raibh mé do mo mharú féin mar gheall air*.'

168. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, luaigh Amber Sheridan O'Callaghan Uasal, '*domsa, ba í an fhadhb ba mhó ná an easpa acmhainní meabhairshláinte. San Cork Life Centre, bhí teacht agam ar chomhairleoireacht agus ar chomhairleoirí gairmthreorach, ach i scoileanna príomhshrutha ní raibh aon chomhairleoirí ann ná lucht tacaíochta meabhairshláinte ann chun cabhrú linn tríd an ardteistiméireacht agus an tréimhse ina dhiaidh sin. Tá siad seo riachtanach chun muid a thabhairt slán.*

*Tá aithne agam ar roinnt mhaith daoine a bhainfeadh leas as na seirbhísí ar líne, ach níl siad gar do bheith chomh tairbheach le comhairleoireacht cheart. An chuid is mó den am is seirbhísí aonuaire iad na seirbhísí ar líne, agus ní sholáthraíonn siad tacaíocht leanúnach. Níl sé ann ach amháin má tá tú i ngéarchéim láithreach, ach ní más géarchéim thromchúiseach atá ann ach an oiread toisc nach féidir leis déileáil leis sin. Tá comhairleoireacht phearsanta ag teastáil go géar, go háirithe i scoileanna príomhshrutha.'*

169. Thug an tUasal Sharpe an tuairim seo freisin '*maidir le tacaí, ní mór comhairleoireacht a dhéanamh níos ginearálta agus tacaíocht a thabhairt di i scoileanna príomhshrutha. Ábhar mór imní atá agam ná nach comhairleoirí iad na comhairleoirí gairmthreorach agus nach comhairleoirí gairmthreorach iad comhairleoirí. Ba chóir déileáil leo de réir a róil. Dealraíonn sé go bhfuil go leor comhairleoirí gairmthreorach ag fágáil na treorach ina ndiaidh na laethanta seo agus ag tabhairt comhairle agus ag éisteacht. Cé gur féidir liom a fheiceáil cad atá siad ag iarraidh a dhéanamh agus conas atá siad ag iarraidh cabhrú, ní hé seo a gcuid oibre. Tá comhairleoirí gairmthreorach ann chun tacú linn inár sláinte oideachais agus chun tacaíocht a chur ar fáil dúinn maidir leis an méid a d'fhéadfaimis a dhéanamh amach anseo. Níl comhairleoirí ar fáil i ndóthain scoileanna príomhshrutha chun go mbeidh ar chumas scoláirí ardteistiméireachta labhairt faoi na rudaí atá ag cur brú orthu nó atá ag dul ar aghaidh ina gceann. Dealraíonn sé, nuair a bhíonn an ardteistiméireacht thart,*

*go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh scoláirí dearmad ar mheabhairshláinte toisc nach gcuirtear seirbhísí comhairleoireachta ar fáil tar éis na hardteistiméireachta. Tá scoileanna ag súil go scaoilfimid le gach rud agus go mbeidh gach rud ceart go leor.*


Leathanach 70

*Ba mhaith liom labhairt de bheagán faoin difríocht idir comhairleoirí gairmthreorach agus comhairleoirí. Ní bhreathnaítear ar chomhairleoirí i ndáiríre mar chuid riachtanach den chóras oideachais. Féachtar orthu mar ghné chliathánach ar féidir léi cabhrú le scoláirí ina saol pearsanta. Bíonn tionchar ag meabhairshláinte ar gach uile scoláire i gcóras na hardteistiméireachta agus an teastais shóisearaigh ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ba chóir a mhúineadh do scoláirí i scoileanna conas a meabhairshláinte a chosaint. Ba chóir go mbeadh comhairleoireacht níos tábhachtaí i scoileanna agus ba chóir í a chur ar fáil. Níl thagraíonn an FSS dó mórán agus ní chuirtear comhairleoirí ar fáil. Teastaíonn athchóiriú ollmhór ar chomhairleoireacht i gcóras na hardteistiméireachta*.'

170. Ina aighneacht, nótáil Coláiste Ealaíne Bhoirne '*i ndomhan atá míshocair, neamhchinnte agus casta, ní mór tábhacht i bhfad níos mó a thabhairt d'fhoghlaim shóisialta agus mhothúchánach sa mhéid a aithnítear agus a ndéantar measúnacht air san Ardteistiméireacht. Tá sé ríthábhachtach cruthaitheacht, cumhacht agus acmhainneacht na scoláirí a chothú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhaimseartha amhail athrú aeráide - cuimhnigh go bhfuil gaol dearfach ag an bhfoghlaim shóisialta agus mhothúchánach le rath acadúil.*'

171. Ina aighneacht, nótáil Drinkaware *'gur cosúil go bhfuil an tréimhse 17/18 mbliana d'aois leochaileach ó thaobh meabhairshláinte de. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar léiriú ar roinnt údair struis ag teacht le chéile, lena n-áirítear scrúduithe tábhachtacha, dinimic chaidrimh nua agus freagrachtaí breise, mar aon le rochtain níos fearr ar uirlisí chun déileáil leis an strus a bhféadfadh baol a bheith baint leo, mar shampla alcól, drugaí agus caitheamh tobac (Ag Fás Aníos in Éirinn Cohórt 98, 2020). Tarlaíonn an Ardteistiméireacht ag an am céanna is atáthar ag bogadh ó shaol an déagóra go saol an duine fásta, a bhfuil sé nótáilte mar phointe sonrach 'íseal' i gcéimeanna an tsaoil (My World Survey, Dooley agus Fitzgerald, 2012) agus leagann sé seo béim bhreise ar an ngá go gcuimseodh an tsraith shinsearach agus an ardteistiméireacht cur chuige iomlánaíoch chun forbairt intleachtúil, phearsanta agus shóisialta a éascú.'*

172. Rinne Grúpa Scoileanna (SG) Chumann Leabharlann na hÉireann na moltaí seo a leanas:


Leathanach 71

- Grúpa Comhairleach Náisiúnta a bhunú ar Sholáthar Leabharlainne Scoile – d'fhonn Straitéis Náisiúnta a fhorbairt do Leabharlanna Scoile (cosúil le Straitéis na hAlban 2018-2023[9]).
- Tús láithreach a chur an athuair le leathnú Thionscadal Taispeána Leabharlainne Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) – mar a gealladh i bPlean Gníomhaíochta DEIS 2005.
- Leathnú láithreach ar Sheirbhís Leabharlainne Digití CSTS chun bheith ina Seirbhís Leabharlainne Digití Náisiúnta do gach scoil dara leibhéal agus ionad Ógtheagmhála. Ag tagairt don leithdháileadh €20 milliún do scoileanna chun 'leabhair, closleabhair agus meáin eile a cheannach chun na bainc acmhainní litearthachta atá acu cheana féin a fheabhsú' i mBuiséad 2022, molann sé cuid bheag den leithdháileadh seo a threorú chun Seirbhís Leabharlainne Digití Náisiúnta a bhunú. Luaitear go gcuirfeadh an tSeirbhís seo rochtain láithreach ar fáil ar bhailiúchán de ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, leabhair Read-Along agus Irisí Digiteacha atá roghnaithe agus coimeádta go gairmiúil, do scoláirí agus do bhaill foirne i ngach scoil agus ionad Ógtheagmhála.

## MOLTAÍ:

17. Ba chóir an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) a athbhunú agus a mhéadú go práinneach mar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta agus Comhairleoireachta Oideachais agus údarás a thabhairt di sainchomhairleoireacht mhothúchánach agus tacaí teiripeacha a chur ar fáil ar an láthair i ngach bunscoil agus iarbhunscoil. Ba chóir dóthain acmhainní agus maoinithe a chur ar fáil don tSeirbhís chun a chinntiú go bhféadfaidh sí a sainordú a chomhlíonadh. I dtaca leis sin, ba chóir do na hAirí Oideachais agus Sláinte tionscnamh píolótach idir-rannach a bhunú ar dtús a aistreoidh Teiripeoirí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chuig an Roinn Oideachais, ar bhealach a bheidh cothrom ó thaobh tíreolaíochta de.

[9] vibrant-libraries-thriving-schools.pdf (scottishlibraries.org)

18. Ba chóir tacaí folláine a bheith ina gcuid lárnach den tSraith Shinsearach. Dá bhrí sin, ba chóir oiliúint éigeantach ar Bhulaíocht Scoile, Folláine (lena n-áirítear Acmhainneacht a Fhorbairt agus Éirim Mhothúchánach), Uathachas agus Néaréagsúlacht, Míchumas, Ciníochas agus Uilechuimsitheacht a chur ar fáil i ngach cúrsa Oiliúna Tosaigh Múinteoirí, agus do gach múinteoir meánscoile mar chuid dá bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach.

19. Beidh scoláirí na Sraithe Sinsearaí ag baint úsáid shuntasach as seirbhísí leabharlainne scoile nuair a rachaidh siad isteach sa tSraith Shinsearach, mar gheall ar an líon níos mó Modúlaithe agus Oibre Tionscadail. Ba chóir don Roinn Oideachais *Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar Sholáthar Leabharlainne Scoile a bhunú* faoi dheireadh Mheán Fómhair 2022, chun *Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Scoile* a fhorbairt agus é mar phríomhaidhm a chinntiú go bhfuil Leabharlann Scoile, Leabharlannaí Scoile agus rochtain iomlán ar an tSeirbhís Leabharlainne Digití i ngach Bunscoil agus Iar-bhunscoil faoi dheireadh 2024. Idir an dá linn, ba chóir go leathnófaí Tionscadal Leabharlainne Taispeána Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS) agus Seirbhís Leabharlainne Digití an CSTS mar thosaíocht phráinneach náisiúnta.

20. Ba chóir don Roinn Oideachais *Tionscnamh Sruthaithe Ar Líne* a bhunú laistigh de Scoileanna DEIS mar thionscnamh píolótach, ionas go mbeidh an rogha ag scoláirí staidéar a dhéanamh ar gach ábhar ag an Ardleibhéal. Ba chóir go mbeadh na scoileanna roghnaithe scaipthe amach go tíreolaíoch. Go dtí go mbeidh an mheastóireacht curtha i gcrích, ba chóir an Tionscnamh a chur i bhfeidhm go céimneach ansin ar fud na tíre mar Shamhail den Dea-Chleachtas. Chuige sin, ba chóir oiliúint chuimsitheach a chur ar fáil do mhúinteoirí rannpháirteacha chomh maith le Liúntais Chúiteacha.

## CAIBIDIL 5 AN GHAEILGE AGUS AN GAELOIDEACHAS

173. Ina aighneacht, nótáil ADIBÉ an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge chumarsáideach a bheith ina cuid éigeantach de Churaclam na hArdteistiméireachta i gcónaí. Tagraíonn sé do shuirbhé de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn ar mhúineadh na Gaeilge. Dúirt 70% de na freagróirí ar fad go gcuirfidís a bpáistí féin chuig Gaelscoileanna agus dúirt 98% díobh siúd a d'fhreastail ar Ghaelscoileanna iad féin go gcuirfidís a bpáistí féin chuig scoileanna lán-Ghaeilge.

174. Nótáiltear in aighneacht an CSS gur thug an Rialtas isteach an polasaí maidir le bronnadh marcanna bónais i scrúduithe stáit sna 1920idí mar cheann de roinnt tionscnamh chun staidéar ar an nGaeilge a chur chun cinn, ag tabhairt aitheantas don iarracht bhreise a theastaíonn ó scoláirí agus an easpa téacsleabhar agus acmhainní teagaisc eile atá ar fáil i nGaeilge. Leanann an polasaí ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann chun aird a thabhairt ar shaincheisteanna níos leithne polasaí maidir leis an nGaeilge. Deirtear ann go meastar gur spreagadh luachmhar é an córas marcanna bónais chun úsáid mhéadaithe na Gaeilge a spreagadh agus aitheantas cuí a thabhairt don iarracht bhreise atá á déanamh acu siúd atá ag staidéar trí mheán na Gaeilge.

175. Ina haighneacht, dúirt an Dr Áine Hyland, '*go ndéantar idirdhealú sa siollabas a tugadh isteach le déanaí don Ghaeilge sa tsraith Shóisearach idir scoileanna Gaeilge (lena n-áirítear scoileanna Gaeltachta) (T1) agus scoileanna a mhúineann trí Bhéarla (T2). Tá sé beartaithe anois cur chuige comhchosúil a thabhairt isteach sa tsraith shinsearach le siollabais agus scrúduithe éagsúla do scoláirí T1 agus T2. Cuirfear deireadh le clár bonnleibhéil Gaeilge na hArdteiste. Má táthar chun tabhairt faoin togra seo ní mór don CNCM é a bhreithniú tuilleadh toisc nach bhfuil aon dreasacht ann do scoláirí T1 an cúrsa agus an scrúdú níos deacra a dhéanamh.*'

176. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt an tUasal Pádraig Ó Beaglaoich, Oifigeach Oideachais Iar-Bhunscoile, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), leis an gCoiste '*Tá 73 iar-bhunscoil agus 15,000 scoláire i gceist le hearnáil na Gaelscolaíochta ag an iar-bhunleibhéal.*

*Maidir leis an leasú atá beartaithe don tSraith Shinsearach, glactar leis go mbeidh athruithe móra ar shiollabas na n-ábhar, nó sonraíochtaí, mar a thabharfar orthu, agus go gcuirfear leis an rogha ábhar reatha. Is den riachtanas é go mbeidh soláthar iomlán d'áiseanna teagaisc agus foghlama d'ardchaighdeán ar fáil sula dtugtar isteach na sonraíochtaí agus na hábhair nua. Níl sé inghlactha go mbeadh na scoláirí seo faoi mhíbhuntáiste de bharr nach bhfreastalaíonn na foilsitheoirí oideachais ar a gcuid riachtanas.*

*Tá raon leathan ábhar, beagnach 40 dóibh, ar fáil ag leibhéal na hardteistiméireachta agus tá obair shuntasach i gceist le freastal cuí a dhéanamh i dtaobh na n-acmhainní do na hábhair reatha, nuabhunaithe agus leasaithe. Chuige sin, is gá go soláthrófaí na hacmhainní daonna agus airgeadais don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, COGG, leis an soláthar téacsleabhar agus acmhainní taca a chinntiú lena n-áirítear acmhainní digiteacha ar líne.'*

177. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt Fíona Uí Uiginn, Uasal, Gaeloideachas, '*níl sé soiléir ó na dréachtsonraíochtaí an mbeidh an tsonraíocht nua seo T1 roghnach nó éigeantach do na scoláirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Gan an t-eolas seo, tá an tuairim ag teacht chun cinn sa dioscúrsa poiblí go mbeidh ar scoláirí i scoileanna T1 tabhairt faoi chúrsa Gaeilge atá níos dúshlánaí gan aon chúiteamh a bheith curtha ar fáil dóibh as an obair bhreise a bhainfidh leis seo. Cén fáth go dtabharfadh aon dalta i scoil T1 faoin gcúrsa seo?'*

Dúirt Uí Uiginn, '*Is fiú smaoineamh ar an gcomhthéacs ina bhfuilimid ag feidhmiú ann. Is é sin ná go bhfuil 25 pointe bónais bhreise ar fáil don té a thugann faoi mhata san ardteist. Tá scoláirí, mar is eol dúinn, an-straitéiseach ag leibhéal na hardteiste. Níl siad chun roghnú cúrsa atá níos dúshlánaí a dhéanamh gan aon chúiteamh a bheith ar fáil dóibh.'*

178. Ina aighneacht, thug an tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Scoil na Teanga, na Litearthachta agus an Oideachais Luath-Óige, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an tuairim *'gur beag dalta a thabharfadh faoin gcúrsa dúshlánach ag ardleibhéal gan luach saothair'*. Deir sé gurb é *'an t-aon luach saothair a bhfuil meas air i gcomhthéacs na hArdteistiméireachta ná*

*pointí bónais mar a bhronntar sa Mhatamaitic.'*

179. Ina aighneacht, d'aontaigh Gael Linn leis an moladh thuas. Luaigh sé *'Ní luaitear aon rud sna dréachtsonraíochtaí faoin tslí a meallfar daltaí le cúrsa níos dúshlánaí a dhéanamh don Ardteistiméireacht.*
*Beidh aitheantas agus spreagadh ceart ag teastáil le daltaí T1 a mhealladh le cúrsa níos dúshlánaí a dhéanamh nó beidh teip i ndán don chúrsa nua. Ní leor scéim sparánachtaí nó áiteanna a bheith curtha ar leataobh i gcoláistí oiliúna le mórchuid na ndaltaí a mhealladh.* Ina theannta sin, nótáil sé go bhfuil *'imní fhorleathan léirithe ag... geallsealbhóirí faoi na himpleachtaí tromchúiseacha a bheadh ann dá mbeadh ar dhaltaí T1 tabhairt faoi scrúdú a bheadh níos dúshlánaí, gan cúiteamh ceart a fháil as seo.'*

180. Tá trí rogha molta ag Gael Linn:

- Cúrsa Cumarsáide Gaeilge a dhéanfadh gach dalta scoile agus a bheadh bunaithe ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach agus Cúrsa Saíochta agus Litríochta. Bheadh an cúrsa seo mar ábhar roghnach agus dhéanfadh sé freastal go háirithe ar chainteoirí dúchais, daltaí i ngaelcholáistí agus daltaí a n-éiríonn go maith leo sa Ghaeilge (bheadh an t-ábhar seo ar nós mata fheidhmeach) agus ba cheart é a chur san áireamh in aon chlár Ardteistiméireachta nua.
- Ba chóir go bhfanfadh an Ghaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach agus go ndéanfadh gach dalta staidéar uirthi.
- Ba chóir úsáid a bhaint as an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach leis an Ghaeilge a theagasc agus le measúnú a dhéanamh uirthi agus sa tSraith Shóisearach agus Shinsearach araon.

181. D'iarr Gael Linn chomh maith *'ní mór eolas a thabhairt ar an ábhar, na téamaí agus na topaicí agus an stíl scríbhneoireachta... Tá doiléireacht ag baint leis na torthaí foghlama molta ag CNCM... Ní leor é seo mar threoir do mhúinteoirí agus do dhaltaí.'* Bhí sé den tuairim, *'chothódh cur chuige mar sin easpa muiníne sa chúrsa nua.'*

Leathanach 76

182. Ina theannta sin, mheas Gael Linn nach raibh *'difreáil cheart déanta le freastal ar riachtanais dhaltaí T1 agus riachtanais dhaltaí T2 sna dréachtsonraíochtaí.'*

183. Bhí roinnt aighneachtaí den tuairim go raibh an próiseas comhairliúcháin ar an gcúrsa nua lochtach agus gur chóir deireadh a chur leis láithreach. I measc na bpríomhphointí a rinneadh, tá siad seo a leanas:

- Ní mór téacsanna liteartha agus páipéir scrúdaithe shamplacha, mar aon le scéimeanna marcála, a chur ar fáil chun gur féidir an cúrsa nua a thuiscint go hiomlán.
- Ní mór athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an tSraith Shóisearach sula dtugtar aon mhodhanna comhchosúla isteach sa tSraith Shinsearach.
- Ní mór soiléireacht a sholáthar ar shonraíochtaí an chúrsa nua. Tá na torthaí foghlama reatha róleathan agus ró-uaillmhianach, agus níl siad sách téagartha. Ní mór eolas a chur ar fáil faoin ábhar, faoi na téamaí agus faoi na topaicí a thiocfadh chun cinn ó na torthaí foghlama. Níl na torthaí foghlama a mholtar soiléir. Ní leor é seo mar threoir do mhúinteoirí agus do scoláirí.
- Caithfear cion níos airde de na marcanna a leithdháileadh i gcónaí don scrúdú cainte.
- Ní mór Clár fairsing Forbartha Gairmiúla Leanúnaí a chur i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú na n-athchóirithe sula dtabharfar isteach iad don tSraith Shinsearach.
- De réir an Achta Oideachais (Alt 7(2)(d)) tá feidhm reachtúil ag an Aire Oideachais seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil trí Ghaeilge do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil. Chuige sin, teastóidh múinteoirí atá thar a bheith inniúil sa Ghaeilge agus a bhfuil taithí acu ar mhúineadh trí Ghaeilge.
- Tá soiléiriú ag teastáil maidir le cé acu an mbeidh nó nach mbeidh an cúrsa roghnach nó éigeantach i scoileanna Gaeltachta.

Leathanach 77

- Ní dhéantar aon tagairt sna dréacht-sonraíochtaí do Leibhéal B2 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa[10].
- Ba cheart ábhar breise bunaithe ar litríocht, oidhreacht agus cultúr: *Litríocht agus Saíocht na Gaeilge* a thabhairt isteach.

184. Dúradh in aighneacht Gaeloideachas go bhfuil *'gá le pleanáil chuimsitheach, chomhtháite agus fadtéarmach don Ghaeilge sa chóras oideachais suas tríd na leibhéil mar aitheantas ar a stádas agus a tábhacht mar cheann de theangacha oifigiúla na hÉireann.'* Thagair sé don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ina bhfuil sé ráite *'go n-éireodh leis na húdaráis oideachais fócas náisiúnta níos córasaí agus níos dlúithe a bhaint amach ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge.'* I gcomhréir leis an treoir seo, mhol Gaeloideachas go ndéanfaí na príomhpholasaithe seo a leanas a chomhtháthú:

- An Polasaí Oideachais Gaeltachta 2017-2022
- Polasaí d'Oideachas trí mheán na Gaeilge - atá ag céim luath forbartha ag an Roinn Oideachais; agus
- Polasaí do theagasc na Gaeilge, atá á mholadh le roinnt blianta ag geallsealbhóirí oideachais agus Gaeilge.

185. Ina aighneacht, d'éiligh an tOllamh Ó Duibhir go dtabharfaí ceithre leibhéal isteach sa tSraith Shinsearach nua chun freastal ar réimse cumais na scoláirí. Mhol sé gur chóir dearadh sonraíochtaí, siollabas, curaclam nó cúrsaí a bheith bunaithe ar riachtanais foghlama na scoláirí agus ar a gcuid spriocanna. Dúradh san aighneacht: *'Is minic go mbíonn sé níos casta ná mar a shílimid sonraíocht nua a dhearadh mar go mbímid faoi thionchar an chleachtais reatha. Ba cheart na leibhéil sin a shainiú ar dtús agus ansin breathnú ar an mbealach is fearr na torthaí foghlama ag gach leibhéil a bhaint amach.'*

[10] Baintear úsáid as leibhéal B2 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha go hidirnáisiúnta mar chreidiúnú bunúsach a thugann le fios go bhfuil dóthain líofachta ag duine chun teanga a úsáid i gcomhthéacs gairmiúil.

186. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, luaigh Uí Uiginn '*maidir leis na moltaí atá déanta againn, is é an buntáiste a bhainfeadh leo seachas T1 agus T2 ná go mbeidís oscailte do gach dalta. Ní bheadh aon deighilt ann idir na Gaelcholáistí agus scoileanna iomlána. Mar is eol dúinn, tá neart áiteanna ar fud na tíre nach bhfuil Gaelcholáiste ar fáil ann. Bheadh na sonraíochtaí atá molta againne oscailte – bíodh sé mar rogha 1 nó rogha 2 – do gach dalta i ngach scoil dá mba mhian leo tabhairt faoi.'*

187. Dúirt Uí Uiginn freisin '*Is dócha go bhfuil teimpléad ag an CNCM do na hábhair éagsúla agus leanann siad an teimpléad sin. Tugann siad torthaí foghlama agus tá imní ar mhúinteoirí Gaeilge nach bhfuil a dhóthain eolais ansin. Níl fairsinge eolais ná doimhneacht ag baint leis na torthaí foghlama. Ní léir cad atá le múineadh ag na múinteoirí agus le foghlaim ag na daltaí. Níl siad sonrach go leor. Is sonraíochtaí iad ach níl na sonraí ann. Is cur chuige ginearálta é sin.*'

188. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, nótáil an tUasal Neil McDonnell *'cé gur teanga oifigiúil de chuid an AE í an Ghaeilge, tá Éire ag streachailt lena cuóta aistritheoirí a chomhlíonadh i dtaca le haistriú dhlí, threoracha agus rialacháin an AE.'*

## LITRÍOCHT

189. Iarradh in aighneacht Gael Linn go gcuirfí dréachtliosta litríochta ar fáil in éineacht leis na dréacht-sonraíochtaí foilsithe ag an CNCM, chun deis a thabhairt do mhúinteoirí na téacsanna molta a mheas. D'iarr sé freisin go mbeadh dóthain eolais ann ar cén stíl ceiste a mbeifear ag súil go bhfreagróidh na daltaí.

190. Dúirt Gael Linn go bhfuil *'an iomarca téacsanna le clúdach ag leibhéal na sraithe sóisearaí*[11]*.'* Moladh go dtabharfaí níos mó ama chun a chinntiú gur féidir le múinteoirí agus daltaí na téacsanna ar fad a chlúdach.

---

[11] Tuairisc-Suirbhe-an-Ghreasain-Dreachtsonraiochtai-1.pdf (angreasan.ie)

191. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt an tUasal Pádraig Ó Beaglaoich go '*moltar go tréan go ndéanfar clár sainiúil spriocdhírithe a bhunú le bonn níos láidre a chur faoi thobar litríochta do dhéagóirí sa Ghaeilge, d'fhonn a dheimhniú go mbeidh saothair chomhaimseartha litríochta d'ardchaighdeán ar fáil trí Ghaeilge do na liostaí litríochta sna seánraí éagsúla, ag leibhéil na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon.*'

192. Luaigh an tUasal Ó Beaglaoich chomh maith '*mar is eol do chách, ní hionann an tobar litríochta i gcomhthéacs na Gaeilge agus an tobar litríochta i gcomhthéacs an Bhéarla. Táthar ag iarraidh an óige agus déagóirí a mhealladh i dtreo na litríochta agus saothair chomhaimseartha agus saothair atá mealltach a aimsiú. D'iarr an Teachta orm cé atá freagrach. Tá clár na leabhar Gaeilge ag Foras na Gaeilge agus d'fhéadfaí cuid de na leabhair do dhéagóirí a fhoilsiú laistigh den chlár sin. Tá cúraimí reachtúla ag COGG maidir le hacmhainní teagaisc agus foghlama. Níl aon chlár sonrach faoi leith againne atá ag plé le déaglitríocht faoi láthair ach d'fhéadfadh féidearthachtaí a bheith ann tabhairt faoi ar bhonn idireagraíochtúil nó d'fhéadfadh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta í féin é sin a dhéanamh, ach bheadh gá le maoiniú cuí agus foireann chuí a chur in áit chun a leithéid a chur chun cinn.'*

193. Thagair Uí Uiginn don ábhar breise *Saíocht agus Litríocht na Gaeilge* atá beartaithe. Dúirt sí, *'is moladh é a rinneadh nuair a rinneadh leasú ar an ardteistiméireacht deich mbliana ó shin go dtabharfaí a leithéid isteach mar, i ndáiríre, nuair a chuimhnítear ar dhaltaí sa nGaeltacht agus i nGaelcholáistí agus an staidéar a dhéanann siad ag ardleibhéal ar théacsanna i mBéarla - sé cinn d'fhilí agus an t-uafás dánta dá gcuid agus ansin dráma le Shakespeare, drámaí eile agus úrscéalta - níl ach giotaí beaga de litríocht acu sa Ghaeilge le staidéar a dhéanamh orthu. Déanann sé sin bochtú ar an teanga sa bhfadtéarma.*

*Tá sé tábhachtach agus creidim go mbeadh spéis ag daltaí sna Gaeltachtaí agus sna Gaelcholáistí tabhairt faoi ábhar dá leithéid. B'fhéidir*

*nach mbeadh an tóir a bheadh air chomh leathan agus a bheadh sé dá mba rud é go raibh sárleibhéal ar fáil. Tá deacrachtaí ag baint leis sin agus tuigim mar iar-phríomhoide scoile na deacrachtaí a bhaineann le pointí bónais a bhronnadh ar ábhar. Níl sé éasca an rud ar fad a láimhseáil.'*

## MEASÚNACHT

194. Ina aighneacht, dúirt an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) gur *'léir go bhfuil fadhbanna móra ann mar gheall ar intuarthacht na gceisteanna sa scrúdú deiridh Gaeilge, go háirithe i gcás na béaltrialach.'* Mhaígh COGG *'nach bhfuil an scrúdú inchreidte ná bailí toisc go bhfuil suas le dhá bhliain ag iarrthóirí an t-ábhar atá sa scrúdú a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus in ainneoin go dtuairiscíonn Príomhscrúdaitheoirí Gaeilge na hArdteistiméireachta é seo, níl aon iarracht déanta dul i ngleic leis an bhfadhb seo go dtí seo.'*

Dúirt COGG freisin *'toisc go mbronntar 40% de na marcanna iomlána ar bhéaltriail réamhullmhaithe nach maireann ach 15 nóiméad, cuireann sé sin torthaí Gaeilge na hArdteistiméireachta as a riocht.'* Ina theannta sin, '*tá méadú 120% tagtha ar líon na ngrád H1 Ardleibhéil a bronnadh i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta le dhá bhliain anuas cé go n-admhaítear go forleathan go bhfuil caighdeán an-íseal ag na scoláirí agus iad ag fágáil na scoile.'*

195. Nótáil COGG '*i nGaeilge, is scrúdú coitianta é an béaltriail agus, dá bhrí sin, ní dhéantar aon idirdhealú idir iarrthóirí Ardleibhéil agus iarrthóirí Gnáthleibhéil.*
*Is é an toradh atá air sin ná go ndéantar leithcheal ar iarrthóirí Gnáthleibhéil ó thaobh pointí CAO de, toisc go bhfaigheann siad suas le 40% de 60 pointe agus go bhfaigheann iarrthóirí Ardleibhéil suas le 40% de 100 pointe.'*

196. Ina aighneacht, nótáil Gaeloideachas, *'tá míthuiscint sna díospóireachtaí poiblí maidir leis an difríocht idir marcanna bónais agus pointí bónais.'* Mhínigh sé *'an chúis gurb ann do mharcanna bónais do scoláirí a thugann faoi ábhair ar leith trí Ghaeilge sna scrúduithe ná le cúiteamh a thabhairt dóibh as an ualach breise a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar ábhair i mionteanga nach bhfuil*

*ach líon an-teoranta acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil inti i gcomparáid leis an mBéarla.'* Dúirt siad nach bhfuil *'cothrom na féinne ó thaobh acmhainní teagaisc agus foghlama ann go fóill do dhaltaí a thugann faoi ábhair trí Ghaeilge agus go dtí go mbíonn comhchaighdeán agus comhsholáthar, beidh gá le cúiteamh don dua bhreise.'*

197. Léirigh aighneacht Gael Linn go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na scoláirí atá ag tabhairt faoin Ardleibhéal ó tugadh isteach 40% de mharcanna don bhéaltriail. Nótáil sé gur ardaigh na huimhreacha ó 32.34% in 2011, go 47.95% in 2019. Léirigh sé an tuairim gur *'rud thar a bheith dearfach é go bhfuil níos mó daltaí ag roghnú an scrúdú ardleibhéil anois.* 'D'iarr sé freisin '*nár cheart go mbeadh aon ísliú ann sna marcanna don obair labhartha... tá baol ann go dtiocfaidh laghdú i líon na ndaltaí a thugann faoin chúrsa ardleibhéil má bhíonn ísliú ann.'*

198. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt an tUasal Ó Beaglaoich '*ní mór an cinneadh maidir leis an mbonnleibhéal a fhágáil ar lár a cheistiú ós rud é go bhféadfadh cinneadh dá leithéid drochthionchar a imirt ar líon na ndíolúintí amach anseo.*'

199. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, thug Uí Uiginn an tuairim chéanna, ag rá '*gan cúrsa bonnleibhéil, tá an baol ann go mbeidh ardú mór ar líon na scoláirí a bheidh ag lorg díolúine ón nGaeilge san ardteistiméireacht. Tá an líon seo ag cothú imní mar atá sé i láthair na huaire.*'

200. D'aontaigh aighneacht Gael Linn leis an ráiteas seo ag rá go bhfuil baol ann go dtiocfaidh méadú mór ar líon na scoláirí a bheidh ag lorg díolúintí ón nGaeilge mura dtairgtear cúrsa bonnleibhéil amach anseo, rud a dhéanfadh dochar mór don Ghaeilge mar ábhar scoile. Dúirt siad go gcaithfear deis a thabhairt do gach scoláire staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag leibhéal atá oiriúnach dóibh.

201. Dúirt an tUasal Ó Beaglaoich, chomh maith, *'Maidir le scrúduithe*

*ardteistiméireachta Choimisiún na Scrúduithe Stáit sa Ghaeilge, is léir*

*go bhfuil fadhbanna móra ann de bharr intuarthacht na gceisteanna sa scrúdú ceannchúrsa. Is fíor é seo maidir leis an scrúdú cainte ach go háirithe. Níl an scrúdú iontaofa ná bailí de bharr go mbíonn suas le dhá bhliain ag iarratasóirí tromlach d'ábhar an scrúdaithe a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Anuas air sin, bronntar 40% de na marcanna iomlána ar scrúdú cainte réamhullmhaithe nach leanann thar 15 nóiméad agus tá sé seo ag cur torthaí na hardteistiméireachta don Ghaeilge as riocht. Is den riachtanas é go leanfar le scrúdú cainte faoi stiúir Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar chuid de mheasúnú na Gaeilge san ardteistiméireacht le scrúdaitheoirí seachtracha agus córas modhnaithe. Moltar athstruchtúrú a dhéanamh ar an scrúdú cainte ionas nach mbeidh sé intuartha agus moltar go mbunófaí é agus an measúnú scríofa ar an bhfráma tagartha comónta Eorpach, FTCE*.

*Maidir leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach... [tá] sé fíorthábhachtach go ndéanfaí ailíniú ar cibé cruth a bheidh ar shonraíochtaí na sraithe sóisearaí, más sonraíocht amháin atá i gceist nó cúrsa breise.'*

202. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt an tUasal Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge, nach bhfuil '*mórán eolais ann sa ghnáthphobal faoin FTCE faoi láthair. É sin ráite, tá an fráma sin á úsáid níos mó agus níos mó nuair atá tagairt déanta do chaighdeáin teanga agus poist á bhfógairt.*

*Óna bheith ag labhairt leis na saineolaithe atá ag plé leis an bhfráma faoi láthair, tá a fhios agam gur rud é atá an-mhaith don Ghaeilge nach bhfuil ann do roinnt mhaith eile de na hábhair sa chóras oideachais ná go dtosaítear ar an nGaeilge sa réamhscoil agus leantar léi tríd an mbunscoil, an meánscoil agus an tríú leibhéal.*
*Tá deis againn an rud ar fad a cheangal le chéile le córas amháin agus dréimire faoi leith. Óna leibhéal ar an bhfráma, féadfaidh a fhios a bheith ag daoine cá bhfuil daoine ó thaobh a gcumas Gaeilge labhartha agus scríofa. Mothaím go dtabharfadh sé sin muinín sa bhreis do dhaltaí amach anseo ó thaobh an cumas Gaeilge de. Bheadh sé bunaithe níos mó ar chumarsáid sa teanga. Leis an bhfráma,*

*is féidir freastal ar an gcainteoir dúchais nó ar an gcainteoir atá lag tríd na próifílí teanga a chuirtear i bhfeidhm.*

*Nuair a thagann sé go dtí an Ghaeilge, sílim go bhfuil deis ann le féachaint ar an teanga ina hiomláine ó thús go deireadh in ionad a bheith ag breathnú díreach ar an ardteist agus na hathruithe a thiocfaidh uirthi. Má tá córas curtha ar bun atá ag breathnú ar an nGaeilge ó réamhscoil ar aghaidh go dtí bunscoil agus meánscoil agus ansin isteach go dtí an tríú leibhéal, beidh córas mar sin in ann tabhairt faoi aon athrú eile a thiocfaidh faoin ardteist go ginearálta, ach ba chóir go n-aithneodh sé sin go bhfuil deis an-mhaith againn go mbeidh aon chúrsa amháin nó aon dréimire amháin.*

*Dá mbeadh an fráma in úsáid, mar shampla, d'fhéadfaí freastal ar an dalta a thagann isteach sa chúrsa déanach. Faoi láthair, deirtear leis nó léi suí ar chúl an tseomra agus nach bhfuil sé nó sí chun an Ghaeilge a dhéanamh. Cén fáth nach féidir leo tosú agus A1 a bhaint amach ar an bhfráma? D'fhéadfadh siad a bheith bródúil as. Bhíomar ag caint faoin turas saoil sin ó thaobh foghlaim na Gaeilge de. D'fhéadfadh an foghlaimeoir lag a bhfuil deacrachtaí scríbhneoireachta aige nó aici an scrúdú béil a dhéanamh amháin don ardteist agus pointí a fháil ansin.'*

203. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, dúirt Uí Uiginn, '*Luaigh daoine eile an dearcadh diúltach ag daoine i leith foghlaim na Gaeilge go minic. Eascraíonn sé sin toisc go mothaíonn siad go dteipeann orthu caighdeán sásúil a bhaint amach sa teanga. Leis an bhfráma tagartha bheadh sé sin ina eiseamláir dhearfach. B'fhéidir nach mbainfeadh siad B2 amach san ardleibhéal ach bheadh siad in ann tógáil air sin agus dul ar aghaidh go dtí B1 agus B2.'*

*Maidir le cén chaoi an fráma tagartha a cheangal isteach chun é a dhéanamh níos éifeachtaí. An chéad rud gur gá leis ná ailíniú a dhéanamh idir na gráid éagsúla sa fhráma tagartha agus an curaclam. An... Comhchreat Tagartha na hEorpa. Tosaíonn sé le A1 agus ansin téann sé go A2, B1, B2 agus mar sin de. Bheadh gá féachaint ar na sonraíochtaí ag an iar-bhunleibhéal, ag tosú leis an tsraith shóisearach, agus cinntiú go raibh ceann de na leibhéil sin ailínithe ar*

*bhealach trédhearcach,*


Leathanach 84

*ag teacht leis an gcaighdeán atá i gceist leis an bhfráma tagartha. Is é sin go mbeadh A1 ag teacht le bonnleibhéal nó gnáthleibhéal sa tsraith shóisearach agus go mbeadh A2 agus ansin B1 agus B2 ag teacht suas go dtí an ardteistiméireacht. Bheadh béaltriail i gceist freisin. Tá a lán marcanna ag dul don bhéaltriail i láthair na huaire. Tá an bhéaltriail struchtúrtha le han-chuid sraitheanna pictiúr atá le foghlaim de ghlanmheabhair ag daltaí. Mar sin féin, níl sé sin ag cur leis an gcumas fadtéarmach cumarsáide atá ag na daltaí.*

*Tá molta go mbeidh 35% nó 40% de na marcanna ag leibhéal na hardteistiméireachta ag dul don bhéaltriail ach caithfidh athstruchtúrú a dhéanamh ar an mbéaltriail chun a chinntiú go bhfuil cumas cumarsáide ag sroicheadh leibhéal atá aitheanta go hidirnáisiúnta tríd an bhfráma tagartha thuasluaite, go bhfuil caighdeán áirithe ag baint leis agus nach mbeadh daltaí díreach ag foghlaim rudaí de ghlanmheabhair don scrúdú sin. Tá athstruchtúrú dáiríre agus athbhreithniú le déanamh air sin.'*

## TACAÍ TEAGAISC

204. Dúradh san aighneacht ó Ghael Linn gur cheart *'níos mó tacaíochta a chur ar fáil d'imeachtaí seach-churaclam mar atá molta mar dhea-chleachtas foghlama/teagaisc teangacha ar fud an domhain.'*

205. Nótáladh i roinnt aighneachtaí nach mór caighdeán na Gaeilge i measc múinteoirí a fheabhsú chun a chinntiú go bhfuil líon leordhóthanach múinteoirí iar-bhunscoile le hardchaighdeán Gaeilge ar fáil chun gach ábhar curaclaim a mhúineadh trí Ghaeilge.

206. Ina aighneacht, dúirt an tOllamh Ó Duibhir, '*cibé cinneadh a ghlacfaí maidir le sonraíochtaí nó ábhar breise, ní mór aghaidh a thabhairt ar chúrsaí measúnaithe agus cúltionchar dearfach a bheith ann.*' Mhaígh sé go *'bronnann an scrúdú reatha luach saothair ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair nach dtagann le bunphrionsabail na foghlama cumarsáidí teanga.'*

207. I bhfianaise ó bhéal, dúirt an tUasal Ó Beaglaoich ar an 23 Samhain 2021, '*I gcomhthéacs na leasuithe atá tuartha don tsraith shinsearach, bheadh sé*

*fíorthábhachtach*


Leathanach 85

*go mbeadh na deiseanna céanna ag scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Ghaeltachta maidir le hacmhainní agus múinteoirí agus maidir le rogha ábhair. Tá céimeanna chun tosaigh glactha. Luaigh Fíona Uí Uiginn an polasaí don oideachas Gaeltachta. Maidir le bunscoileanna, tá an fhoghlaim ar líne.*

*Cuireadh cúrsa fisice ar leibhéal na hardteiste ar fáil go fíorúil. Fáiltíonn COGG roimhe go bhfuil fógra déanta go mbeidh an dara hábhar le cur i bhfeidhm mar chuid den bhunscoil. Baineann sé leis an bpolasaí don oideachas Gaeltachta, ach tá deacrachtaí soláthair ann do na Gaelcholáistí chomh maith maidir le múinteoir a aimsiú i gcuid den na sain-ábhair. Bíonn sé seo i gceist go minic ar leibhéal na hardteiste.'*

Lean an tUasal Ó Beaglaoich, '*ní hionann an rogha chéanna a bheith ag scoláire atá ag freastal ar iar-bhunscoil Gaeltachta nó ar Ghaelcholáiste agus a bheadh trasna an bhoird sna scoileanna Béarla. Chomh maith leis sin, tá deacrachtaí a ndearna mé tagairt dóibh níos luaithe maidir le soláthar téacsleabhar. D'fhéadfaí téacsleabhair, fiú amháin, a sholáthar ach is é ceann de na hábhair gearáin a bhíonn ag múinteoirí agus ag scoileanna chomh maith ná, i gcás an Bhéarla, go bhféadfaí ceithre nó cúig cinn de théacsleabhair a bheith mar rogha ag an duine ach, toisc go bhfuil scéim na dtéacsleabhar mar a bhaineann le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge fóirdheonaithe, níl bhíonn i gceist ach rogha amháin d'ábhar amháin. Cruthaíonn sé sin deacrachtaí ann féin.*

*Maidir leis an gceist a d'ardaigh an Leas-Chathaoirleach maidir le scoileanna iargúlta agus tuaithe, níl aon amhras ach go bhfuil múnla na molscoile nó ríomhscoile ach i dtús ama anois, i ndáiríre. D'éirigh go maith leis na chéad iarrachtaí agus tá an dara hábhar le tabhairt isteach ach tá gá le breathnú níos mine agus níos cuimsithí ar an gceist sin ionas go mbeidh, mar a luaigh Caoimhín Ó hEaghra ansin, cothrom na Féinne ag na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.'*

208. I bhfianaise ó bhéal ar an 23 Samhain 2021, dúirt an tUasal de Spáinn go bhfuil '*sprioc leagtha síos ag an mBreatain Bheag chun 40% de na scoileanna a bheith mar scoileanna Breatnaise amach anseo. Níl aon sprioc mar sin againne ó Dheas anseo in Éirinn. Cá mbeadh muid*

Leathanach 86

*anois dá mbeadh a leithéid de sprioc tar éis a bheith againn ó na 1970aidí ar aghaidh, mar shampla? B'fhéidir go mbeadh muid níos fearr ná na Breatnaigh agus imithe ar aghaidh go 50% nó 60%. An t-easnamh is mó atá againn ná nach bhfuil aon phlean ann ag rá go bhfuil an oiread seo Gaelscoileanna ann faoi láthair, beidh an méid seo iar-bhunscoileanna ag teastáil agus táimid chun na hacmhainní a chur ar fáil chun a leithéid a dhéanamh.'*

209. Thagair an tUasal de Spáinn freisin d'aonaid lán-Ghaeilge laistigh de scoileanna Béarla agus nótáil sé *'an fhadhb is mó a bhaineann leis na haonaid ná nach bhfuil aon chinnteacht go mbeidh gach ábhar ar fáil trí Ghaeilge. Ní bhfaighidh daoine an t-eispéireas céanna tumtha ó thaobh cúrsaí teanga de i measc na ndaltaí má tá siad i scoil ina bhfuil an Béarla timpeall orthu chomh maith. An rud atá le feiceáil ó thaobh rathúlacht na Gaelscolaíochta ná go bhfeidhmíonn sí i bhfad níos fearr nuair atá na scoileanna neamhspleách agus in ann feidhmiú iad féin.'*

210. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, maidir leis na hábhair is mó a mbaineann dúshláin leo ó thaobh múinteoirí nó téacsleabhair a bheith ar fáil, dúirt Uí Uiginn, *'Na heolaíochtaí... agus an eacnamaíocht bhaile ach go háirithe. Is dócha go bhfuil gach príomhoide in Éirinn ag lorg múinteoir eacnamaíocht bhaile faoin am seo.*

*Bhí sé mar mholadh againn go mbeadh ar gach institiúid a chuireann oideachas tosaigh múinteoirí ar fáil, na módúil a chur ar fáil le múineadh trí mheán na Gaeilge. Tá a fhios agam anois go bhfuil níos mó oscailtí ann le traenáil mar mhúinteoir trí mheán na Gaeilge leis an gcúrsa i nGaillimh, ach ba cheart go mbeadh ar Ollscoil Luimnigh agus ar na hollscoileanna eile a chinntiú go ndéanfadh na múinteoirí cúrsa ar theagasc trí Ghaeilge mar chuid den oiliúint atá ar bun acu. Tá a fhios agam gur thosaigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath é sin, agus ceapaim go raibh sí ag éileamh caighdeán B2 chun dul isteach ar an gcúrsa. Is éard atá i gceist agam go mbeadh an cúrsa ar fáil i ngach institiúid a chuireann oideachas tosaigh múinteoirí ar fáil - i Luimneach , i gCorcaigh agus i ngach áit.'*

Leathanach 87

## ROCHTAIN

211. Ina aighneacht, mhol Conradh na Gaeilge go gcabhródh úsáid an FTCE le rochtain, comhionannas agus folláine na scoláirí ó tharla go bhféadfadh an córas a bheith thar a bheith solúbtha ar na bealaí seo a leanas:

- D'fhéadfadh an fráma freastal ar dhaltaí scoile a thagann isteach sa chóras déanach, m.sh. d'fhéadfadh dalta ag teacht isteach sa chóras oideachais in Éirinn don chéad uair i rith an tríú bliain sa mheánscoil an leibhéal A1 a dhéanamh sa Ghaeilge agus d'fhéadfaí pointí CAO a bheith bronnta air bunaithe ar an leibhéal sin; agus
- D'fhéadfadh an fráma freastal ar dhaltaí scoile le deacrachtaí foghlama, m.sh. d'fhéadfadh dalta le deacrachtaí scríobh díriú ar labhairt na Gaeilge amháin ar an bhfráma agus d'fhéadfaí pointí CAO a bheith bronnta air bunaithe ar an leibhéal sin.

212. I bhfianaise ó bhéal, ar an 23 Samhain 2021, luaigh Sorcha Ní Chéilleachair, Tuismitheoirí na Gaeltachta, '*scéim atá Tuismitheoirí na Gaeltachta ag forbairt in éineacht le Teacht Aniar, an grúpa atá thuas i mBaile Átha Cliath. Is clár foghlama é don idirbhliain. Is clár ceannaireachta Gaeltachta atá bunaithe ar chúrsaí éiceolaíochta, Gaeilge agus Gaeltachta agus an nasc atá idir an dá rud sin mar aon leis an ngéarchéim éiceolaíochta atá ann faoi láthair. Tá sé sin mar ábhar spéise ag go leor daoine óga agus an ceangal idir é sin agus an ghéarchéim Gaeltachta agus Gaeilge, más féidir sin a lua. Táimid á fhorbairt sin faoi láthair agus ag caint leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá an-spéis acu ann agus táimid ag caint leis an Roinn Oideachais chomh maith.'*

213. Dúirt an tUasal de Spáinn go bhfuil *'líon daltaí a dhéanann teanga eile seachas an Ghaeilge, cé go bhfuil díolúine faighte acu ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge.'*

*Is é an rud is bunúsaí ar a bhíomar ag caint níos luaithe maidir le húsáid, mar shampla, an Fhráma Tagartha Comónta Eorpach, ná dá gcuirfí é sin i bhfeidhm sna scoileanna agus go gcabhródh sé go mór leis an gceist seo. Bheadh*

Leathanach 88

*sé in ann freastal ar dhaltaí a thagann isteach go déanach sa chóras nó ar na daltaí le deacrachtaí foghlama. Is é an sampla is éasca a thabhairt faoi sin ná go bhféadfaí an ardteistiméireacht a dhéanamh sa scrúdú béil amháin má tá deacracht mhór scríofa ag an dalta.*

*Ina ionad sin, tá an córas faoi láthair ag seachaint na faidhbe agus ag cruthú córas díolúintí nach bhfuil i dtíortha eile, go bhfios dúinn. Nuair a labhraítear leis na saineolaithe in Éirinn, d'fhéadfadh siad a rá go mb'fhéidir go bhfuil cás ann le 2% nó 3% díobh. Thug siad córas 10% den pheircintíl sna cumais ar fad isteach. Bhí sé sin i bhfad ró-leathan agus ba chóir breathnú ar an scéal seo arís.'*

## MOLTAÍ:

21. Ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis an CNCM, athbhreithniú cuimsitheach ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí a chur i gcrích in éineacht le leasú ar churaclam Gaeilge na Sraithe Sinsearaí**.** Chuige sin, ba chóir athbhreithniú breise a dhéanamh ar na Sonraíochtaí T1 agus T2 atá beartaithe sa Ghaeilge sa tSraith Shinsearach d'fhonn é a ailíniú le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

22. Ba chóir gach athrú ar Churaclam na Gaeilge a dhéanamh de réir an Pholasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an Tríú Leibhéal.

23. Ba chóir Gaeilge bonnleibhéil a choinneáil lena chinntiú go ndéanann scoláirí níos laige staidéar ar an ábhar. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam ag an mbunleibhéal chun a chinntiú go múintear an teanga ar bhealach tarraingteach le béim ar chumarsáid.

24. Ba chóir Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i nGaeilge Ardleibhéil a thairiscint do Mhúinteoirí Bunscoile agus do Mhúinteoirí Meánscoile agus tumoideachas i gceantar Gaeltachta san áireamh.

25. Ba chóir Gaeilgeoirí líofa a spreagadh chun glacadh le háiteanna i gcúrsaí teagaisc fochéime agus iarchéime ina bhfuil an Ghaeilge riachtanach. Chuige sin, ba chóir marcanna bónais a bhronnadh ar iarratasóirí ar an gCéim Mháistreachta san Oideachas (MED), a rinne staidéar ar an nGaeilge ina mbunchéim. Chomh maith leis sin, ba chóir an Chéim Bhaitsiléara san Oideachas (BED), a mhúintear trí mheán na Gaeilge, a thabhairt isteach i ngach Coláiste Oiliúna do Mhúinteoirí.

26. Ba chóir don Roinn Oideachais Clár Náisiúnta don Ghaeloideachas a fhorbairt agus a fhoilsiú chun soláthar an Ghaeloideachais do Bhunscoileanna agus Meánscoileanna a mhéadú, faoi dheireadh 2022. Ba chóir don Chlár breac-chuntas a thabhairt ar na tacaí a chuirfear ar fáil, lena n-áirítear dreasachtaí airgeadais i bhfoirm liúntas, do mhúinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge.

27. Ba chóir don Roinn Oideachais Ciorclán a eisiúint chuig gach Bunscoil agus Meánscoil maidir le tacaíocht bhreise a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim trí Ghaeilge. Aithnítear é seo go hidirnáisiúnta mar Shamhail Dea-Chleachtais sa tumadh teanga.

28. Ba chóir don Roinn Oideachais, i gcomhar leis na Coláistí Oiliúna Múinteoirí, Clár a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil dóthain múinteoirí iar-bhunscoile ar fáil chun gach ábhar curaclaim a mhúineadh trí Ghaeilge.

# CAIBIDIL 6 RIACHTANAIS ARDOIDEACHAIS AGUS BREISOIDEACHAIS, ROGHANNA GAIRME AGUS COSÁIN GHAIRME

214. Ina aighneacht, luaigh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann go bhfuil *'an Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint[12] tearcfhorbartha faoi láthair laistigh den tsraith shinsearach[13]. Ba chóir ról na sraithe sinsearaí i ngairmoideachas agus i ngairmoiliúint tosaigh in Éirinn a neartú agus a leathnú. Cuireann cláir gairmoideachais agus gairmoiliúna tosaigh foghlaim scoilbhunaithe agus foghlaim obairbhunaithe le chéile. Má dhéantar an t-oideachas i gcoitinne agus an gairmoideachas i meánscoileanna uachtaracha a fhorbairt agus a neartú, is féidir an t-oideachas a dhéanamh níos cuimsithí agus an t-aistriú ón scoil go dtí an obair a neartú[26]. Tá claonadh i dtreo na hoibre ag Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus ag an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ach rangaítear níos fearr iad mar réamhghairmiúil nó réamhtheicniúil agus is beag foghlaim obairbhunaithe a theastaíonn. Meallann na cláir seo mionlach scoláirí, 25% agus 5% de chohórt na hArdteistiméireachta faoi seach. Chomh maith leis sin, meallann an ATF, nach gcuireann rochtain dhíreach ar oideachas tríú leibhéal ar fáil, go díréireach scoláirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus scoláirí ar chumas níos ísle[14]. Ba chóir féachaint arís ar an srian atá ar scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí bogadh chuig an ardoideachas.'*

215. Nótáil Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann freisin go dtugann an leathnú le déanaí ar phrintíseachtaí isteach in earnálacha nua amhail fáilteachas, seirbhísí airgeadais agus Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide *'deiseanna cláir réamhphrintíseachta agus cláir oiliúna a fhorbairt taobh le taobh le cláir Ardteistiméireachta traidisiúnta.'* Mhol siad gur *'chóir go dtacódh seirbhísí treorach le haon fhorbairtí den sórt sin agus a chinntiú go bhfuil*

[12] Sainmhíníonn Eurostat gairmoideachas agus gairmoiliúint mar an oiliúint i scileanna agus i dteagasc eolais a bhaineann le ceird, slí bheatha nó gairm ar leith ar mian leis an scoláire nó leis an bhfostaí páirt a ghlacadh inti. Ullmhaíonn cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna rannpháirtithe le haghaidh iontrála dírí i ngairmeacha ar leith gan a thuilleadh oiliúna a bheith orthu.

[13] CEDEFOP (2019) VET in Ireland [Vocational education and training system in Ireland (europa.eu)](#) [26] See OECD (2019), "What characterises upper secondary vocational education and training?", *Education Indicators in Focus*

OECD iLibrary | What characterises upper secondary vocational education and training? (oecd-ilibrary.org) also NCCA (2018) review of upper secondary education in nine jurisdictions scoping-report-online-2.pdf (ncca.ie)
[14] ESRI (2017) Leaving Certificate Applied Discussion Paper scr-lca-discussion-paper.pdf (ncca.ie) [28] SOLAS (2020) The National Strategy for FET suggests how pathways from school to FET can be enhanced https://www.solas.ie/f/70398/x/64d0718c9e/solas_fet_strategy_web.pdf

*deiseanna ag céimithe chun dul ar aghaidh chuig an obair agus cáilíochtaí gairmiúla agus acadúla breisoideachais agus ardoideachais ar ardchaighdeán.'*

216. I bhfianaise ó bhéal, ar an 28 Meán Fómhair 2021, dúirt an tUasal John Curtis, Ard-Rúnaí, an Comhbhord Bainistíochta, '*Tá clár cosán printíseachta forbartha ag ceann dár scoileanna i ndeisceart na tíre do scoláirí na sraithe sinsearaí. Tá naisc forbartha acu le Generation Apprenticeship agus SOLAS, agus thacaigh sé seo le forbairt a dtionscadail. Tá scoláirí ón idirbhliain go dtí an Ardteistiméireacht rannpháirteach leis. Bhí fostóirí áitiúla lárnach i bhforbairt an chláir, toisc go bhfuil cosáin phrintíseachta curtha ar fáil acu do scoláirí na scoile. Comhtháthaíonn samhlacha comhoibrithe dá leithéid i bpobail áitiúla an chuid is fearr den soláthar curaclaim oideachais a thairgtear ar scoil leis an deis do chleachtas fiúntach i suíomh oibre.'*

217. Deirtear in Aighneacht an CNCM *'Is léir ón athbhreithniú go bhfuil gá go mbeadh níos mó i gceist leis an gcéim seo den oideachas ná meicníocht roghnúcháin don ardoideachas agus gur chóir don chéim seo den oideachas scoláirí a ullmhú a ndóthain chun aistriú chuig breisoideachas, oideachas aosach agus ardoideachas, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus saol na hoibre. Éileoidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí forbairt tograí le haghaidh réimse cosán foghlama éagsúla a chuimsíonn deiseanna a eascraíonn as forbairtí comhthráthacha i mbreisoideachas agus in ardoideachas. Breathnófar ar chosáin atá ag teacht chun cinn le scoileanna chun machnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun cosáin sholúbtha nua agus fheabhsaithe a thagann as an athfhorbairt a chur i bhfeidhm.'*

218. I bhfianaise ó bhéal, ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, nótáil an tUasal Ken Whyte, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, a dhéanann ionadaíocht ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann, an gá go mbeadh printíseachtaí '*á bpleanáil ar feadh dhá bhliain go dhá bhliain go leith. Más mian linn ceardlann leictreach a chur isteach in áit éigin, caithfimid smaoineamh air bliain go bliain go leith roimh ré. Cé go bhfuil muid cinnte ag iarraidh dul trí fhreagairt éigeandála i láthair na huaire, ní bheidh sé sin ag teacht i bhfeidhm go dtí an samhradh seo chugainn. Má táimid ag tuar líon níos mó*

*síos an bóthar, ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh anois chun*

*an soláthar a bheith againn i gceann dhá bhliain go leith nó trí bliana, agus infheistíocht leanúnach a bheith againn ansin.'*

219. I bhfianaise ó bhéal, ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, dúirt an Dr Joseph Ryan, Príomhfheidhmeannach, An Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta, '*Is gréasán casta é ár sochaí, agus tá go leor scileanna éagsúla ag teastáil uaithi. Tá ceist ann, áfach, faoin meas céanna a bheith ar na scileanna sin go léir. Bhí na seanphrintíseachtaí againn, agus tá na printíseachtaí nua againn, ach tugaimid printíseachtaí orthu i gcónaí. In aigne an phobail, ní gá go ndéanfadh daoine idirdhealú idir na rudaí seo. Creidim go mb'fhéidir go bhfuil tuiscint seanchaite acu faoi seo. D'fhéadfadh sé go bhfuil baint éigin ag an margaíocht leis seo. Tá rud éigin freisin faoi fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus tuill agus foghlaim. Ní mór dúinn go háirithe breathnú ar an maoiniú tríd an gciste oiliúna náisiúnta má tá cáin suas le céatadán áirithe á gearradh ar fhostóirí ag an bpointe seo. Is cosúil go gcaithfimid níos mó comhrá a bheith againn faoin dearcadh áirithe sin.'*

220. I bhfianaise ó bhéal, ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, thagair an tOllamh Diarmuid Hegarty, Cathaoirleach, Cumann na gColáistí Ardoideachais, do leibhéil mhaoinithe agus dúirt sé '*Ní mór dúinn breathnú ar a bhfuil á infheistiú againn sna sruthanna éagsúla. Má tá mac léinn ag déanamh ceithre bliana san ollscoil nó in aon institiúid ardoideachais anois, is iondúil go mbímid ag caint ar thart ar €11,000 a infheistiú, ar an meán, do gach bliain, ag brath ar an gcúrsa ar leith a dhéantar. Íocann an dalta thart ar €3,000 den chostas sin, nó beagán níos mó ar uairibh. Tá an Stát, mar sin, ag infheistiú thart ar €8,000 in aghaidh na bliana agus thart ar €32,000 thar thréimhse cúrsa ardoideachais. Más mian leis an Stát printíseachtaí a chur chun cinn, caithfidh sé níos mó infheistíochta a dhéanamh iontu.'*

221. I bhfianaise ó bhéal, ar an 1 Márta 2022, mhol an tUasal Andrew Brownlee, Príomhfheidhmeannach, SOLAS, *'ba chóir don Stát íoc as an lá a chaitheann mic léinn printíseachta in oideachas gach seachtain mar nach mbaineann fostóirí aon tairbhe as a gcuid fostaithe ar an lá sin. Lena chois sin bheifí in ann a mhaíomh go bhfuil fostóirí ag fáil sochar teoranta óna bprintísigh sa chéad bhliain sin agus gur cheart don Stát breathnú ar fhóirdheontas i leith chostas na bprintíseachtaí sa chéad bhliain sin freisin*

*ag cuimhneamh go bhfuil fostóirí ag tabhairt faoi choimitmint ceithre bliana. Tá gá go gcothromódh an Stát an infheistíocht atá á déanamh i sruthanna éagsúla oideachais agus go smaoineodh sé ar thacú le printíseachtaí ó thaobh airgeadais de.'*

222. I bhfianaise ó bhéal, ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, leag an tUasal Jim Miley, Ard-Stiúrthóir, Cumann Ollscoileanna na hÉireann béim ar '*nach mór dúinn ár dtuiscint ar cad is printíseacht ann a leathnú freisin. Is minic a bhíonn an dearcadh faoi phrintíseachtaí an-traidisiúnta.'* Mhínigh sé gur seoladh clár bogearraí tumthach in Ollscoil Luimnigh in 2020, ar clár ceithre bliana é ina bhfuil dhá bhliain go lánaimseartha sa choláiste agus ansin dhá bhliain ag obair i dtionscal. Lean sé air, *'tá deich gcinn nó dhá cheann déag de na príomhchuideachtaí teicneolaíochta cláraithe le páirt a ghlacadh sa chlár sin. Oibríonn na mic léinn ar an gcúrsa sin ar an láthair sna cuideachtaí sin geall le lánaimseartha. Ní thugtar printíseacht ar an gclár, ach is múnla printíseachta é tá sé chomh maith dhuit a rá. Dá bhrí sin, ní mór dúinn ár dtuiscint ar phrintíseachtaí a leathnú ar an mbealach sin. Tarraingíonn na ceisteanna a d'ardaigh an tOllamh Hegarty maidir leis an tsamhail mhaoinithe a bhaineann le printíseachtaí - cé a íocann na costais atá i gceist agus conas fostóirí a tharraingt isteach sna cláir seo - aird ar chuid de na saincheisteanna criticiúla ar chóir aghaidh a thabhairt orthu sa réimse seo.'*

223. Dúirt sé freisin, *'Tá sineirgí suntasacha idir an straitéis reatha náisiúnta breisoideachais agus oiliúna, FET, agus an obair a rinneadh san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Féachann an dá cheann acu ar dheiseanna foghlama do scoláirí sraithe sinsearaí agus féachann siad ar chosáin ón scoil chuig breisoideachas agus breisoiliúint. Tá na cosáin foghlama mar a thuairiscítear sa tionscadal inár scoil i gCorcaigh ag teacht go hiomlán le haidhmeanna na straitéise. An bhfuil foghlaim ann dúinn go léir agus muid ag féachaint ar an straitéis Breisoideachais agus Oiliúna i gcomhar le forbairt na sraithe sinsearaí ag an dara leibhéal?'*

224. I bhfianaise ó bhéal, ar an 28 Meán Fómhair 2021, dúirt an tUasal Paddy Flood, Ceann Scoileanna, Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann, '*Is fúinne atá sé i ndáiríre mar shochaí luach a thabhairt do na cosáin sin. Is féidir sa lá atá inniu*

*a bheith i do chuntasóir ag baint úsáide as an*


Leathanach 94

*mbealach printíseachta. Is féidir na printíseachtaí nua a leanúint isteach i ngach cineál réimse, ach is dócha go bhfuil an iomarca suime againn i gcónaí i bpointí Ardteistiméireachta, sa Lároifig Iontrála agus i gcúrsaí áirithe. Ní mór go mbeadh meas ag aon athchóiriú a dhéanfar ar an ardteistiméireacht sa tsraith shinsearach ar eolas agus ar scileanna, faoi mar a thagair an tUasal Curtis dó. Má tá cosán gairme ann, mar shampla, ní mór go mbeadh an luach céanna leis agus ní mór do gach institiúid ar fud an Stáit déileáil leis agus breathnú air mar sin*.'

225. I bhfianaise ó bhéal, ar an 28 Meán Fómhair 2021, dúirt an tUasal John Irwin freisin go raibh '*meas faoina luach déanta ar phrintíseachtaí mar chineál bhreisfoghlama sa tsochaí seo. Is dócha gurb iad na meáin na bolscairí is measa den dearcadh seo i go leor cásanna. Féachann siad ar scoileanna agus cruthaíonn siad na táblaí sraithe seo, mar a thugtar orthu. Ní aon mheas ar scoláire a théann ar aghaidh chuig printíseacht agus a thugann faoin gcineál sin foghlama. Ní mheastar gur breis foghlama í an phrintíseacht sin. Is léiriú sochaíoch é sin ar chineál foghlama bailí agus den scoth. Tá ár sochaí ag cailleadh amach mar nach bhfuil go leor daoine ag dul isteach san iliomad printíseachtaí éagsúla atá ar fáil.*'

226. I bhfianaise ó bhéal, ar an 18 Deireadh Fómhair 2021, dúirt an tOllamh Diarmuid Hegarty, '*Maidir le riachtanais ardoideachais agus breisoideachais i ndáil le roghanna gairme agus cosáin ghairme, [.... ba chóir] díriú ar róil ghairmréime fhéideartha amach anseo le tacaíocht ó fhóraim scileanna réigiúnacha, SOLAS, Intreo agus an grúpa saineolaithe ar riachtanais scileanna sa todhchaí.*'

227. I bhfianaise ó bhéal, ar an 2 Samhain 2021, luaigh an tUasal Simon Harris, TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, go mbeidh gach '*dalta ardteistiméireachta in ann logáil isteach ar láithreán gréasáin an [CAO] agus an cnaipe a fheiceáil do na roghanna traidisiúnta CAO ach, den chéad uair riamh, feicfidh siad cnaipe do na roghanna breisoideachais agus oiliúna agus cnaipe ar féidir leo cliceáil air chun tuilleadh eolais a fháil faoi phrintíseachtaí agus faoi na tacaí agus na cosáin ansin chomh maith. Cén fáth a ndéanfaí na saincheisteanna seo a cheilt agus gan labhairt le daoine faoi phrintíseachtaí ag aois níos óige? Cén*

*fáth nach bhféachfaimis ar dheiseanna a thabhairt do dhaoine printíseachtaí a bhlaiseadh agus taithí a fháil orthu inár gcóras meánscoile agus b'fhéidir níos túisce fiú?'*


Leathanach 95

228. I bhfianaise ó bhéal, ar an 30 Samhain 2021, dúirt Maedhbh Costello Uasal leis an gCoiste go bhfuil *'athrú mór tagtha ar an tairiscint phrintíseachta in Éirinn mar thoradh ar phrintíseachtaí faoi stiúir fostóirí a bheith tugtha isteach i bpríomhréimsí tionscail, amhail cibearshlándáil, airgeadas agus cuntasaíocht. Mar sin féin, ní mór dúinn i ndáiríre an tuiscint ar phrintíseachtaí a threisiú do phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear tuismitheoirí, comhairleoirí gairmthreorach agus na scoláirí iad féin, chun scéal a chruthú maidir le printíseachtaí a thaispeánann i ndáiríre céard a chuireann siad ar fáil. Ní mór dúinn aird a dhíriú ar phrintíseachtaí mar shamhail mhalartach foghlama a thrasnaíonn an teorainn ó bhreisoideachas go dtí an t-ardoideachas. Tá deiseanna ann airgead a shaothrú agus tú ag foghlaim, slí bheatha ar feadh an tsaoil a fhorbairt agus cáilíochtaí a thuilleamh suas go leibhéal 10.'*

229. Dúirt Costello freisin '*tá roinnt fadhbanna bunúsacha ann freisin maidir le printíseachtaí. Tá súil againn go dtabharfaidh an plean gníomhaíochta náisiúnta nua aghaidh orthu sin chun fostóirí a mhealladh isteach sa chóras printíseachta agus, dá bhrí sin, níos mó printíseachtaí a fhostú. Ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail rómhaorlathas, rud a chuireann cosc uaireanta ar fhostóirí a bheith rannpháirteach; é a dhéanamh níos oiriúnaí ó thaobh costais; agus próifíl na bprintíseachtaí a ardú i measc fostóirí áirithe nach bhfuil ar an eolas go bhfuil deiseanna ann maidir le maoiniú, cuntasaíocht agus cibearshlándáil.'*

230. I bhfianaise ó bhéal, ar an 7 Nollaig 2021, dúirt an tUasal Hugh Ahern, '*D'fhéadfaí modúl a thairiscint san idirbhliain chun printíseachtaí a spreagadh ag leibhéal an teastais shóisearaigh toisc nach bhfeicim spás dóibh.*'

231. I bhfianaise ó bhéal, ar an 25 Eanáir 2021, dúirt an tUasal Dalton Tattan go bhfuil *'dlúthbhaint againn leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tuigim go ngearrann an dá thacar fadhbanna seo trasna an dá Roinn. Ba mhaith linn a chinntiú go bhfuil ailíniú agus leanúnachas ann ar fud an eispéiris a bhíonn ag na scoláirí. Is réimse amháin iad printíseachtaí a bhfuil fíoriarracht déanta ag an Stát ina leith, chun forbairt printíseachtaí nua a spreagadh i réimsí nua le blianta beaga anuas agus chun*

*tógáil printíseachtaí traidisiúnta a spreagadh ar ndóigh. Táimid ar thuras ó thaobh an mheasa a luaigh cainteoir eile níos luaithe. Tá roinnt mhaith oibre agus infheistíochta déanta chun a chinntiú go mbreathnófar orthu seo mar dheiseanna réadúla agus mar roghanna réadúla do scoláirí.'*

232. Dúirt Evelyn O'Connor Uasal, Príomhoifigeach, an Roinn Oideachais, *'Bhunaíomar grúpa polasaí náisiúnta le déanaí chun straitéis treorach a chur i bhfeidhm, leanúntas, straitéis treoraithe ina hiomláine ar fud an chórais, lena n-áirítear i réimsí an bhreisoideachais agus ardoideachais agus saol na hoibre. Beimid ag féachaint ar gach cineál saincheist treorach ina leith sin as seo go ceann bliain nó dhó, ag brath ar an achar ama a thógfaidh sé é go léir a fháil le chéile.'*

233. I bhfianaise ó bhéal, ar an 25 Eanáir 2021, dúirt an tUasal Dalton Tattan, nuair a fiafraíodh de an bhfuil aon tairbhe ag baint le scaradh na hardteistiméireachta ó iontráil go tríú leibhéal '*is dócha go bhfuil, agus sílim go bhfuil an Teachta [an tUasal Jim O'Callaghan, TD] tar éis cuid de na hargóintí sin a lua. Tá argóintí an dá bhealach ar an gceann seo. Ar thaobh amháin, tá áisiúlacht ollmhór ag baint le sraith shimplí scrúduithe a bheith agat, ar bealach tríd é chuig rudaí cosúil le hardoideachas más é sin an áit ar mhaith le duine a bheith. Is léir nach é sin an ardteistiméireacht agus níor cheart féachaint air mar sin. Nílim ag rá go bhfuil an Teachta á rá sin, cé gur pas chuig an ardoideachas é, i ndáiríre, do go leor daoine. Is minic gur san áit sin a chruthaítear an brú. Baineann cuid mhaith den tráchtaireacht leis an mbrú, go háirithe i gcomhthéacs cúrsaí ardéilimh agus sileann sé sin anuas ansin go dtí an ardteistiméireacht agus, dá bhrí sin, go dtí eispéireas na Sraithe Sinsearaí freisin.*

*Ar leibhéal amháin, d'fhéadfá a rá dá mbeimis chun scaradh a dhéanamh gur bealach a bheadh ann leis an gcineál sin brú a mhaolú. Mar sin féin, ní bheinn róchinnte de sin ar chúpla cúis. Ceann acu sin ná, is dócha, más rud é nach raibh sé ann, bheadh rud éigin eile le cur ina ionad ó thaobh iontráil chuig ardoideachas. Cé go gciallaíonn sé sin gurb é sin an áit ansin a mbeadh an brúphointe. D'fhéadfadh an scéal sin a bheith níos measa do scoláirí ar go leor bealaí mar gheall mura mbeimis chun fáil réidh leis an ardteistiméireacht, bheadh ardteistiméireacht acu ach b'fhéidir nach mbeadh an oiread sin measa uirthi*

*is atá faoi láthair agus go mbreathnófaí uirthi díreach mar rud gur gá a dhéanamh. I ndáiríre, áfach, is é an fócas, más mian le duine dul ar aghaidh chuig an ardoideachas, ná pé próiseas atá ann.*

*Suimiúil go leor, tá roinnt tíortha, go háirithe na Stáit Aontaithe, ag ceistiú a gcórais reatha iontrála go mór. Mar sin, tá rudaí cosúil leis na tástálacha measúnachta caighdeánacha, na SATs, a measadh gur modhanna seanbhunaithe iontrála iad sna Stáit Aontaithe, á gceistiú ar bhealach i bhfad níos dáiríre anois.*

*B'fhéidir go bhfuil rud éigin ansin. I mo thuairimse, b'fhéidir, trí an comhtháthú a choinneáil ann. An bhfuil bealach ann go bhféadfaimis é a dhéanamh níos iomlánaíche? Ar cheart go mbeadh an measúnú deiridh a fhaigheann duine ag deireadh eispéireas na Sraithe Sinsearaí chomh cúng le sraith grád i sraith ábhar nó an bhféadfaimis é a dhéanamh níos leithne ná sin? B'fhéidir go dtabharfadh rudaí cosúil leis an idirbhliain deiseanna timpeall air sin, rud a chabhródh lena leathnú amach b'fhéidir agus go mbeadh níos mó ná sraith marcanna i gceist.'*

234. Ina aighneacht, nótáil Aontas nach mór breathnú ar athrú a dhéanamh ar *'scóráil Scéim na Nasc Ardoideachais maidir le dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna chun rochtain a fháil ar ardoideachas. Níl an t-ualú céanna i gcáilíochtaí Leibhéal 5/6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta agus atá san Ardteistiméireacht. Is ionann uasmhéid 120 creidiúint do na dámhachtainí seo agus 390 pointe. Caithfear é sin a chur ina cheart chun go mbeidh sé cóir.'*

235. Ina aighneacht, dúirt Coláiste Náisiúnta na hÉireann *'I mí na Samhna 2018, d'fhógair an Taoiseach, an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe seoladh an Tionscnaimh Scoile P-TECH do thrí scoil i Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Is oiriúnú é an tionscadal ar P-Tech (Pathways in Technology), samhail nuálach de chomhoibriú oideachais-tionscail a d'fhorbair IBM agus oideachasóirí áitiúla den chéad uair in 2011 i Stáit Aontaithe Mheiriceá.*

*In Éirinn, is comhoibriú é P-Tech idir na scoileanna (Scoil Iósaif, Coláiste Marino agus Coláiste Pobail Lorcáin), comhpháirtithe gnó (IBM, Cisco, Virgin Media, Uisce Éireann, Irish Life), Coláiste Náisiúnta na hÉireann agus an Roinn Oideachais agus Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Is é aidhm P-Tech clár oideachais nuálach atá an-ábhartha a chur ar fáil do scoláirí iar-bhunscoile i gceantar Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath a chuireann ar a gcumas creidiúintí tríú leibhéal a thuilleamh.*

*Is tréimhse ríthábhachtach is ea aistrithe idir gach leibhéal oideachais do scoláire agus leagann tionscnamh ar nós P-Tech béim ar an gcaoi ar féidir leis an t-aistriú don scoláire idir oideachas dara leibhéal agus 1) saol na hoibre 2) breisoideachas nó 3) ardoideachas a éascú.'*

## MOLTAÍ:

29. Ba chóir don Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *Tascfhórsa ar Áit a Bhaint Amach san Ardoideachas* a bhunú chun féachaint ar na riachtanais leibhéil iontrála chuig oideachas tríú leibhéal amach anseo. Ba chóir an Lár-Oifig Iontrála a bheith mar chuid lárnach den Tascfhórsa agus ba chóir údarás a thabhairt di chun féachaint ar Chóras na Lár-Oifige Iontrála a athchóiriú chun freastal ar athruithe amach anseo. Ba chóir don Tascfhórsa breithniú a dhéanamh, mar thosaíocht phráinneach, ar a indéanta a bheadh sé Riachtanais Iontrála Ardleibhéil a scaradh ón tSraith Shinsearach.

30. Ba chóir don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta dul i dteagmháil le Cumann Ollscoileanna Éireann, Cumann Ard-Ollscoileanna Teicneolaíochta agus Cumann na gColáistí Ardoideachais d'fhonn líon na gcúrsaí fochéime a laghdú agus líon na sainchúrsaí iarchéime agus na n-áiteanna i gcúrsaí iarchéime atá ann cheana féin a mhéadú agus cúrsaí iarchéime nua a fhorbairt.

31. Ba chóir do Churaclam na Sraithe Sinsearaí scoláirí a ullmhú do Phrintíseachtaí, don Bhreisoideachas agus do dhul isteach san Ionad Oibre, mar phríomhthosaíocht náisiúnta, agus ról lárnach a bheith ag Comhairleoirí Gairmthreorach maidir leis na roghanna seo a chur in iúl do scoláirí.

32. Ba chóir do na hAirí Oideachais agus Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta *Comhfheachtas Cumarsáide Printíseachta* a fhorbairt agus ar féidir a rolladh amach i ngach Meánscoil. Ba chóir go n-úsáidfeadh an feachtas, *inter alia*, na meáin shóisialta chun eolas a thabhairt do scoláirí faoi phrintíseachtaí ceirde agus printíseachtaí glúin nua agus faoi ghairmeacha amach anseo.

*33.* Ba chóir do na hAirí Oideachais agus Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Comhphlean/Comhchiorclán a dhréachtú a thacaíonn le Scoileanna *Laethanta Eolais Printíseachta* a eagrú ina dtugann Coláistí, printísigh cheirde agus printísigh ghlúine nua agus ceardaithe cáilithe cuairt ar an scoil agus ina labhraíonn siad leis na scoláirí faoi oideachas printíseachta, cosáin dul chun cinn agus gairmeacha amach anseo. Ba chóir Cigireachtaí ar an Scoil Uile a úsáid chun dul chun cinn scoileanna a rianú maidir le printíseachtaí a chur chun cinn agus Laethanta Eolais a eagrú agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna nach bhfuil rannpháirteach.

## CAIBIDIL 7 FIANAISE AGUS DEA-CHLEACHTAS IDIRNÁISIÚNTA

236. Bhí tuairim i roinnt aighneachtaí go ndíríonn an Ardteistiméireacht ar an taobh acadúil den oideachas amháin agus go dtugann sí neamhaird ar chur chuige iomlánaíoch i leith an oideachais.

237. Dúradh in Aighneacht ADIBÉ *'sa Ríocht Aontaithe, ní mór do scoláirí a dhéanann iarratas ar choláiste trí UCAS, ráiteas pearsanta a scríobh agus dul faoi agallamh freisin.* Moltar d'iarrthóirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí seach-churaclaim amhail taithí oibre a fháil sa réimse ábhartha, taighde a dhéanamh roimh ré faoin gcúrsa, agus obair dheonach a dhéanamh le heagraíocht leasa.' Meastar 'nach bhfuil a leithéid de dhreasacht ann do scoláirí dara leibhéal na hÉireann an rud céanna a dhéanamh. Luadh an éagsúlacht mhór ábhar atá ar fáil do scoláirí atá ag déanamh staidéar ar scrúduithe A-Level, e.g. coireolaíocht agus síceolaíocht.'

238. Thagair roinnt aighneachtaí don Baccalaureate Idirnáisiúnta. Chomh maith le measúnachtaí seachtracha, tairgeann an Baccalaureate Idirnáisiúnta próiseas measúnachta inmheánach múinteoir-bhunaithe ina ndéantar measúnacht chomh maith ar obair ó bhéal i dteangacha, obair allamuigh sa tíreolaíocht, obair saotharlainne sna heolaíochtaí, imscrúduithe sa mhatamaitic agus taibhithe ealaíne.

239. Ina haighneacht, dúirt an Dr Áine Hyland '*Maidir le "Réimsí Príomhábhar", is sampla maith é an Baccalaureate Idirnáisiúnta den dóigh a bhféadfaí an tsraith shinsearach a struchtúrú. Ag leibhéal Dioplóma an* Baccalaureate Idirnáisiúnta *(15 go 18 mbliana d'aois) tógann scoláirí roinnt ábhar ag an ardleibhéal (AL) agus roinnt ábhar ag an ngnáthleibhéal (GL) – trí cinn ag gach leibhéal de ghnáth. Tá difríochtaí idir raon feidhme na gcúrsaí AL agus GL agus táthar ag súil go léireoidh na scoláirí go bhfuil níos mó eolais, tuisceana agus scileanna acu ag an ardleibhéal. Éilítear orthu freisin staidéar a dhéanamh ar Theoiric an Eolais agus aiste fhada (atá cosúil le miontráchtas) a chur isteach ar ábhar éigin a bhfuil spéis ar leith acu ann. Is meascán de mheasúnacht inmheánach é an measúnú (a mhodhnaítear chun*

*comhsheasmhacht caighdeán a chinntiú) agus measúnacht sheachtrach le 50% ar a laghad de na measúnachtaí curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana deiridh.'*


Leathanach 101

240. I bhfianaise ó bhéal, ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, nótáil an tOllamh Diarmuid Hegarty *'go dteastaíonn na scileanna ó scoláirí le go n-éireoidh leo, le go mbeidh siad ina saoránaigh dhomhanda agus náisiúnta agus le go mbeidh siad aclaí le hathrú. Ba chóir do churaclaim nua díriú ní hamháin ar eolas ach ar na scileanna, na luachanna, na dearcthaí agus an fheasacht idirphearsanta atá riachtanach sa 21ú haois.'*

241. Ina aighneacht, mhol Ógtheagmháil go ndéanfaí scrúdú ar *'mhúnlaí eiseamláireacha idirnáisiúnta ó thíortha amhail an Ostair, an Ghearmáin agus an Fhionlainn. Tá samhlacha measúnachta forbartha ag na tíortha seo atá ag teacht le hathruithe domhanda.* Tá córas comhtháite gairmoideachais agus gairmoiliúna forbartha acu ina gcomhthéacsanna faoi seach trí chur chuige measúnachta a chur i bhfeidhm a chomhcheanglaíonn eolas acadúil le scileanna idirphearsanta agus obair chúrsa phraiticiúil (Räköläinen, 2011). Ba chóir an mheasúnacht a fhrámáil laistigh de struchtúir thacúla, fhreagrúla a thugann cumhacht do dhaoine aonair, do phobail, agus dá réir sin, don tsochaí. Ba chóir go léireodh modhanna malartacha de tháscairí feidhmíochta taispeána agus measúnachta scileanna na hamanna dúshlánacha a bhfuil tionchar acu ar oideachas ar fud an domhain, amhail an gá le cianfhoghlaim a thagann as géarchéimeanna gan choinne ar nós COVID-19.'

242. Ina aighneacht, dúirt Cumann Ollscoileanna Éireann '*go bhfaigheann gach scoláire a théann faoi scrúdú in ábhar amháin ar a laghad Ardteistiméireacht, beag beann ar a ngrád deiridh san ábhar sin nó ar a meánghrád thar réimse ábhar. Tá sé seo difriúil ó go leor tíortha san Eoraip, áit a bhfuil leibhéil áirithe gnóthachtála ag teastáil sula mbronntar teastas ar scoláire a thaispeánann go bhfuil oideachas iar-bhunscoile críochnaithe go sásúil acu.'*

# AGUISÍN 1: LIOSTA AIGHNEACHTAÍ

Is féidir aighneachtaí a fháil anseo. Fuarthas aighneachtaí ó na grúpaí nó na daoine seo a leanas:

1. An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
2. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
3. An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais)
4. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
5. An Chomhairle um Thaighde in Éirinn
6. An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí
7. An Comhbhord Bainistíochta
8. An Dr Áine Hyland, Ollamh Emeritus, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
9. An Foras Pátrúnachta
10. An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail
11. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)
12. An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
13. An Roinn Oideachais
14. An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí
15. An Taisce
16. An Tionól Saoránach um Oideachas
17. An tOllamh Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin, Scoil an Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
18. An tOllamh Diarmuid A. Hegarty, Uachtarán, Coláiste Uí Ghríofa
19. An tOllamh Jim Gleeson, Ollamh Taca le hOideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
20. An tOllamh Michael O'Leary, Ionad Taighde Measúnachta, Beartais agus Cleachtais san Oideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
21. An tOllamh Pádraig Ó Duibhir, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair BÁC
22. An tOllamh Sylvia Draper, Déan Dhámh ETIM, Dámh na hEolaíochta, na Teicneolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Matamaitice, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
23. An tOllamh Tom Collins, Iar-Ollamh le hOideachas, Ollscoil Mhá Nuad agus iar-Chathaoirleach, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
24. An tUasal Hugh Ahern, Scoláire, Acadamh Phádraig, Mala, Corcaigh
25. An tÚdarás um Ard-Oideachas
26. Aontas
27. Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ADIBÉ)
28. Aontas na Mac Léinn in Éirinn
29. AsIAm

30. Barnardos
31. Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
32. Citywise Education
33. Clár na Brataí Buí
34. Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS)
35. Coláiste Ealaíne Bhoirne
36. Coláiste Náisiúnta na hÉireann
37. Comhdháil na gCeardchumann
38. Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann
39. Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
40. Conradh na Gaeilge
41. Cork Life Centre
42. Cumann Disléicse na hÉireann
43. Cumann Foilsitheoirí Oideachais na hÉireann
44. Cumann Múinteoirí Eolaíochta Talmhaíochta na hÉireann
45. Cumann Múinteoirí Éireann
46. Cumann na gColáistí Ardoideachais
47. Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
48. Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire
49. Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha
50. Cumann Ollscoileanna Éireann
51. Cumann Tuismitheoirí na Meánscoileanna Caitliceacha
52. Cuntasóirí Cairte na hÉireann
53. Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
54. Drinkaware
55. Eol Oidí na hÉireann
56. Fondúireacht Eolaíochta Éireann
57. Foróige
58. Gael Linn
59. Gaeloideachas
60. Gaisce
61. Gambling with Lives
62. Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
63. Grúpa Leabharlann Scoile Chumann Leabharlann na hÉireann
64. Institiúid na dTreoirchomhairleoirí
65. Ionchuimsiú Éireann
66. Jigsaw
67. Líonra Oideachas Baile na hÉireann
68. Localise Youth Volunteering
69. Ógtheagmháil Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann

70. Oifig an Ombudsman do Leanaí
71. Rethink Ireland
72. SOLAS
73. Tuismitheoirí na Gaeltachta

# AGUISÍN 2: RANNPHÁIRTÍOCHT LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Ar an 28 Meán Fómhair 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal John Curtis, Ard-Rúnaí, Comhbhoird Bhainistíochta; an tUasal John Irwin, Ard-Rúnaí, Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha; an tUasal Paddy Flood, Stiúrthóir Scoileanna (BOO an Chabháin agus Mhuineacháin), Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus an tUasal Paul Crone, Stiúrthóir, An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 5 Deireadh Fómhair 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal Eamonn Dennehy, Uachtarán, Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire; an tUasal Frank Jones, Ard-Rúnaí, Comhdháil na gCeardchumann; Máirín Ní Chéileachair Uasal, Ard-Rúnaí Cúnta Oideachais, Taighde agus Foghlama, Cumann Múinteoirí Éireann; Emer Neville Uasal, Uachtarán, Aontas Daltaí Iar-Bhunscoile na hÉireann (ADIBÉ); an tUasal Michael Gillespie, Ard-Rúnaí, Aontas Múinteoirí Éireann agus Clare Austick, Uachtarán, Aontas na Mac Léinn in Éirinn.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 19 Deireadh Fómhair 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal Jim Miley, Ard-Stiúrthóir, Cumann Ollscoileanna Éireann; an Dr Jospeh Ryan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an tÚdarás um Ard-Oideachas Teicneolaíochta; an tOllamh Diarmuid Hegarty, Cathaoirleach, Cumann na gColáistí Ardoideachais agus an tUasal Ken Whyte, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, BOO Phort Láirge agus Loch Garman, Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 2 Samhain 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal Simon Harris TD, an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta; an Dr John O'Connor, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann; an tUasal Tim Conlon, Ceannasaí Polasaí agus Pleanála Straitéisí, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus an tUasal Andrew Brownlee, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 9 Samhain 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Dr. Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí; Suzanne Connolly Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Barnardos; Tanya Ward Uasal, Príomhfheidhmeannach, Comhghuaillíocht um Chearta Leanaí; Beatrice Dooley Uasal, Uachtarán, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí; Mai Fanning Uasal, Uachtarán, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí Iarbhunscoileanna agus Daire Hennessy Uasal, Cathaoirleach Choiste Stiúrtha na hÓige ag Citywise Education.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 16 Samhain 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Ollamh Anne Looney, Déan Feidhmiúcháin, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; leis an Ollamh Michael O'Leary, Cathaoirleach Prometric sa Mheasúnú, Stiúrthóir an Ionaid um Thaighde Measúnaithe, Beartas agus Cleachtas san Oideachas, Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; leis an Ollamh Jim Gleeson, Ollamh Taca, Scoil an Bheartais agus an Chleachtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath; leis an Dr Áine Hyland, Ollamh Emeritus san Oideachas, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; leis an Ollamh Tom Collins, iar-Uachtarán agus Ollamh Emeritus san Oideachas, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus leis an Ollamh Gordon Stobard, Ollamh Emeritus san Oideachas, Coláiste na hOllscoile, Londain.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 23 Samhain 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal Pádraig Ó Beaglaoich, Oifigeach Oideachais Iar-bhunscoile, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG); le Sorcha Ní Chéilleachair, Ceannasaí, Tuismitheoirí na Gaeltachta; leis an Uasal Caoimhín Ó hEaghra, An tArd-Rúnaí, An Foras Pátrúnachta; leis an Uasal Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí, Conradh na Gaeilge agus le Fíona Uí Uiginn Uasal, Gaeloideachas.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 30 Samhain 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Dr. Emer Smyth, Ollamh Taighde leis an Rannán Taighde Sóisialta, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Ag Fás aníos in Éirinn; an Dr. Ruth Freeman, Stiúrthóir Eolaíochta don tSochaí, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; Meadhbh Costello Uasal, Feidhmeannach Polasaí Sóisialta, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; an tUasal Neil McDonnell, Príomhfheidhmeannach, Comhlachtas Gnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann agus an tUasal Tony Donohoe, Cathaoirleach, An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 7 Nollaig 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna le hOifigigh na Roinne Oideachais.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 7 Nollaig 2021, thionóil an Coiste comhchainteanna leis an Uasal Ryan Sharpe, scoláire sa 6ú bliain, Cork Life Centre; Amber Sheridan O'Callaghan Uasal, Iar-Scoláire, Cork Life Centre agus an tUasal Hugh Ahern, Scoláire, Acadamh Phádraig, Mala, Contae Chorcaí.

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

Ar an 26ú Aibreán 2022, thionóil an Coiste comhchainteanna le hOifigigh ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC).

Is féidir teacht ar an díospóireacht anseo

**Tithe an Oireachtais**
Teach Laighean,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2
D02 XR20

*www.oireachtas.ie*
Teil: +353 (0)1 6183000 nó 076 1001700
Twitter: @ OireachtasNews

**Ceangail linn**

**Íoslódáil ár nAip**

Download on the App Store
GET IT ON Google Play